

10

Banc Ceannais Tuarascáil Bhliantúil



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Litir Chuig An Aire

20 Bealtaine 2011

A Aire, a chara,

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942, ceanglaítear ar Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc) tuarascáil a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais.

Áirítear freisin sa Tuarascáil Bhliantúil na Tuarascálacha Bliantúla a cheanglaítear faoin Acht um Iontaobhais Aonad, 1990, faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, faoi na Rialacháin Réamheolaire 2005 agus na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh 2005.

Is onóir dom é Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla an Bhainc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010 a iamh leis seo.

Is mise le meas



Patrick Honohan
Gobharnóir

Clár Ábhair


Cuid 1

Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann	3
Lucht Bainistíochta	4
Cairt Eagraíochta	5
Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra	7
2010: Sracfhéachaint ar an mBanc	10
2011: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar	11
Liosta na nGiorrúchán Coitianta	12
Caibidil 1: Príomhghníomhaíocháí agus Forbairtí 2010	14
Caibidil 2: Rialachas	67

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais	76
Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010	80

Cuid 1



Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann

amhail ar an 30 Aibreán 2011



**Patrick Honohan,
an Gobharnóir***



**Tony Grimes,
Leas-Ghobharnóir
(Baincéireacht
Cheannais)***



**Matthew Elderfield,
Leas-Ghobharnóir
(Rialáil Airgeadais)***



Kevin Cardiff*



John FitzGerald



Blanaid Clarke



Max Watson



Des Geraghty



Michael Soden



Alan Ahearne



**Neil Whoriskey,
(An Rúnaí)**

* Comhaltai ex-officio


Lucht Bainistíochta

amhail ar an 20 Bealtaine 2011

	Stiúrthóireacht	Feidhm	An Ceannasaí Rannóige
Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)			
Tony Grimes		Rialú Airgeadais Ardrúnaíocht Iniúchóireacht Inmheánach Dlí Riosca Eagraíochtúil Eisiúint Airgeadra Táirgeadh Airgeadra Comhairleoir don Ghobharnóir	Dermot Maher Neil Whoriskey Patrick Treanor Joseph Gavin AnneMarie McKiernan Daragh Cronin Harry Murphy Frank Browne
Stiúrthóir			
Mary O'Dea	Oibríochtaí Airgeadais	Margaí Airgeadais Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús	Michael Maher Paul Molumby
Stiúrthóir			
Maurice McGuire	Beartas Eacnamaíoch & Cobhsaíocht Airgeadais	Anailís & Taighde Eacnamaíoch Cobhsaíocht Airgeadais Beartas Airgeadaíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta Staidreamh Comhairleoir Speisialta maidir le Tionscadail Eacnamaíocha	John Flynn Folúntas* Mark Cassidy Joe McNeill Peter Charleton
Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)			
Matthew Elderfield			
Stiúrthóir			
Folúntas*	Maoirseacht ar Árachas	Maoirseacht ar Árachas Miondíola Maoirseacht ar Árachas Mórdíola	Fiona McMahon Colette Drinan
Jonathan McMahon	Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa	Maoirseacht ar Bhainc Mhiondíola & Mhórdíola Anailís & Réiteach Stuamachta Clárúitheoir na gComhar Creidmheasa	Shane O'Neill Folúntas* James O'Brien
Stiúrthóir			
Gareth Murphy	Margaí	Údarú agus Maoirseacht Cistí Maoirseacht ar Sholáthraithe Seirbhíse Infheistíochta Maoirseacht ar Mhargaí agus ar Stocbhróicéirí Airgeadas Corparáideach	Patricia Moloney George Treacy Martin Moloney Folúntas*
Stiúrthóir			
Patrick Brady	Policy and Risk	Beartas Stuamachta Rialachas agus Beartas Cuntasaíochta Riosca	Mary Burke Michael Deasy William Mason
Stiúrthóir			
Bernard Sheridan	Na Cóid um Chosaint Tomhaltóirí	Na Cóid um Chosaint Tomhaltóirí – Beartas Baincéireachta agus Riosca Árachas Cosanta Tomhaltóirí, Infheistíocht agus Idirghabhálaithe	Sharon Donnery Folúntas*
Stiúrthóir			
Peter Oakes	Forfheidhmiú	Forfheidhmiú I Forfheidhmiú II	Derville Rowland Hilary Griffey
Príomhoifigeach Oibríochtaí			
Gerry Quinn	Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise Oibríochtaí	Córais Faisnéise Seirbhísí Corparáideacha Idirbhearta Rialála	Michael Power Michael Enright Folúntas*
Stiúrthóir			
Liz Joyce	Acmhainní Daonna	Acmhainní Daonna	Lucy O'Donoghue

* Bíonn an próiseas earcaíochta chun folúntais bhainistíochta a líonadh ar siúl go leanúnach

Cairt Eagraíochta





Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra

B'éigean don Bhanc Ceannais (an Banc) dul i ngleic le mórdhúshláin i réimsí éagsúla le linn 2010. Ba é an príomhspreagadh an gá a bhí le cobhsaíocht a chur ar bun arís i gcóras baincéireachta na hÉireann trí na mórchailteanais a tabhaíodh ar iasachtaí sa bholgán tithíochta a shainaithint agus trí sholáthar a dhéanamh ina leith. I gcomhthéacs éiginnteachta idirnáisiúnta treisithe i dtíortha éagsúla sa limistéar euro, rinne an Banc obair chun taca a chur faoi athbhunú na muiníne i gcóras airgeadais na hÉireann agus sna hionchais do gheilleagar na hÉireann i gcoitinne. Le linn bliana ina bhfacthas neart gníomhaíochta deimhní, cuireadh gach gníomh i gcrích ní hamháin chun cur leis an dóchúlacht go mbeidh toradh fabhrach ann ar deireadh don gheilleagar i gcoitinne ach chun rioscaí ar an taobh thíos a íoslaghdú freisin.

Bhí an Banc ag gníomhú go láidir le linn 2010 agus sna míonna tosaigh de 2011 chun an téarnamh a chur chun cinn. Lean sé de bheith ag obair i gcomhar leis an BCE chun a áirithiú gur cuireadh an leachtacht riachtanach ar fáil lena n-éascófar don earnáil baincéireachta leanúint de bheith ag feidhmiú, in Éirinn – agus ar fud an limistéir euro – d'ainneoin na treochta neamhfhabhraí i meon an mhargaidh i leith na hÉireann, ar treocht í a tháinig chun cinn arís ag deireadh mhí Aibreáin 2010 mar a léiríodh in íosghrádú leanúnach rátála.

Tá riachtanais chaipitil is déine socraithe ag an mBanc, ar bhonn bailiú is mine faisnéise agus anailísiú is déine phunann iasachta lagaithe agus staid airgeadais na mbanc, chun a áirithiú go bhfuil na bainc sách láidir chun cailteanais amach anseo a sheasamh. Tá bearta nua maidir le cosaint tomhaltóirí tugtha isteach aige, ní hamháin i réimse na riaráistí morgáiste. Tá caighdeán nua maidir le rialachas corparáideach tugtha isteach aige freisin agus tá tús curtha aige le clár chun maoirseacht agus forfheidhmiú a fheabhsú, lena n-áirítear creat

nua measúnúcháin bunaithe ar riosca a thabhairt isteach. Rinneadh é seo ar fad i gcomhthéacs athchóirithe shuntasaigh rialála agus institiúidigh.

Lean an Banc de chomhairle beartais a thabhairt don Rialtas maidir le saincheisteanna náisiúnta eacnamaíocha, agus dá thuairimí a chur in iúl maidir le dálaí eacnamaíocha reatha agus maidir le roghanna beartais. Ó tharla gur cuireadh srian leis an rochtain a bhí ag an Rialtas ar mhaoiniúchán margaidh, rud a raibh éifeachtaí iarmharta aige ar an gcóras baincéireachta, ní raibh leisce ar bith ar an mBanc a mholadh go ndéanfaí iarratas mear ar chúnamh chuig saoráidí cúnamh airgeadais an AE agus an CAI ar mhaithe le cosc a chur leis an meathlúchán ar bharúlacha margaidh i leith ionchais eacnamaíocha na tíre a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'Éirinn.

Le Clár Cúnamh AE-CAI a comhaontaíodh i dtreo dheireadh na bliana, leagtar amach gnéithe tábhachtacha den chreat maidir le beartas eacnamaíoch agus airgeadaí do na blianta atá le teacht. Leis an gClár sin, tugtar deis don Rialtas a léiriú gur féidir leis cloí le straitéis fhioscach chóineasaithe agus, ar an gcaoi sin, athbhunófar muinín an mhargaidh. Trí thacú leis an gClár, tá sé léirithe ag na húdaráis idirnáisiúnta go bhfuil muinín acu i gcumas na hÉireann a dinimic fiachais a thabhairt faoi smacht.

Formhuinítear an cur chuige beartais foriomlán maidir baincéireacht i gClár AE-CAI, fad a éilítear ann cur chun feidhme is tapúla agus is leithne don straitéis sin. Tá trí ghné i gceist leis sin. Ar an gcéad dul síos, is gá an córas baincéireachta a laghdú ó thaobh méide agus a atheagrú. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo cheana féin sa mhéid go bhfuil na bainc sin nach bhfuil inmharthana a thuilleadh á dtabhairt chun críche agus go bhfuil a gcuid tascí á n-aistriú chuig bainc eile. Ar an dara dul síos, tá

instealladh caipitil á dhéanamh chun go mbainfí amach na caighdeáin ardaíthe, nua chaipitil. Bhí na hAthbhreithnithe ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil agus Leachtachta a foilsíodh níos luaithe i mbliana bunaithe ar thástálacha trédhearcacha struis arna mbailíochtú go seachtrach. Ba cheart go n-áiritheofaí leo go bhfuil an próiseas chun córas baincéireachta is lú, dea-chaipitilíthe a atógáil faoi lán seoil. Ar an trídú dul síos, táthar ag dul i ngleic leis na laigí institiúideacha a tháinig chun solais le linn na géarchéime baincéireachta.

Cheana féin, tá cumas agus acmhainní an Bhainc á neartú aige féin. Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, bunaíodh institiúid aonadach nua a bheadh freagrach as baincéireacht cheannais agus rialáil airgeadais araon. Tá sí seo faoi rialú boird nua aonair – Coimisiún an Bhainc Ceannais – a tháinig i bhfeidhm ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2010. Rinneadh neart athchóirithe struchtúracha eile i dtéarmaí eagrú an Bhainc le bliain anuas, lena n-áirítear neartú suntasach na bhfeidhmeanna maoirseachta agus forfheidhmiúcháin. Déanfar athchóiriú breise trí bhíthin reachtaíochta le linn na bliana atá romhainn.

Leagtar amach príomhchuspóirí uile na heagraíochta i bPlean Straitéiseach trí bliana de chuid an Bhainc a foilsíodh i mí Iúil 2010. Cuimsítear ann an múnla nua rialála mar aon leis na príomhfeidhmeanna eile go léir a chuirtear i gcrích i ndáil le gníomhaíochtaí an gheilleagair intíre agus idirnáisiúnta araon, ní hamhain mar chuid den Eurochóras. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ghabhann leis an tuarascáil seo agus a fhoilsítear don chéad uair i mbliana, leagtar amach an chaoi inar chomhlíon an Banc na cuspóirí sin agus an chaoi inar chuir sé na feidhmeanna sin i gcrích don bhliain atá thart.


Maidir leis na cuntais airgeadais, b'ionann agus €840.9 milliún brabús an Bhainc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010. Tar éis tuilleamh coimeádta a chur san áireamh, íocfar ioncam barrachais €671 milliún leis an Státchiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine sin go léir a ghlac páirt san obair shuntasach a bhí idir lámha ag an mBanc le bliain anuas. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair mhór chun leasa na heagraíochta a rinne an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais, Tony Grimes, a bheidh ag dul ar scor go luath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hiar-chomhaltaí an Bhoird agus le comhaltaí an Choimisiúin as a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann as an obair chrua atá déanta acu agus as a dtiomantas don eagraíocht sa tréimhse dhúshlánach seo.


**Patrick Honohan
an Ghobharnóir**

Sracfhéachaint ar 2010




2010: Sracfhéachaint ar an mBanc

Barrachas Brabúis Íoctha leis an Stáitchiste




Tháinig laghdú ar an mbarrachas ioncaim a íocadh leis an Stáitchiste go dtí €671.0 milliún

Sócmhainní Iomlána




Tháinig méadú ar na sócmhainní iomlána go dtí €204.5 billiún

Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte




Sheol an Banc tuairim is 169 oibríocht thar ceann an Eurochórais

Eisiúint Nótaí Bainc agus Bonn Airgid



Tháinig laghdú ar líon na nótaí bainc a eisíodh (399 milliún in 2010 ó 412 milliún in 2009) agus tháinig méadú ar líonn na mbonn a eisíodh (176 milliún in 2010 go dtí 112 milliún in 2009)


Líon na Soláthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais



Thit líon na soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais faoi 397 go dtí 14,166


2010: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar

Fíor OTN




Tháinig cúngú ar an ngeilleagar in 2010 sa mhéid gur thit OTN faoi 2.1 faoin gcéad i dtéarmaí réadacha.

Boilsciú (TCPT)




Tháinig méadú 13.6 faoin gcéad ar an ráta dífhostaíochta sa bhliain 2010.

Iarmhéid Ginearálta Rialtais mar % den OTI




B'ionann an t-easnamh Ginearálta Rialtais agus 31.9 faoin gcéad den OTI sa bhliain 2010. Is ionann é sin agus 11.6 faoin gcéad den OTI má chuirtear bearta cúnaimh bainc as an áireamh. Tá na figiúirí seo ag teacht le figiúirí EDP arna bhfoilsíú ag Eurostat an 26 Aibreán 2011.

Ráta Dífhostaíochta




Tháinig méadú 13.6 faoin gcéad ar an ráta dífhostaíochta sa bhliain 2010.

Praghsanna Náisiúnta Tithe



Lean praghsanna náisiúnta tithe de bheith ag titim agus tháinig laghdú 10.8 faoin gcéad bliain-ar-bhliain orthu faoi dheireadh 2010.

Rátaí Athraithe Bliantúla Deireadh Bliana ar ar Iasachtú



Tháinig titim 5.3 faoin gcéad agus 1.8 faoin gcéad ar an iasachtú le Teaghlach in Éirinn agus le Corparáidí Neamhairgeadais (CNAanna) bliain-ar-bhliain faoi dheireadh 2010.

Nóta Eolais: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghdúithe, d'urrúsú, agus d'aistrithe chuig GNBS, etc.

Liosta na nGiorrúchán Coitianta

ÁCÍ	Árachas Cosanta Íocaíochta
AMSC	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil
AMSL	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Leachtachta
BCIM	Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí
BCN	Banc Ceannais Náisiúnta
BERS	An Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach
BLG	Bainistiú Leanúnachais Gnó
BSI	An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta
CBA	An Clár Beart Airgeadais
CBMB	Coiste Basel de Mhaoirseoirí Baincéireachta
CDanna	Conarthaí Difríochta
CDRT	An Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair
CEA	Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais
CEBC	An Córas Eorpach Banc Ceannais
CEL	Cúnamh Eisceachtúla Leachtachta
CIRM	An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste
CMBE	Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha
Cód IPB	An Cód Cleachtais um Iasachtú le Páirtithe Gaolmhara
Cód IR	Cód Iompair Rialachais d'Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais
CST	Ceartha Speisialta Tarraingthe
EacAirg	Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais
EÉSÍ	Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta
EICU	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis
FSA	Frith-Sciúradh Airgid
GBM	Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide
GCUI	Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe
IATSL	Institiúidí Airgeadais a bhfuil Tábhacht Shistéimeach Leo
LAÍE	An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro
LfR	Luach faoi riosca
MBEA	An Meabhrán um Beartais Eacnamaíocha agus Airgeadais
MFS	Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta

MiIA	Margaí in Ionstraimí Airgeadais
MMTI	Meicníocht Malairte do Thuairisciú Idirbheart
OAF	Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach
OSFC	Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC)
PA	Príomhoibríocht Athmhaoinithe
PIMLC	An Próiseas Inmheánach um Measúnú Leordhóthanachta Caipitil
PAMM	An Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta
PRISM	An Córas um Dhóchúlacht, um Riosca agus um Iarmhairt
PRRM	An Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste
RCS	Riachtanas um Chaipiteal Sócmhainneachta
RRS	Réimeas Réitigh Speisialta
RSC	Riachtanas Sócmhainne Cliaint
SBCA	Seirbhís um Chomhairle Bhuiséadach agus Airgid
SCL	Saoráid Chiste Leathnaithe
SÉ	Stocmhalartán na hÉireann
SIB	An Suirbhé um Iasachtú Bainc
SRA	Scéimeanna Ráthaíochta Árachais
SRT	Scéim Ráthaíochta Taiscí
STC	Staidéar ar Iarmhairt Chainníochtúil
TCC	An Treoir um Cheanglais Chaipitil
TSÍ	An Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta
ÚEAPC	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde
ÚEB	An tÚdarás Eorpach Baincéireachta
ÚEM	An tÚdarás Eorpach um Maoirseoireacht
ÚEUM	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí

Caibidil 1:

Príomhghníomhaíochtaí
agus Forbairtí le linn 2010



Achoimre Feidhmiúcháin



Cúlra Reachtúil

Tar éis achtú an Achta um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, atheagraíodh Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) an 1 Deireadh Fómhair 2010 chun eagraíocht aonair a dhéanamh de a bheadh freagrach as baincéireacht cheannais agus rialáil airgeadais araon. Mar chomhalta den Eurochóras, is é príomhchuspóir an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bhun. Is iad seo a leanas cuspóirí reachtúla eile an Bhainc mar a leanar amach san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais iad:

- » Cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin.
- » Rialú ceart, éifeachtach soláthraithe seirbhísí airgeadais agus na margaí airgeadais, agus a chinntiú go gcosnófar leas thomhaltóirí seirbhísí airgeadais.
- » Feidhmiú éifeachtach, críochnúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta.
- » Anailís agus trácht a sholáthar chun tacú le beartas náisiúnta eacnamaíoch a fhorbairt.

Príomh-Shaincheisteanna

Ba í an tosaíocht a bhí ag an mBanc le linn 2010 teacht ar réiteach leanúnach ar an ngéarchéim airgeadais. Leis an obair seo, áiríodh soláthar substaintiúil leachtachta chun tacú leis an gcóras baincéireachta, tacú le hathchaipitliú agus le hathstruchtúrú na bpríomhinstitiúidí creidmheasa intíre, tús a chur le hathchóiriú suntasach rialála agus tionscnaimh nua a sheoladh chun tomhaltóirí a chosaint.

Mar chuid den phróiseas i gcoitinne chun an geilleagar a chur ar ais ar bhonn inmharthana, aontaíodh pacáiste cuimsitheach seachtrach de chúnamh airgeadais d'Éirinn leis an Aontas Eorpach-Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (AE-CAI), i mí na Samhna 2010, don tréimhse 2010-2013. Shínigh an tAire Airgeadais agus Gobharnóir an Bhainc an Meabhrán Tuisceana (MT) tosaigh agus an Meabhráin um Beartais Eacnamaíochta agus Airgeadais (MBEA) idir Éire agus an AE-CAI i mí na Nollag 2010, agus aontaíodh cáipéisí leasaithe i mí Bealtaine 2011.

Ar leibhéal an Eurochórais, choinnigh Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) príomhrátaí úis ag leibhéal ísle le linn 2010 i bhfianaise na mbrúnna maolaithe boilscithe agus an téarnaimh mheasartha eacnamaíoch sa limistéar euro. Chomh maith leis sin, lean an BCE agus an tEurochóras de bhearta áirithe um beartais neamhchaighdeánacha airgeadaíochta a chur chun feidhme mar fhreagairt ar an mór-chur isteach ar mhargaí domhanda airgeadais.

Atheagrú Baincéireachta

I mí an Mhárta 2010, rinne an Banc measúnú ar riachtanais chaipitil in mbanc indibhidiúil a bhí clúdaithe ag Rátháíocht an Rialtais leis an bhfoilseachán - Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil (AMSC 2010). San athbhreithniú, rinneadh measúnú ar an athchaipitliú ba ghá chun freastal ar chás bunaidh agus ar riachtanas sprioc-chaipitil in imthosca struis thar thréimhse trí bliana. Rinneadh measúnú comhchosúil i mí an Mhárta 2011 agus cuireadh san áireamh go hiomlán na forbairtí neamhfhabracha éagsúla a tháinig chun cinn le linn 2010 ó rinneadh an chéad AMSC. Orthu seo, áirítear ciarruithe is mó ná mar atá tuartha maidir le hiasachtaí a bhaineann le maoin arna n-aistriú chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus teacht chun cinn géarchéime fiachais cheannasaigh.

Ag eascairt ó na cúiseanna imní leanúnacha san earnáil bhaincéireachta a bhaineann le cáilíocht íseal sócmhainní, le deacrachtaí dianseasmhacha maoiniúcháin agus réiteach fadréiseach Bhanc Angla-Éireannach, áiríodh i gclár AE-CAI roinnt eilimintí chun dul i ngleic le hathstruchtúrú na hearnála baincéireachta. Orthu seo, áirítear caighdeán níos airde caipitil a shocrú, laghdú méide agus atheagrú an chórais baincéireachta agus feabhas a chur ar an gcreat rialála.

Tacaíocht Leachtachta

Lean an Banc, thar ceann an Eurochórais, de thacaíocht shubstantiúil leachtachta a chur ar fáil do chóras baincéireachta na hÉireann le linn 2010. Chomh maith leis sin, chuir an Banc Cúnamh Eisceachtúil Leachtachta (CEL) ar fáil, a measadh a bheith riachtanach don chobhsaíocht airgeadais. B'ionann agus €132 billiún an t-iasachtú faoi bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a sholáthair an Banc d'institiúidí a bhí lonnaithe in Éirinn i mí na Nollag 2010. B'ionann iomlán an CEL ag deireadh na bliana agus tuairim is €49.5 billiún.

Feabhsúcháin Rialála

Rinneadh an-dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an gcreat rialála le linn 2010. Cuireadh ar bun straitéis Maoirseachta Baincéireachta i mí an Mheithimh 2010. Chuidigh an Banc leis an Roinn Airgeadais le trasúiomh dhá threoir maidir le riachtanais chaipitil, rud a chuir feabhas ar an gcreat rialála do bhainc. Chomh maith leis sin, chuir an Banc ar bun ceanglais nua maidir le rialachas corparáideach do bhainc agus d'árachóirí agus rialacha d'iasachtú páirtithe gaolmhara. Rinneadh dul chun cinn freisin i roinnt réimsí eile, lena n-áirítear ullmhúcháin don chóras maoirseachta nua árachais Sócmhainneacht AE II, daingniú ar an gcreat oiriúnachta agus ionracais, leachtú ar an Rialachán Réamheolaire agus an Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh le Stocmhalartán na hÉireann, obair a thosú ar an athbhreithniú ar earnáil na gcomhar creidmheasa agus forbairt ar an tsamhail riosca inmheánach chun acmhainní maoirseachta a leithdháileadh. Shocraigh an Banc freisin íoscheanglas reachtúil leachtachta do gach comhar creidmheasa.

I mí na Nollag 2010, d'fhoilsigh an Banc a Straitéis Forfheidhmiúcháin. Ar na príomhghnéithe dá chur chuige nua, tá cur i bhfeidhm fuinniúil na hiarrachta forfheidhmiúcháin arna thacú le hacmhainní leordhóthanacha chun go mbeidh aon bhagairt caingne increidte.

Tá an Banc freagrach as formhór na soláthraithe seirbhíse airgeadais agus cistí a rialáil. Sa bhliain 2010, laghdaigh líon na ngnólachtaí faoi mhaoirseacht ó 14,563 go dtí 14,166.

Cosaint do Thomhaltóirí

Faoin gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste, chuir an Banc de cheangail ar ghnólachtaí rialáilte go mbeadh orthu fanacht dhá mhí dhéag ar a laghad ó thráth na chéad riaráiste sula bhféadfaidís iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna chun aon chaingean dlí a thionscnaimh chun príomhátreabh an iasachtaí a athshealbhú. I mí na Nollag 2010, leasaigh an Banc an cód i bhfianaise na moltaí a rinne Sainghrúpa an Rialtais ar Riaráistí Morgáiste agus Fiacha Pearsanta. Go háirithe, iarradh ar iasachtóirí gan muirir riaráistí ná ús formhuirir a ghearradh ar iasachtaithe a raibh riaráistí acu ach a bhí ag comhoibriú leis an bPróiseas nua Réitigh do Riaráistí Morgáiste le héifeacht ó mhí Eanáir 2011.

Cobhsaíocht Airgeadais

Rinneadh obair shuntasach le linn na bliana agus lean an Banc de bheith ag cuidiú leis an Rialtas agus de bheith ag soláthar anailíse agus comhairle dó maidir le príomh-shaincheisteanna cobhsaíochta. Ar an leibhéal Eorpach, ghlac an Banc páirt i Líonra Taighde Macra-Stuamachta CEBC atá ceaptha taighde a bheadh dírithe ar bheartas a sholáthar. Lean an Banc freisin de bheith ag cur le forbairt na gcreataí bainistíochta géarchéime ar an leibhéal idirnáisiúnta agus Eorpach, mar ar lean obair i réimsí lena n-áirítear idirghabháil luath, creataí don réiteach géarchéime, agus cistí réitigh.

Beartas Eacnamaíoch agus Staidreamh

Lean an Banc lena ról tábhachtach i dtionchar a imirt ar bheartas eacnamaíoch trína thráchtairreachtaí, a réamhaisnéisí, a thaighde agus soláthar staidreamh airgeadais ar bhonn rialta. Le linn 2010, feabhsaíodh go mór torthaí staidrimh an Bhainc. I mí an Mheithimh seoladh leagan amach nua ar staidrimh mhíosúla airgid agus baincéireachta. Foilsíodh, den chéad uair i mí na Nollag, sraith nua ráithiúil de chreidmheas d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéid (FBManna). Foilsíodh freisin i mí na Nollag sonraí nua maidir le héilimh chomhdhlúite eachtracha na mbanc intíre. Seoladh sraith staidrimh nua Quarterly Financial Accounts for Ireland, sa bhliain 2010 freisin. Cuireadh feabhas ar staidrimh faoi chistí infheistíochta sa bhliain 2010 agus foilsíodh don chéad uair Staidreamh ar Eisiúint Urrús sa bhliain 2010 chomh maith.

Íocaíochtaí agus Airgeadra

Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar íocaíochtaí agus ar shocraíochtaí urrús chun go ndéanfar a sábháilteacht, a n-éifeachtach agus a n-éifeachtúlacht a áirithiú. Sa bhliain 2010, bhí feidhmiú rianúil ag TARGET2, an córas pan-Eorpach chun bonneagar íocaíochta mórdhíola aonchineálacha a sholáthar. Cé gur laghdaigh líon iomlán na n-íocaíochtaí arna bpróiseáil ag córas TARGET2 faoi 0.69% i dtoirt, mhéadaigh an luach faoi 6.79%, i gcomparáid le 2009, agus b'ionann an meánlíon laethúil agus 343,380 idirbheart, agus b'ionann é sin agus meán laethúil €2,299.2 billiún. I mí Iúil 2010, d'fhoilsigh an Banc Tuarascáil Maoirseachta Íocaíochtaí Náisiúnta, lenar cuireadh ar fáil cuntas sonrach ar mhaoirseacht íocaíochtaí agus ar bhonneagar socraíochtaí urrús in Éirinn.

Tá an Banc freagrach as riaradh a dhéanamh ar Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann (SRT) lena gcúiteofaí daoine a bhfuil taiscí acu i gcás ina dteipfeadh ar institiúid chreidmheasa. Sa bhliain 2010, chuir an Banc tionscadal ar bun lena gcinnteofaí íocaíocht ghasta amach. Rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh na próisis a shainiú agus ó thaobh na córais riachtanacha a fhorbairt. Tá an Banc ag obair i gcónaí le hinstitiúidí creidmheasa chun cloí leis an spriodhata nua de 20 lá oibre don íocaíocht amach.

Déanann an Banc nótaí bainc agus boinn airgid a tháirgeadh agus a eisiúint chun freastal ar riachtanais an phobail agus gnóthaí. Cuireadh dóthain nótaí bainc agus bonn airgid ar fáil do bhainc le linn 2010 chun freastal ar a riachtanais. Le linn 2010, cuireadh i gcrích na n-ullmhúchán deiridh le Creat Athchúrsála Nótaí Bainc BCE a chur i bhfeidhm.

Infheistíochtaí

Ag deireadh 2010, cuimsíodh i bpunann infheistíochta an Bhainc sócmhainní arna n-ainmniú in euro arb ionann iad agus €17.7 billiún agus gabháltais dollar SA de choibhéis €0.5 billiún. Is ionann an t-iomlán agus méadú €0.7 billiún ar an mbliain 2009 agus as an méid sin baineann €0.3 billiún le rannpháirtíocht an Bhainc i gClár Ceannacháin Bannaí Clúdaithe BCE lena ndearnadh ceannacháin i mí an Mheithimh, leis an iarmhéid ag teacht ó dhíbhinní agus ó ioncam.

Soláthar Foirne

Faoi dheireadh 2010, bhí 1,226 duine fostaithe ag an mBanc as líon ceadaithe 1,328. B'ionann an líon sin agus méadú 17.4 faoin gcéad ar leibhéal foirne 2009. Tharla an méadú ar an líon foirne mar fhreagairt ar an ngá a bhí ann le hacmhainní breise a sholáthar do mhaoirseacht líne tosaigh, do bheartas agus do réimsí maicreacnamaíocha.

Brabúis

B'ionann brabús an Bhainc don bhliain go dtí 31 Nollaig 2010 agus €840.9 milliún. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar barrachas ioncaim €671 milliún leis an Státchiste.

Réamhrá

Cúlra Reachtúil

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 (an tAcht), a achtaíodh an 1 Deireadh Fómhair 2010. Tháinig Banc Ceannais na hÉireann i gcomharba an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ÚSAÉ) agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ÚRSAÉ). Ina theannta sin, cuireadh Bord amháin, Coimisiún an Bhainc Ceannais, in ionad Bhoird BCÚSAÉ agus ÚRSAÉ. Tá cathaoirleacht an Choimisiúin ag an nGobharnóir agus cuimsíonn sé 3 chomhalta ex-officio (an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais, an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais). Cheap an tAire Airgeadais seisear comhalta eile. Tá tuilleadh sonraí faoi rialachas na heagraíochta le fáil i gCaibidil 2: Rialachas.

Mar chomhalta den Eurochóras, is é príomhchuspóir an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bhun. Mar a leagtar amach san Acht, is iad seo a leanas cuspóirí reachtúla eile an Bhainc:

- » cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin;
- » rialú ceart, éifeachtach na soláthraithe seirbhíse airgeadais agus na margaí airgeadais, agus a chinntiú go gcosnófar leas thomhaltóirí seirbhísí airgeadais;
- » oibriú éifeachtach na gcóras íocaíochta agus glanta; agus
- » anailís agus trácht a chur ar fáil chun tacú le beartas eacnamaíoch náisiúnta a fhorbairt.

Is é Gobharnóir amháin atá freagrach as feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus as feidhmeanna gaolmhara. Tá na hathruithe struchtúracha atá luaite san Acht ceaptha comhoibriú agus comhordú níos fearr a chothú idir maoirseacht stuamachta na n-institiúidí indibhidiúla, tabhairt faoi rialáil gnóthaí agus cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun. Ar leith ó na struchtúir lán-chomhtháite a sholáthar, cuireann an tAcht feabhas ar chuntasacht agus ar mheicníochtaí maoirseachta rialachais an Bhainc agus ar a fheidhmíocht rialála. Faoi fhorálacha an Achta, gheobhaidh Coiste Oireachtais anois Ráiteas bliantúil Feidhmíochta (Rialáil Airgeadais). Foilseofar an chéad cheann de na ráitis sin an 30 Bealtaine 2011. Leis an Acht seo freisin, aistríodh an fhreagracht as eolas do thomhaltóirí agus

oideachas chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, foráiltear do chumhachtaí nua don Bhanc chun oiriúnacht agus ionracas a chinntiú i measc daoine arna n-ainmniú chuig poist thábhachtacha i soláthraithe seirbhíse airgeadais agus i measc príomhshealbhóirí oifige sna soláthraithe sin. Tugadh an chumhacht don Bhanc feidhmeanna a fhorordú, ar feidhmeanna rialaithe a bheidh iontu, agus daoine a chur ar fionraí nó cosc a chur orthu na feidhmeanna sin a chur i ngníomh. Tá de chumhacht ag an mBanc freisin caighdeáin oiriúnachta agus ionracais a eisiúint i ndáil le feidhmeanna rialaithe. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an gceist seo i mí an Mhárta 2011

D'fhoilsigh an Banc a phlean straitéiseach trí bliana (2010 – 2012) i mí Iúil 2010. Aithníodh réiteach na géarchéime baincéireachta mar phríomhdhúshlán don eagraíocht sa Phlean sin. Ar na dúshláin eile a sainaitníodh, áiríodh forbairt agus cur i bhfeidhm samhla nua don rialáil, measúnú níos fearr ar chobhsaíocht airgeadais agus bainistíocht chúramach ar thacaíocht leachtachta.

Pacáiste Cúnaimh Airgeadais AE-CAI

Tar éis iarratas a fháil ó Rialtas na hÉireann, an 21 Samhain 2010, ar chúnamh airgeadais ón AE agus ón CAI, thángthas ar chomhaontú idir na húdaráis an 28 Samhain 2010 maidir le pacáiste cuimsitheach cúnaimh airgeadais d'Éirinn don tréimhse 2010-2013.

Déanfar íocaíochtaí amach ón CAI faoin bpacáiste airgeadais a íoc leis an mBanc ina cháil mar ghníomhaire fioscach na hÉireann. Ansin íocfar na híocaíochtaí seo isteach i gcuntais i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), a fheidhmíonn mar ghníomhaire fiachais don Aire Airgeadais. Is ionann iomlán an phacáiste cúnaimh airgeadais agus €85 billiún, mar atá €45 billiún ag teacht ón Aontas Eorpach agus ó iasachtóirí déthaobhacha Eorpacha, agus €17.5 billiún ó fhoinsí intíre. Tá iasacht CTR 19.5 billiún (tuairim is €22.5 billiún¹) trí bliana curtha ar fáil ag an CAI faoina Shaoráid Chiste Leathnaithe (SCL)².

1 Ráta malartaithe CTR, 24 Samhain 2010: CTR 1 = €1.15544. Féach www.imf.org le haghaidh tuilleadh sonraí.

2 Bunaíodh an tSaoráid Chiste Leathnaithe sa bhliain 1974 chun cuidiú le tíortha dul i ngleic le comhardú na n-íocaíochtaí níos fadtéarmaí a raibh athchóirithe bunúsacha eacnamaíocha ag teastáil ina leith. Mar sin tá na socruithe faoi SCL níos faide ná faoi shocruithe Cistí eile.

Shínigh an tAire Airgeadais agus Gobharnóir an Bhainc Ceannais an MT agus MBEA tosaigh idir Éire agus an AE-CAI i mí na Nollag 2010, agus aontaíodh na cáipéisí leasaithe i mí Bealtaine 2011. Ar áireamh sa MT agus MBEA, tá roinnt mhaith ceanglas maidir le sonraí agus le spriocanna struchtúracha eacnamaíocha, fíoscacha agus airgeadais. Laistigh de Chlár

AE-CAI, tá an Banc tiomanta do líon mór spriocanna eárnála airgeadais a bhaint amach. Baineann siad seo, go háirithe, le hathstruchtúru na heárnála baincéireachta agus leis na tástálacha struis a rinneadh le déanaí ar riachtanais chaipitil agus leachtachta bhainc na hÉireann. I mBosca 1, tá cur síos ar na príomh-shaincheistanna ar ghá don Bhanc dul i ngleic leo.

Bosca 1 – Ceangaltais Eárnáil Baincéireachta na hÉireann faoi Chlár AE-CAI

Faoi théarmaí agus coinníollacha chlár cúnamh airgeadais AE-CAI na hÉireann, d'aontaigh Éire sraith chuimsitheach de bhearta chun laghdú méide agus atheagrú an chórais baincéireachta a bhaint amach le caitheamh ama. Beidh rochtain ar mhaoiníú faoin gclár ag brath go hiomlán ar bhaint amach na dtargaidí sonracha fíoscacha agus ar chur i bhfeidhm na leasuithe struchtúracha arna leagan amach sa MT leasaithe³ agus sa MBEA. Tá de fhreagracht ar an mBanc freagrach a chinntiú go mbainfear amach roinnt de na targaidí seo laistigh d'amscálaí socraithe.

D'fhonn muinín inmheánach agus sheachtrach i ngeilleagar na hÉireann a bhaint amach, is gá mionscrúdú a dhéanamh ar an eárnáil airgeadais a mbeidh de chuspóir aige codanna den chóras nach bhfuil inmharthana a laghdú ó thaobh méide, agus a leithlisiú agus an eárnáil a chur ar bhonn sláintiúil feidhmiúlachta arís. Tacófar leis an bpróiseas seo trí chúnamh caipitil d'institiúidí inmharthana airgeadais. De bhreis air seo, tabharfar cobhsaíocht níos fearr don chóras le scéim réitigh d'institiúidí a ghlacann taiscí agus daingniú sa bhreis ar an gcóras maoirseachta.

D'aontaigh Stát na hÉireann go dtabharfaí na céimeanna seo a leanas chun críche faoi **2011 R2** mar chuid den MBEA agus MT tosaigh a síníodh i mí na Nollag 2010, leis an CAI, BCE agus CE:

Bearta don Athchaipitliú

- » Athchaipitliú ar bhainc inmharthana mar a fógraíodh i Meán Fómhair 2010 chuig cóimheas bunleibhéal 1 de 10.5% chun cíorruithe ar iasachtaí aistrithe chuig GNBS a chur san áireamh.
- » Athbhreithniú Cuimsitheach ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) ar shócmhainní bunúsacha na mbanc, ag cur san áireamh na cailleanais is dóigh a bheidh ann.
 - » Measúnú iomlán ar thorthaí AMSC/AMSL déanta ag AE, BCE agus CAI; torthaí sonracha ar bhonn banc ar bhanc a fhoilsiú.
 - » Athchaipitliú ar na bainc chun a riachtanas caipitil fosta bonnleibhéal 1 de 10.5% a chinntiú agus bonnleibhéal 1 de 6% i gcás faoi bhrú.

Bearta Díghiarála

- » Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) déanta ag an mBanc Ceannais do 2011, ina sonrú spriocanna agus bearta chun díghiaráil a dhéanamh ar an gcóras baincéireachta agus an spleáchas ar mhaoiníú gearrthéarmach a laghdú faoi dheireadh thréimhse an chlár
- » Cóimheas uailmhianach 2013 iasacht le taise de 122.5% do gach banc

Foilsíodh an Tuarascáil ar an gClár Beart Airgeadais (CBA)⁴, ar an 31 Márta 2011, ina gcuirtear síos ar an gcaoi ar chuir an Banc i bhfeidhm na hoibleagáidí go dtí seo faoi chlár AE-CAI. Tá trí ghné i dTuarascáil CBA: (i) measúnú neamhspleách arna chur i gcrích ag BlackRock Solutions ar chailleanais iasachta, (ii) Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) 2011, agus (iii) Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) 2011.

Atheagrú na hEárnála Baincéireachta

- » Straitéis do struchtúr, feidhmiúlacht agus inmharthanacht na n-institiúidí creidmheasa Éireannacha aontaithe leis an AE, leis an BCE agus leis an CAI – léiriú ar chur i bhfeidhm na straitéise i R2 2011
- » Reachtaíocht faoi ghnáthaimh fheabhsaithe d'idirghabháil luath i mbainc anásta agus córas speisialta réitigh bainc a chur ar bun

Bosca 1 – Ceangaltais Earnáil Bancéireachta na hÉireann faoi Chlár AE-CAI

- 3 Féach <http://www.finance.gov.ie> le haghaidh tuilleadh sonraí faoi MBEA agus MT.
4 Le haghaidh tuilleadh sonraí féach: <http://www.financialregulator.ie/industry-sectors/credit-institutions/Pages/FinancialMeasuresProgramme.aspx>

Comhroinnt an Ualaih ag Sealbhóirí Fofhiacha

- » Déanfar ualach a chomhroinnt le sealbhóirí fofhiacha in institiúidí ábhartha creidmheasa thar thréimhse an chláir, i gcomhréir le rialacha Cúnaimh Stáit an AE

Earnáil na gComhar Creidmheasa

- » Chuir an Banc i gcrích measúnú iomlán ar na punanna iasachtaí ag earnáil na gcomhar creidmheasa faoi dheireadh Aibreáin 2011, agus i gcomhairle leis na húdaráis chúí intíre, d'ullmhaigh sé straitéis chun feabhas a chur ar inmharthanacht na hearnála
- » Faoi dheireadh mhí na Nollag 2011 cuirfear reachtaíocht faoi bhráid Dháil Éireann chun cuidiú le comhair chreidmheasa le creat daingnithe rialála lena n-áirítear ceanglais don rialachas éifeachtach agus don chobhsú

Soláthar Sonraí

Coinníoll eile de chlár AE-CAI is ea go gceanglófar ar an mBanc na sonraí agus táscairí breise seo a leanas a sholáthar don Choimisiún Eorpach, don BCE agus d'foireann CAI ar bhonn aontaithe féilire:

- » Sócmhainní agus dliteanais an Bhainc Ceannais
- » Sócmhainní agus dliteanais chóras baincéireachta na hÉireann
- » Na fiacha go léir atá dlite laistigh den chéad 36 mí do na bainc intíre sin a bhfuil tábhacht sistéimeach ag baint leo
- » Clár chomhardaithe sheachtainiúla indibhidiúla na mbanc intíre a bhfuil tábhacht sistéimeach ag baint leo
- » Fiachas poiblí agus ráthaithe nua eisithe ag an rialtas i gcoitinne le bainc
- » Táscairí cobhsaíochta airgeadais do bhainc intíre a bhfuil tábhacht sistéimeach leo
- » Meastacháin ar riachtanais chaipitil na mbanc intíre sa chéad 12 mhí eile
- » Meastacháin ar fhoinní maoiniúcháin don earnáil baincéireachta don chéad 12 mhí eile

Tagarmhaic Banc faoi Chlár AE-CAI suas go dtí R2 2011

Spriocdháta	Beart/Tagartha Struchtúrach (Stádas)
Deireadh na Nollag 2010	Sainiú déanta, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, BCCE agus CAI, na critéir chun diantástálacha struis a dhéanamh; (MEFP 12 - Comhlíonta).
Deireadh na Nollag 2010	Aontaíodh na téarmaí tagartha do dhícheall cuí na sócmhainní banc ag gnólachtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Mar chuid de seo ba ghá dearadh a chur i gcrích do mheasúnachtaí stuamachta caipitil agus leachtachta chun pleanáil don díghiaráil, atheagrú agus athchaipitliú (i.e. Riachtanas don Mheasúnú Stuamachta Caipitil (RMSC) agus Riachtanas don Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (RMSL) (MBEA, 12 - Comhlíonta).
Deireadh - Feabhra 2010	Chuir na bainc a bpleananna don díghiaráil faoi bhráid na n-údarás náisiúnta. Cuireadh i bhfeidhm an cóimheas bonnleibhéal 1 nua de 10.5% (MBEA, 12 ⁵).
Deireadh-Márta 2011	Chuir an Banc Ceannais i gcrích measúnú ar phleananna athstruchtúraithe na mbanc. (MBEA, 11 - Comhlíonta).
Deireadh-Márta 2011	Cuireadh i gcrích meastóireacht dhiagnóiseach ar shócmhainní na mbanc - (MBEA, 12 - Comhlíonta).
Deireadh-Márta 2011	Cuireadh i gcrích tástálacha struis – foilsíodh AMSC agus AMSL 2011 sa Chlár Beart Airgeadais (CBA). Bunaíodh sprioc-chóimheasa leathana maoiniúcháin, lena n-áirítear cóimheas iasacht-le-taisce 122%, don bhliain 2013, agus forbraíodh straitéis don chóras baincéireachta amach anseo. (AMSC 2011) (MBEA, 12 - Comhlíonta).
Deireadh Aibreáin 2011	Cuireadh i gcrích measúnú iomlán ar phunanna iasachta na gcomhar creidmheasa (MBEA, 18 - Comhlíonta).
Deireadh Aibreáin 2011	Pleananna tarraingthe d'aon oibríochtaí eile, lena n-áirítear athchaipitliú ar Irish Life and Permanent (Nuashonrú MBEA, 7)

5 Eisíodh treoracha de chuid an Bhainc Ceannais laistigh den amscála a éilíodh, ach chuir an tAire Airgeadais siar cur i gcrích an insteallta caipitil go dtí tar éis an Olltoghcháin. Cuireadh treoracha AMSC de chuid an Bhainc Ceannais den 31 Márta 2011 in ionad na dtreoracha sin.

Seasamh agus Cur Chun Feidhme Airgeadaíochta

Is cuid den Eurochóras é an Banc agus cumhdaítear san Eurochóras an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na 17 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) sa limistéar euro. Tá Gobharnóir an Bhainc ina bhall de Chomhairle Rialaithe BCE. Cé nár athraigh an Comhairle Rialaithe BCE na rátaí úis le linn 2010, lean sé de bheith ag freagairt d'fhorbairtí ar thosca eacnamaíocha agus airgeadais sa limistéar euro trí bhíthin roinnt beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta. (I mBosca 2 thíos, tá cur síos ar na bearta neamhchaighdeánacha airgeadaíochta a tugadh isteach le linn 2008 agus 2009.) Cuireadh tús le próiseas i mí Eanáir 2010 chun deireadh a chur le roinnt de na bearta seo de réir a chéile, cé gur tugadh ar ais go páirteach roinnt de na bearta toisc gur tháinig meathlú ar na coinníollacha margaidh airgeadais i mí Bealtaine 2010. Thug an BCE isteach Clár na Margáí Urrús (CMU) le linn na tréimhse seo d'fhonn dul i ngleic le fadhbanna i margáí fiachais phoiblí agus príobháidigh sa limistéar euro.

Cinntí Beartais Airgeadaíochta an BCE

Agus é ag teacht ar cinntí, déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar an riocht eacnamaíoch sa limistéar euro i gcoitinne agus beartaíonn sé cibé acu an bhfuil rátaí úis BCE iomchuí i gcónaí do ghnóthú an phríomhchuspóra, eadhon cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun sa limistéar euro.

I gcomhthéacs brúnna boilscithe agus téarnaimh eacnamaíoch mheasartha sa limistéar euro, choinnigh an Chomhairle Rialaithe rátaí úis BCE ag leibhéal ísle le linn 2010. D'fhan an príomhráta athmhaoinithe gan athrú ag 1 faoin gcéad, tar éis laghdú 325 bonnphointe idir Deireadh Fómhair 2008 agus Bealtaine 2009. D'fhan na rátaí na saoráide taiscí agus na saoráide iasachta imeallaí gan athrú, ag 0.25 faoin gcéad agus 1.75 faoin gcéad, faoi seach.

Ceapadh na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta ionas go bhféadfaí deireadh a chur leo de réir a chéile nuair a mheasfaí nach raibh gá leo a thuilleadh. Chuir an Chomhairle Rialaithe tús leis an bpróiseas seo ag deireadh 2009, nuair a d'fhógair sí go mbeadh oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha (OAF) de bhliain amháin agus de shé mhí, arna sceidealú do mhí na Nollag 2009 agus do mhí Márta 2010, ar na hoibríochta deireanacha den sórt sin. Chomh maith leis sin, chinn an Chomhairle Rialaithe go socrófar an ráta ar an OAF d'aon bhliain i mí na Nollag mar ráta íosta tairisceana don phríomhoibríocht athmhaoinithe (PA) thar thréimhse na hoibríochta. Ar an gcaoi chéanna, mar thoradh ar thosca níos fearr i margáí maoinithe SA agus éileamh teoranta ar oibríochtaí dhollar SA san Eurochóras, scoradh d'oibríochtaí athcheannaigh dhollar SA agus oibríochtaí malairte dhollar SA. Scoradh freisin d'oibríochtaí babhtála fhranc na hEilvéise chun leachtacht a sholáthar i mí Eanáir 2010. Ina dhiaidh sin, chinn an Chomhairle Rialaithe i mí an Mhárta 2010 go bhfillfeadh sí ar ghnás tairisceana ráta athraigh sna gnáth OAFanna trí mhí.

Bosca 2 – Bearta Neamhchaighdeánacha Beartais Airgeadaíochta (2008-2009)

Ghlac an BCE agus an tEurochóras roinnt beart neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta le linn 2008 agus 2009 mar fhreagra ar dhian-mhíshocracht ar na margáí airgeadais domhanda le linn na tréimhse seo. Tugadh isteach na bearta seo chun feabhas a chur ar choinníollacha airgeadais agus chun go n-éascófaí rátaí níos ísle úis BCE a chur ar aghaidh chuig rátaí margaidh airgid agus iasachta bainc.

Tríd is tríd, tugadh isteach cúig cinn de bhearta lárnacha:

- » Soláthar leachtachta neamshrianta do bhainc sa limistéar euro ag an ráta íosta tairisceana i ngach oibríocht athmhaoinithe (beartas cionroinnte ráta sheasta).
- » Méadú ar mhínicíocht na n-oibríochtaí athmhaoinithe agus síneadh ama le huastréimhse aibíochta na n-oibríochtaí seo ó thrí mhí go bliain amháin.
- » Síneadh curtha le liosta na sócmhainní is incháilithe lena n-úsáid mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais.
- » Soláthar rialta leachtachta in airgeadraí eachtracha (Dollair SA agus Francanna na hEilvéise).
- » Ceannach glan amach bannaí faoi chumhdach agus ainmnithe in euro arna n-eisiúint sa limistéar euro.

Rinne an Chomhairle Rialaithe roinnt de na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta a athghníomhachtú i mí Bealtaine 2010 d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ath-dhiansaothrú teannas sna margáí airgeadais ag an am. Tugadh na bearta breise seo isteach toisc go raibh baol ann go gcuirfeadh teannas sa mhargadh airgeadais isteach ar mheicníocht tarchuir an bheartais airgeadaíochta. D'fhógair an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí na gnáth-OAFanna trí mhí a bhí le cionroinnt i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh 2010 a sheoladh mar ghnáis tairisceana ráta sheasta a mbeadh cionroinnt iomlán i gceist leo. Fógraíodh freisin athruithe ar incháilitheacht na n-ionstraimí fiachais arna n-eisiúint nó arna ráthú ag rialtas na Gréige, chomh maith le hathghníomhachtú na línte sealadacha babhtála leis an gCúlchiste Feidearálach.

Tugadh isteach an BCA i mí Bealtaine 2010 d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mífheidhmiú a tháinig chun cinn i roinnt codanna de na margáí d'urrúis fiachais phoiblí agus phríobháidigh an limistéir euro. Amhail ag deireadh mhí na Nollag 2010, bhí an tEurochóras tar éis €73.5bn d'urrúis fiachais áirithe a cheannach in idirghabhálacha margaidh. Ghlac an Banc páirt ghníomhach sa chlár seo. Déanann an BCE an leachtacht bhreise a sholáthraítear trí mheán na n-oibríochtaí seo a aisghabháil ar bhonn seachtainiúil.

Ar cheann de na bearta neamhchaighdeánacha beartais ar cuireadh deireadh leo sa bhliain 2010, áirítear an clár um cheannach bannaí cumhdaithe (CCBC) ag an BCE. Tugadh é seo chun críche an 30 Meitheamh 2010, tar éis spriocmhéid ainmniúil €60bn a bheith ceannaithe ar an bpríomh-mhargadh agus ar an margadh tánaisteach thar thréimhse 12 mhí an chláir. Tá sé beartaithe ag bainc cheannais an Eurochórais na bannaí cumhdaithe a ceannaíodh a choinneáil go dtí go n-aibíodh siad.

I mí Mheán Fómhair 2010, chinn an Chomhairle Rialaithe beartas iomlán ráta sheasta a choinneáil do PAanna agus OAFanna araon le linn na ráithe deiridh den bhliain 2010. Níor fógraíodh oibríochtaí breise sé mhí ná dhá mhí dhéag, ámh, agus d'aibigh gach oibríocht den sórt sin roimh dheireadh na bliana. D'fhógair an BCE roinnt oibríochtaí mionchoigeartaithe nuair a d'aibigh roinnt de na hoibríochtaí seo d'fhonn tosca rianúla leachtachta a chinntiú. I mí na Nollag, fógraíodh go raibh an BCE chun leanúint de na PAanna a sheoladh trí ghnás tairisceana lán-chionroinnte ráta sheasta.

Oibríochtaí Airgeadaíochta

Lean an Banc, thar ceann an Eurochórais, de thacaíocht shubstaintiúil leachtachta a sholáthar do chóras baincfeireachta na hÉireann le linn 2010. Chuir an Banc Cúnamh Eisceachtúil Leachtachta (CEL) ar fáil freisin. Tá sé seo ar cheann de na bealaí ina ndeachaigh an Banc i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais. Is cúnamh ar leith é seo atá éagsúil leis na gnáthoibríochtaí maoiniúcháin arna gcur i gcrích chun críocha chur chun feidhme an bheartais airgeadais tríd an BCE. Déantar iasacht arna sholáthar d'institiúid chreidmheasa faoi CEL a dheonú i gcoinne comhthaobhachta oiriúnaí, i gcás ina mbeidh oiriúnacht ag teacht leis na critéir arna sainiú ag an mBanc. Mar aon leis na gnáis do chomhthaobhacht incháilithe BCE, cuirfear ciorruithe/lascainí i bhfeidhm chun a chinntiú nach mbeadh an Banc thíos leis i gcás ina ndéanfaí mainneachtain sa chúnamh iasachta. Fuair an Banc dearbhú foirmiúil ón Aire Airgeadais go ndéanfaí aon spriocnasamh i leachtacht na comhthaobhachta a shlánú. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2010 bhí an Banc tar éis síneadh tuairim is €49.5 billiún a chur leis an CEL.

Mar thoradh ar an mbeartas lán-chionroinnte ráta sheasta le haghaidh PAanna agus OAFanna araon, baineadh an-úsáid as an tsaoráid taiscí le linn 2010, ó tharla go raibh bainc in ann níos mó leachtachta ná ba ghá a thógáil ón Eurochóras, agus an farasbarr leachtachta á chur ar ais i dtaisce leis an Eurochóras. Thar thréimhse na chéad oibríochta bliana ag an BCE (a seoladh ag deireadh mhí an Mheithimh 2009 agus a raibh críochghlacadh €442bn i gceist léi), b'ionann meánfharasbarr leachtachta an Eurochórais agus breis is €175bn. Sa dara leath de 2010, i ndiaidh aibíocht na hoibríochta seo agus na n-oibríochtaí móra ina dhiaidh sin ag deireadh mhí Mheán Fómhair, b'ionann an meánfharasbarr leachtachta agus beagnach €69bn. Léiríodh leis an laghdú seo ar fharasbarr leachtachta go raibh roinnt feabhais tagtha ar thosca margaidh airgid, agus chuir sé seo brú aníos ar rátaí margaidh airgid ar fud an chuair. Ar an meán le linn 2010, socraíodh an Mheán-treoiruimhir Euro Thar Oíche (METO) ag 0.44 faoin gcéad, 56bptí faoi bhun an ráta beartais; athraíodh an pátrún in-bhliana le METO agus é socraithe ag 0.35 faoin gcéad ar an meán thar an gcéad leath den bhliain, ag ardú chuig 0.52 faoin gcéad ar an meán sa dara leath de réir mar a thit an farasbarr leachtachta.

D'athraigh próifíl aibíochta na hiasachta Eurochórais freisin le linn 2010, le gluaiseacht i dtreo maoinithe níos gearrthearmaí de réir mar a tháinig oibríochtaí móra trí bliana chun aibíochta agus gan aon ní a bheith curtha ina n-ionad, fad a thit an líon foriomlán OAFanna faoi leath. Ag tús 2010, b'ionann OAFanna agus suas go dtí 89 faoin gcéad den iasachtú Eurochórais, agus b'ionann LAanna agus an 11 faoin gcéad eile. Ag deireadh na bliana bhí cúrsaí níos cothromaithe sa mhéid gurb ionann OAFanna agus 57 faoin gcéad den iasachtú Eurochórais, agus gurb ionann LAanna agus 43 faoin gcéad. B'ionann an t-iasachtú amuigh sa Eurochóras ag deireadh 2010 agus €547bn, thíos ó €749bn ag tús na bliana.

Chomh maith leis sin, thug an BCE oibríocht rialta nua isteach i gcreat an Eurochórais, oibríocht mionchoigeartaithe seachtaine chun farasbarr leachtachta a ghabháil, ar bhonn seachtainiúil, arb é is aidhm di an farasbarr leachtachta arna chruthú ag ceannacháin fiachais faoin SMP ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine, a ghabháil. Atosaíodh oibríochtaí dhollar SA chun leachtacht a sholáthar i mí Bealtaine mar gheall ar an mbrú i margaí maoiniúcháin ghearrthearmaigh dhollar SA. Dhearbhaigh an CBE i mí na Nollag go leanfadh oibríochtaí seachtainiúla dhollar SA go dtí Lúnasa 2011. De bhreis air sin, d'fhógair an BCE agus Banc Shasana áis shealadach malairte leachtachta, faoina bhféadfadh Banc Shasana, dá mba ghá, suas le £10bn a sholáthar don BCE mar mhalairt ar euronna. Éagfaidh an comhaontú ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2011, agus ceadaíonn steirling a bheith ar fáil don Bhanc mar bheart réamhchúraim, ar mhaithe le freastal ar aon riachtanais shealadacha leachtachta steirling a bheadh ag an gcóras baincéireachta.

I gcomhréir le cur chuige tomhaiste céimnithe amach an BCE agus le roinnt feabhais tagtha ar thosca margaidh, laghdaigh an líon iomlán oibríochtaí arna reáchtáil ag an mBanc, thar ceann an Eurochórais ó bhreis is 240 sa bhliain 2009 go dtí 169 sa bhliain 2010. D'áirigh siad seo oibríochtaí fhranc na hEilvéise agus dhollar SA. Mar chuid dá fhreagra ar an ngéarchéim cheannasaigh, reáchtáil an BCE oibríocht bhreise sé mhí i mí Bealtaine 2010. Is éard a bhí sa chreat oibríochtúil ag tús 2011, ó thaobh soláthar leachtachta de, ná LAanna seachtainiúla agus OAFanna aon mhí agus trí mhí ar bhonn míosúil. B'ionann na líon contrapháirtí a bhí incháilithe páirt a ghlacadh in oibríochtaí ag deireadh 2010 agus 42, thíos ó 45 sa bhliain 2009. D'ardaigh an t-iasachtú iomlán

beartais airgeadaíochta arna sholáthar ag an mBanc d'institiúidí lonnaithe in Éirinn chuig buaicphointe don bhliain de €140bn i mí na Nollag, thuas ó €93bn ag deireadh 2009, agus ag deireadh 2010 sheas an figiúr sin ag €132bn.

De réir mar a d'imigh an ghéarchéim fiachais cheannasaigh in olcas, ó thaobh éifeachta de dhún margaí fiachais do bhainc ráthaithe Éireannacha agus d'fhan mar sin ó mhí Aibreáin 2010. De bhreis air sin, bhí aibíochtaí móra i ndán do na bainc sin i Meán Fómhair 2010, agus tosca deacra an mhargaidh ag cinneadh go n-ionadófaí na haibíochtaí seo d'fhormhór le hiasachtaí ón Eurochóras. Mar sin, bhí leachtacht fós ina phríomh-shaincheist d'institiúidí ráthaithe Éireannacha le linn 2010, agus b'amhlaidh an scéal ag tús 2011.

An Suirbhé um Iasachtú Bainc

Gach ráithe, seolann Banc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) an limistéir euro an Suirbhé um Iasachtú Bainc (SIB) lena gcuirtear sonraí cainníochtúla ar fáil maidir le hathruithe ar dhálaí an mhargaidh creidmheasa ar fud an limistéir euro mar aon leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar chaighdeán chreidmheasa agus éileamh iasachta. Tá an Banc freagrach as comhordú agus próiseáil a dhéanamh ar thorthaí na gcúig Bhanc Éireannacha a ghlacann páirt sa suirbhé.

Cuireadh i gcrích ceithre bhabhta den Suirbhé um Iasachtú Bainc (SIB) le linn 2010 inar taifeadadh forbairtí ar thosca an mhargaidh creidmheasa idir an ceathrú ráithe de 2009 agus an ceathrú ráithe de 2010. Déantar idirdhealú sa suirbhé idir fiontair agus teaghlaigh, agus déantar idirdhealú tánaisteach idir iasachtaí do theaghlaigh chun teach a cheannach agus iasachtaí do thomhaltóirí/eile. Áiríodh freisin sraith de cheisteanna ad-hoc inar léiríodh an tionchar a bheadh ag éiginnteacht i margaí airgeadais ar sheasamh caipitil agus maoiniúcháin na mbanc.

Le linn 2010, ba dhóigh gur chobhsaigh caighdeán chreidmheasa ar iasachtaí le fiontair agus teaghlaigh, agus tuairiscíodh go raibh caighdeán gan athrú ar fud na gcatagóirí iasachta go léir a ndearnadh iniúchadh orthu sa tríú agus sa cheathrú ráithe de 2010. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh na freagairtí a bhain le hathruithe ar éileamh ó fhiontair chomh cinnte céanna. Tuairiscíodh méadú beag ar éileamh ó fhiontair sa tríú ráithe de 2010, tar éis don éileamh ar iasacht a bheith ag laghdú ar feadh trí ráithe, sular tuairiscíodh go raibh an t-éileamh ar iasachtaí gan athrú sa cheathrú ráithe de 2010.

I gcás iasachtaí le teaghlaigh, chonacthas dibhéirsiú ag teacht chun cinn idir iasachtú morgáiste agus iasachtú eile, agus tháinig laghdú ar éileamh ar mhorgáistí le linn 2010. Cuireadh an laghdú seo síos don ionchas is lú fabhar maidir leis an margadh tithíochta agus do laghdú ar mhuinín tomhaltóirí. I gcodarsnacht leis seo, ba dhóigh gur chobhsaigh an t-éileamh ar iasachtaí i gcás creidmheasa tomhaltóirí, agus gur chobhsaigh iasachtaí neamh-morgáiste, sa mhéid go raibh an t-éileamh gan athrú le linn na ráithe deiridh de 2010.

Bhí cúig cinn de cheisteanna ad-hoc sa SIB le linn 2010, agus le dhá cheann de na ceisteanna sin rinneadh iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag éiginnteacht leanúnach margaidh airgeadais ar sheasamh maoiniúcháin agus caipitiúil na mbanc. Tuairiscíodh maolú ar rochtain ar mhargáí mórdhíola maoinithe sa ráithe dheireanach de 2009 agus sa chéad ráithe de 2010. Tuairiscíodh meath tobann forleathan, ámh, sa dara ráithe de 2010 a lean isteach sa dá ráithe dheireanacha de 2010. Lean an éiginnteacht leanúnach margaidh airgeadais de thionchar a bheith aige ar na costais a bhain le seasamh caipitiúil na mbanc le linn 2010.

Cobhsaíocht Airgeadais

Le linn 2010, ba é príomhfhócas na cobhsaíochta airgeadais, teacht ar réiteach ar an ngéarchéim. Rinneadh obair shuntasach le linn na bliana agus sholáthair an Banc anailís agus comhairle don Rialtas maidir le cinntí tábhachtacha.

Bhí tionchar suntasach ag rith an Achta um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 ar eagrú na cobhsaíochta airgeadais sa Bhanc Ceannais. Cé go raibh roinnt mhaith den athrú curtha chun feidhme cheana féin go praiticiúil, rinneadh normalú air seo nuair a ritheadh an tAcht. Ar phríomhghnéithe an Achta, áiríodh tabhairt le chéile feidhm na baincéireachta ceannais maidir le measúnuithe cobhsaíochta airgeadais agus freagrachtaí maoirseachta macra-stuamachta na rialála airgeadais, agus beidh sé seo mar bhunchloch do bheartas macra-stuamachta a dhéanfar amach anseo. Maidir leis seo, lean an Coiste Cobhsaíochta Airgeadais de bheith ag teacht le chéile faoi Chathaoirleacht an Ghobharnóra le linn na bliana. I mBosca 3, leagtar mach na bearta atá le cur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna arna lua sa tuarascáil *“The Irish Banking Crisis Regulatory and Financial Stability Policy 2003 – 2008 (Honohan Report) – A Report to the Minister for Finance by the Governor of the Central Bank an 31 Bealtaine 2010.*

Bosca 3 – Saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil “The Irish Banking Crisis Regulatory and Financial Stability Policy 2003 – 2008 (Honohan Report) – A Report to the Minister for Finance by the Governor of the Central Bank 31 May 2010

Achoimre ar na saincheisteanna a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais	Freagairt atá beartaithe, mar atá leagtha amach in “Banking Supervision: our New Approach” Meitheamh 2010	Gníomhaíocht a rinneadh
<p>Cé gur áiríodh sna Tuarascálacha Cobhsaíochta Airgeadais ábhar suntasach anailíseach lena ndearnadh anailísiú ar na nithe ba bhonn leis an mborradh maoiné, bhí claonadh ann teacht ar chonclúidí measartha dóchasacha toisc go ndearnadh léamh roghnach ar an bhfianaise . Ar bhonn níos ginearálta, glacadh cur chuige cuíosach cosantach i leith criticeoirí seachtracha na srianta.</p>	<p>Tabharfar tús áite do thagarmharcáil a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre.</p> <p>Mar chuid den próiseas measúnaithe riosca tá teagmhálacha déthaobhacha le mórbhainc cheannais eile agus leis an bpobal acadúil á bhforbairt ag an Rannóg um Chobhsaíocht Airgeadais.</p>	<p>Bíonn an Stiúrthóireacht um Eacnamaíocht agus um Chobhsaíocht Airgeadais rannpháirteach i Líonra Taighde Macrastuamachta BCE, arb é atá ann líonra taighdeoirí as na Bainc Cheannais Eorpacha a dhéanann anailís ar ábhair éagsúla mhacrastuamachta, tugann an Stiúrthóireacht cuiri i gcónaí do chainteoirí chun a gcuid oibre agus tuairimí a chur i láthair ag seimineáir inmheánacha, agus tá naisc forbartha ag an Stiúrthóireacht le heagraíochtaí seachtracha i réimsí comhthaighde, agus tá foilseachán nua tugtha isteach aici i bhfoirm litreacha eacnamaíochta arb é is aidhm dóibh bonn a bhunú chun díospóid ar shaincheisteanna tráthúla a spreagadh agus chun aiseolas a lorg.</p> <p>Tá páirt iomlán á glacadh ag an mBanc sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéimeach, trí fhreastal ar chruinnithe BERS agus tríd an gCoiste Comhairleach Teicniúil agus meithlí gaolmhara. Tionóladh roinnt cruinnithe faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra leis an lucht acadúil. Is é is cuspóir don teagmháil seo plé a éascú ar an anailís a rinneadh sa Tuarascáil Cobhsaíochta Airgeadais.</p>
<p>Rinneadh an cainníochtú rioscaí sin i gcomhthéacs na dtástálacha struis a thuairiscítear go bliantúil sna Tuarascálacha Cobhsaíochta Airgeadais. Cé gur luadh roinnt mhaith caveat, cuireadh an iomarca muiníne in iontaoibh na dtástálacha a bhí faoi mhaoirseacht anailíseoirí deasc-bhunaithe gan dóthain páirte a bheith ag rialtóirí praiticiúla iontu.</p>	<p>Diantástálacha struis mar chuid den Athbhreithniú Maoirseachta agus den Phróiseas Meastóireachta. Dúshlán tugtha ag speisialtóirí do thiomhdí, hipitéisí, modheolaíochtaí, gráinneacht agus do thorthaí.</p> <p>Forbairt ar chreat do mheasúnú riosca shistéimigh.</p> <p>Anailís chomparáideach ar fheidhmíocht earnáil baincéireachta na hÉireann.</p> <p>Feabhas ar mheasúnú riosca atá banc-shainiúil.</p>	<p>Céim 1 den tástáil struis “Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil” – curtha i gcrích Márta 2010</p> <p>Céim 2 den tástáil struis “Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil agus Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta” – curtha i gcrích Márta 2011</p> <p>Obair idir lámha.</p> <p>Foilsíodh páipéar teicniúil i Márta 2011: Exploring the Steady-State Relationship between Credit and GDP for a Small Open Economy - The Case of Ireland, le Robert Kelly, Kieran McQuinn agus Rebecca Stuart</p> <p>Obair idir lámha</p> <p>Obair idir lámha</p>

Bosca 3 – Saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil “*The Irish Banking Crisis Regulatory and Financial Stability Policy 2003 – 2008 (Honohan Report) – A Report to the Minister for Finance by the Governor of the Central Bank 31 May 2010*”

Achoimre ar na saincheisteanna a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais	Freagairt atá beartaithe, mar atá leagtha amach in “Banking Supervision: our New Approach” Meitheamh 2010	Gníomhaíocht a rinneadh
Seans go raibh mar éifeacht ag an idirghníomhú níos dlúithe idir foireann cobhsaíochta airgeadais agus foireann rialála gur cuireadh srianta na modheolaíochta tástála struis ar a súile don dá thaobh agus, dá bhrí sin, gur tháinig laghdú ar aon bhogásach.	<p>Painéil tras-eagraíochtúla, lena n-áirítear foireann maoirseachta agus foireann cobhsaíochta airgeadais araon chun an Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta a athbhreithniú agus a aontú, chun dúshlán a thabhairt d’iniúcháir maidir le torthaí agus chun bearta maoirseachta a aontú.</p> <p>Foireann cobhsaíochta airgeadais ag glacadh páirte go rialta i gcruinnithe dúshlán agus in obair anailíseach stuamachta.</p> <p>An Coiste athstruchtúrtha um Chobhsaíocht Airgeadais faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra anois.</p>	<p>Freastalaíonn foireann Cobhsaíochta Airgeadais ar roinnt cruinnithe de Phainéal Rialachais Riosca, den Choiste um Chinneadh Caipitil agus PAMM in institiúidí creidmheasa áirithe, agus ar roinnt cruinnithe de Phainéal Rialachais Riosca in institiúidí árachais áirithe. Is iad na rannóga maoirseachta de chuid institiúidí creidmheasa agus árachais a stiúran na cruinnithe seo.</p> <p>Tá sé seo i bhfeidhm ó foilsíodh Tuarascáil Honohan. Tagann an coiste le chéile gach coicís/go minic agus freastalaíonn na stiúthóirí atá freagrach as Eacnamaíoch & Cobhsaíocht Airgeadais, Oibríochtaí Airgeadais agus na rannóga ábhartha maoirseachta air. Le linn 2010, rinne an coiste iniúchadh ar shaincheisteanna amhail impleachtaí chaolchorraigh GNBS agus ar an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil in institiúidí creidmheasa na hÉireann.</p>
Ar bhonn níos ginearálta, féadfaidh gur tharla mar thoradh ar an scaradh institiúideach idir an Rialtóir agus an chuid eile den eagraíocht nach raibh dóthain airde á tabhairt ar idirnaisc micrea-macra a bhaineann le hanailís cobhsaíochta airgeadais.	Leis an mBille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, foráladh do struchtúr aonadach.	Tháinig an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Rinneadh atheagrú ar an bhfeidhm cobhsaíochta airgeadais freisin sa bhliain 2010. Cuireadh leis an rannóg seo, agus cuireadh go suntasach leis an acmhainneacht taighde inti. Leagtar amach an clár oibre in *Banking Supervision: Our New Approach*⁶, agus foilsíodh an obair tosaigh maidir leis seo sa tsraith *Research Technical Paper*. Tá sé seo ag teacht le fócas níos leithne san Eoraip ar thaighde a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais, agus tá páirt iomlán á glacadh ag an mBanc sa Líonra um Taighde Macrastuamachta (LTM) de chuid CEBC, atá

ceaptha chun taighde atá dírithe ar bheartas a chur ar fáil. Cuimsíonn sé seo trí shruth oibre: (a) cobhsaíocht airgeadais agus an geilleagar i gcoitinne; (b) rabhadh luath agus táscairí don riosca sistéimeach; agus (c) tógáil.

Lean an Banc freisin de bheith ag cur le forbairt na gcreataí um bainistíocht géarchéime ar an leibhéal idirnáisiúnta agus Eorpach, agus tá obair ar siúl i réimsí lena n-áirítear idirghabháil luath, na creataí um réiteach géarchéime agus cistí réitigh. Bhí an Banc rannpháirteach freisin i

6 BCÚSAÉ, (2010), ‘Banking Supervision: Our New Approach’, 21 Meitheamh 2010.

Bosca 4 - Banking Supervision: Our New Approach – Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2010

D'fhoilsigh an Banc (Meitheamh 2010) a straitéis don earnáil baincéireachta: "Banking Supervision: Our New Approach", maille le raon tionscnamh a bhí le cur i ngníomh agus a bhfuil cur síos orthu anseo thíos.

Feabhsaíodh ceanglais rialála le teacht i bhfeidhm an chóid um rialachas corparáideach d'institiúidí creidmheasa agus an chóid cleachtais maidir le hiasachtú do pháirtithe gaolmhara. Chuir an Banc tús le hobair chun feabhas a chur ar Chaighdeán Oiriúnachta agus Ionracais agus chuidigh sé leis an Roinn Airgeadais chun Réimeas Réitigh Speisialta a fhorbairt. Bhí foireann tionscadail ag plé le príomhpháirtithe leasmhara ar na cláir chreidmheasa chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a bhí ann le feabhas a chur ar an gcóras cláir chreidmheasa in Éirinn.

Cuireadh feabhas suntasach ar mhaoirseacht laethúil na n-institiúidí. Freastalaíonn foireann maoirseachta anois ar chruinnithe tábhachtacha de bhoird agus d'fhochoistí na mbanc intíre. Bunaíodh painéil thraseagraíochtúla riosca do gach institiúid chreidmheasa. Bunaíodh Próiseas níos láidre Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta (PAMM). Rinneadh iniúchtaí téamacha ar na nithe seo a leanas a) rialachas agus bainistíocht riosca sna mórbhainc mhiondíola, b) caighdeán chreidmheasa morgáiste agus rioscaí maoiniúcháin, c) straitéisí bainc (fócas ar iasachtaí a sholáthar do FBM), agus d) cleachtais luacha saothair. Cruthaíodh aonad a bheadh freagrach as athbhreithniú ar rialú inmheánach, lena n-áirítear oibriú na bpróiseas inmheánach rialachais.

Leanadh le hearcú daoine a bhfuil ardscileanna acu sa rannóg um maoirseacht baincéireachta. Infheistíodh go mór sna fhoireann go léir, lena n-áirítear a) measúnú ar phróisis inmheánacha, b) clár ionduchtúcháin éigeantach ar feadh ceithre seachtaine le haghaidh maoirseoirí agus c) ardmhodúil oiliúna a fhorbairt a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm go céimneach le linn 2011.

gcomhlíonadh na freagrachta maidir le cobhsaíocht airgeadais ag an CEBC trí rannpháirtíocht sa Chomhairle Rialaithe agus i struchtúr coiste BCE.

Leis an ngéarchéim leanúnach airgeadais, leagadh béim ar easnaimh thromchúiseacha i measúnú rioscaí sistéimeacha sa chreat reatha Eorpach (agus go deimhin domhanda) um rialáil agus maoirseacht airgeadais. Chun dul i ngleic leis na heasnaimh sin, d'fhorbair an tAontas Eorpach (AE) creat nua um maoirseacht airgeadais don Eoraip. Mar chuid den athchóiriú níos leithne seo, bunaíodh an Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach (BERS) chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus laigí ag teacht chun cinn ar leibhéal an chórais i gcoitinne. Tá BERS freagrach as maoirseacht macrastuamachta a dhéanamh ar an gcóras airgeadais san AE.

Le linn 2010, lean an Banc de pháirt a ghlacadh sna hullmhúcháin do bhunú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéimeach (BERS). Go luath sa bhliain 2011, reáchtáladh an chéad chruinniú de Bhord Ginearálta BERS, agus d'fhreastail an Gobharnóir agus an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais ar an gcruinniú sin.

Le bunú BERS, méadófar go suntasach raon agus freagrachtaí na BCN mar a bhaineann siad le beartas macra-stuamachta. Bíonn ról lárnach ag na BCN in BERS, agus is ionann gobharnóirí na BCN agus tromlach na gcomhaltaí a bhfuil vóta acu den Bhord Ginearálta. Anuas ar ról an Ghobharnóra mar Chomhalta de Bhord Ginearálta BERS, tá ionadaíocht ag an mBanc freisin ar an gCoiste Comhairleach Teicniúil

(CCT) – an Coiste a bhfuil an dualgas air cúnaimh agus comhairle atá ábhartha d'obair BERS a sholáthar – agus Meithlí Gaolmhara CCT. Éileoidh rannpháirtíocht ghníomhach in BERS go ndéanfaidh an Banc Ceannais agus an rannóg um Chobhsaíocht Airgeadais, go háirithe, forbairt bhreise ar mheasúnuithe cainníochtúla riosca ar chóras airgeadais na hÉireann.

Maoirseacht ar Institiúidí Airgeadais

Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa Miondíola

Le linn na chéad ráithe de 2010, ba é cur i gcrích an Athbhreithnithe ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) an phríomhobair a bhí idir lámha. Cuireadh tús leis an obair seo i mí Eanáir agus foilsíodh an 31 Márta 2010 í. Tá cur síos níos sonraí thíos ar an tástáil struis seo, maille leis an tástáil struis a rinneadh i gcomhar le Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha (CMBE) (féach *Tástálacha Struis*).

Ina theannta sin, chuir an Banc AMSC i gcrích do Irish Life and Permanent and Banc Angla-Éireannach (Anglo) agus foilsíodh iad i mí Mheán Fómhair 2010. Rinneadh obair AMSC ar Anglo i gcomhar le hionchur an Bhainc sa phlean um athstruchtúrú Anglo agus le forbairt an chomhthogra ó na hÚdaráis Stáit don Choimisiún Eorpach.

Le linn an dara leath de 2010, díriodh ar roinnt príomhforbairtí sna margáí, ar chur i ngníomh agus ar fhoilsiú roinnt téamaí maoirseachta agus ar chur i bhfeidhm na struchtúr athbhreithnithe maoirseachta a bhfuil cur síos orthu in *“Banking Supervision: Our New Approach”* a foilsíodh i mí an Mheithimh 2010. Tag. Bosca 4.

Mar thoradh ar mheath na cáilíochta creidmheasa ceannasaigh i dtreo dheireadh 2010, agus ar neamhábaltacht na n-institiúidí creidmheas intíre maoiniú nua téarma a fháil agus ar theacht chun aibíochta fhiachas €30bn institiúide creidmheasa i Meán Fómhair, díriodh aird shuntasach maoirseachta ar sheasamh leachtachta na n-institiúidí creidmheasa intíre. Dá bharr sin, d’fhorbair an Banc bainistiú teagmhasach breise, réamhaisnéisiú sreafa airgid, eagrú comhthaobhachta agus struchtúir urrúsaithe. Chomh maith le bearta feabhsaithe maoirseachta, ba ghá go mbunófaí creataí feabhsaithe idirghníomhaireachta ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ag eascairt ón obair seo, bunaíodh Próiseas don Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) agus cuireadh i bhfeidhm é sa bhliain 2011.

Athbhreithnithe Maoirseachta

Seoladh roinnt athbhreithnithe (iniúchtaí a raibh téamaí maoirseachta acu) ó mhí Iúil 2010 ar na hinstiúidí creidmheasa miondíola go léir agus ar bhainc mhórdhíola roghnaithe a bhíonn páirteach i soláthar creidmheasa don mhargadh intíre. Lean na hathbhreithnithe sin téamaí a leagadh amach in *Banking Supervision: Our New Approach*, eadhon:

- » Caighdeán do Mhorgáistí agus Rioscaí Creidmheasa (Fócas: iasachtú nua morgáiste);
- » Cleachtais luacha saothair;
- » Straitéisí Bainc (Fócas: Straitéisí do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide); agus
- » Rialachas agus Bainistiú Riosca.

Foilsíodh torthaí na n-athbhreithnithe seo chun obair na maoirseachta airgeadais a shoiléiriú tuilleadh agus chun léargas a thabhairt ar fheidhmíocht na n-institiúidí creidmheasa. Leanfaidh an cleachtas seo sna blianta atá le teacht agus áireofar téamaí breise don bhliain 2011.

Tá painéil thraseagraíochtúla um rialachas riosca bunaithe nó cumasaithe ag an mBanc do gach mórinstiúid chreidmheasa agus tá painéil

fheidhmiúla forbartha aige d’athbhreithnithe creidmheasa agus leachtachta ar bhonn tras-institiúide. Forbraíodh deaiseanna riosca chun athbhreithnithe a dhíriú ar phríomhrioscaí, ar fheidhmíocht agus ar shamhlacha gnó. Ina theannta sin, d’fhorbair an Banc pleananna um maolú riosca agus nithe insólathartha do gach institiúid chreidmheasa agus bhí sé ag oibriú go dlúth leis na hinstiúidí chun gníomhaíochtaí aontaithe um maolú riosca a ghníomhú le linn 2010. Tá próiseas maoirseachta níos treallúsaí ag an mBanc ó 2009 i leith lena n-áirítear maoirseacht agus láithreach leánúnach ar an láthair (i gcáil breathnóireachta) ag cruinnithe roghnaithe boird, iniúchóireachta agus riosca na n-institiúidí. Leanadh leis seo, ach tá sé dírithe níos mó anois ar riosca agus ar bhearta, i ndiaidh chur chun feidhme na struchtúr atá leagtha amach thuas. Thit an líon daonlaethanta ar an láthair de thoradh athmheasúnaithe ar an gcaoi inar cheart don Bhanc úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní (féach Tábla 1). Bhí idirghníomhú agus ailíniú níos fearr idir gníomhaireachtaí rialtais agus bhí tuilleadh anailíse ar fhaisnéis agus ar shonraí agus fócas níos mó ar réimsí sonracha inní agus riosca.

Tástálacha Struis 2010

An 30 Márta 2010, d’fhógair an Banc na torthaí ar iniúchadh a rinneadh chun riachtanais réamhbhreathnaitheacha stuamachta chaipitil de chuid institiúidí creidmheasa Éireannacha áirithe a mheas, ar institiúidí iad atá clúdaithe faoi Ráthaíocht an Rialtais. Tugadh chun críche an tAthbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) do Bhainc-Aontas Éireann cpt (AIB), do Bhanc na hÉireann (BOI) agus do Chumann Oideach Foirgníochta (EBS) ar an dáta sin agus foilsíodh torthaí na n-athbhreithnithe do Bhanc Angla-Éireannach (Anglo) agus Irish Life & Permanent plc (ILP) i Meán Fómhair 2010. Tá achoimre i dTábla 2 do na blianta 2010 agus 2011.

De bhreis air sin, an 23 Iúil 2010, d’fhoilsigh an Banc torthaí ar thástáil struis a rinneadh ar AIB agus BOI agus arna chomhordú ag Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha (CMBE). Léirigh na torthaí gur chomhlíon AIB agus BOI na riachtanais struis tar éis an caipiteal a bhí le tiomsú de thoradh AMSC a chur san áireamh. Bhain an Banc úsáid as an bhfaisnéis is déanaí a bhí ar fáil maidir le caillteanas iasachtaí GNBS arb éard a bhí iontu an tráth sin caolchorraigh thráinse 1 GNBS agus arb ionann iad agus na cinn a úsáideadh in AMSC. Déanfar na caolchorraigh seo a eachtarshuíomh chuig an gcuid eile de phunann incháilithe GNBS.

Tábla 1 – Líon na nIníúchtaí ar an Láthair agus líon na gCruinnithe Athbheithnithe

	Iarbhír 2009	Iarbhír 2010
Láithreachtaí ar an láthair	838 Daonlá	422.5 Daonlá
Iomlán na nIníúchtaí	93	98
Iníúchtaí Seachfhoinsithe	–	200
Iomlán na gCruinnithe Athbheithnithe	324	462
Iomlán na nAthbheithnithe Deiridh Bliana	183	286
Iníúchtaí ag díriú ar Iasachtaí le Stiúrtóirí	6	0
Iomlán	606	1,046
INSTITIÚIDÍ CREIDMHEASA MIONDÍOLA		
Cruinnithe Athbheithnithe		
– An Próiseas Athbheithnithe Maoirseachta & Meastóireachta	–	4
– Athbheithniú ar Chaighdeán do Mhorgáistí & ar Riosca Creidmheasa	–	5
– Athbheithniú ar Chleachtais Luacha Saothair	–	3
– Athbheithniú ar Straitéisí GBM	–	1
– Athbheithniú ar Iasachtú Tráchtála	–	1
– Athbheithniú ar Rialachas & ar Bhainistíocht Riosca	–	1
– Cruinnithe Athbheithnithe Míosúla (Anglo)	–	12
– Cruinnithe Maoirseoirí	–	2
Iníúchtaí ag díriú ar Iasachtaí le Stiúrtóirí	6	0
Iomlán	6	29
BAINC MHÓRDHÍOLA		
Iníúchtaí	22	9
Cruinnithe Athbheithnithe	74	97
Iomlán	96	106
ÁRACHAS		
Iníúchtaí	25	23
Cruinnithe Athbheithnithe	124	168
Iomlán	149	191
SOLÁTHRAITHE EILE SEIRBHÍSE AIRGEADAIS		
Iomlán na nIníúchtaí	39	53
Iomlán na gCruinnithe Athbheithnithe	65	84
Iomlán	104	137
<i>Mar atá</i>		
Gnólachtaí Infheistíochta/Stocbhróicéireachta		
Iníúchtaí	33	43
Cruinnithe Athbheithnithe	39	31
Soláthraithe Seirbhíse Ciste		
Iníúchtaí	6	5
Cruinnithe Athbheithnithe	26	53
Bureaux de Change/Tras-seolaithe Airgid		
Iníúchtaí	–	4
Institiúidí Íocaíochta		
Iníúchtaí	–	1

Tábla 1 – Líon na nIníuchtaí ar an Láthair agus Líon na gCruinnithe Athbhreithnithe

	Iarbhir 2009	Iarbhir 2010
Láithreachtaí ar an láthair	838 Daonlá	422.5 Daonlá
COMHAIR CHREIDMHEASA		
Iníuchtaí	7	7
Iníuchtaí Foinsithe Allamuigh	–	200
Cruinnithe	61	84
Athbhreithnithe Deiridh Bliana	183	286
Iomlán	251	577
MAOINIÚ FRITH-SCIÚRTHA AIRGID/FRITH-SCEIMHLITHEOIREACHTA		
Iníuchtaí		
Bainc Mhórdhíola	–	1
Árachas	–	2
Gnólachtaí Infheistíochta/Stocbhróicéireachta	–	1
Soláthraithe Seirbhíse Íocaíochta	–	1
Comhair Chreidmheasa	–	1
Iomlán	–	6

Tábla 2 – Riachtanais Stuaamachta Chaipitil arna bhforchur in 2010 agus in 2011

Banc	2010 AMSC	Ardú GNBS	Iomlán do 2010	Márta 2011	Iomlán 2010 agus 2011
AIB	€7.40bn	€3.00bn	€10.4bn	€13.3bn	€23.7bn
Banc na hÉireann	€2.66bn	–	€2.66bn	€5.2bn	€7.86bn
Irish Life & Permanent	€145m	–	€145m	€4.0bn	€4.145bn
EBS	€875m	–	€875m	€1.5bn	€2.375bn
Cumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann	€2.60bn	–	€2.60bn	–	€2.60bn
Banc Angla-Éireannach	€8.30bn	–	€8.30bn	–	€8.30bn
Iomlán	€21.980bn	€3.00bn	€24.98bn	€24.00 bn	€48.98bn

Tuairisc Chun Dáta ar Chaillteanais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS)

I ndiaidh thástálacha struis AMSC agus CMBE, ba léir go mbeadh na caillteanais ar iasachtaí arna n-aistriú chuig GNBS níos mó ná mar a mheas GNBS ar dtús, rud a fianáíodh in aistrithe Thráinse 1. Ba ghá mar sin athbhreithniú breise a dhéanamh ar na réamhaisnéisí caipitil do na hinstiúidí creidmheasa i Meán Fómhair. Seoladh an t-athbhreithniú seo roimh AMSC 2011 chun go bhféadfaí dul i ngleic le suntas na gcaillteanais seo agus cinnteacht a thabhairt maidir le caillteanais iomlána GNBS a tuaradh sna leibhéal caipitil a bhí á n-éileamh ag an mBanc. Fógraíodh torthaí an athbhreithnithe seo agus riachtanais bhreise caipitil, maille le AMSC do Anglo agus le hathstruchtúrú Anglo, an 30 Meán Fómhair. Bhí gá le €3bn caipiteal breise in AIB de

thoradh caillteanais leasaithe GNBS ach ní raibh gá le caipiteal breise sna hinstiúidí eile.

Athstruchtúrú ar an Earnáil Baintéireachta - Anglo / Cumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann, Postbank agus Bank of Scotland Ireland

Ar na príomhfhócais le linn na bliana, áiríodh struchtúr nua agus athchaipitliú Anglo. Bhí idirghníomhú suntasach idir an Banc, na húdaráis náisiúnta eile agus foireann ardbhainistíochta Anglo i gceist leis seo. Ar an gcaoi chéanna, díriodh ar athstruchtúrú agus athchaipitliú Chumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann.

Rinneadh iniúchadh ar roinnt roghanna agus pleananna gnó le linn na bliana maidir le struchtúr nua Anglo, idir “dhea-bhanc” agus meán téarnaimh a bhunú is dhúnadh láithreach agus tabhairt chun críche an eintitis, sula ndearnadh aighneacht chuig an gCoimisiún Eorpach. I gcomhar leis an bpróiseas seo, reáchtáil an Banc próiseas AMSC i Meán Fómhair 2010, chun meastóireacht a dhéanamh ar na riachtanais ionchasacha chaipitil do Bhanc Angla-Éireannach i mbonnchás agus i gcás faoi strus anuas go dtí 2020.

Le plean athstruchtúrúcháin arna fhorbairt ag foireann ardbhainistíochta Chumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS), beartaíodh athshuí a dhéanamh ar an gcumann mar chumann foirgníochta traidisiúnta, i.e. ag díriú ar thaiscí miondíola a ghlacadh agus morgáistí cónaithe a sholáthar. Measadh nach raibh an plean inmharthana, ámh. Rinneadh riachtanais chaipitil INBS a mheas ar bhonn leanúnach le linn na bliana agus mar thoradh ar an measúnú seo, a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, chuir an tAire Airgeadais €5.4bn de chaipiteal isteach in INBS trí Scair Speisialta Infheistíochta (€100m i mí an Mhárta) agus Nóta Gealltanais (€2.6bn i mí an Mhárta a méadaíodh chuig €5.4bn i mí na Nollag).

Ba é an togra deiridh a chuir na húdaráis náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena fhorghnó, go ndéanfaí Anglo a athstruchtúrú agus a chumasc le Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus go ndéanfaí sin a thabhairt chun críche thar thréimhse deich mbliana.

Cuireadh plean athstruchtúrúcháin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 31 Eanáir 2011, mar aguisín a bhí ag gabháil le plean athstruchtúrúcháin bunaidh na nÚdaráis Náisiúnta le haghaidh Anglo a cuireadh faoina bhráid in 2010. Mar chéad chéim den athstruchtúrú dhéanfaí an dá leabhar taiscí a aistriú chuig bainc eile. Tráth a scríofa (Aibreán 2011), bhíodh ag feitheamh le faomhadh ón gCoimisiún Eorpach do mheán nua don tabhairt chun críche a mbeadh ceadúnas baincéireachta aige a chiumseodh Anglo agus INBS araon.

An 8 Nollaig 2010, fuair an Banc iarratas faoi Acht an Bhainc Ceannais 1971 chun ceadúnas Postbank Ireland Limited a chúlghairm amháil ón 20 Nollaig 2010. D’fhógair scairshealbhóirí Postbank an 26 Feabhra 2010 nach leanfadh an comhfhiontar idir An Post agus BGL BNP Paribas tar éis dheireadh na bliana. Tar éis an fhógartha seo, chuir Postbank tús le tabhairt chun críche rianúil a ghnó. Eisíodh ceadúnas

baincéireachta do Postbank Ireland Limited i mí Aibreáin 2007; rinneadh cúlghairm dheonach ar a cheadúnas an 20 Nollaig 2010.

I mí Feabhra 2010, d’fhógair Bank of Scotland (Ireland) Limited (BoSI) go ndúnfadh sé gnó miondíola agus idirghabhálaithe BoSI i bPoblacht na hÉireann. Dúnadh síos an gnó miondíola agus idirghabhálaithe i mí an Mheithimh 2010. An 19 Lúnasa 2010, d’fhógair Lloyds Banking Group (LBG), tar éis dó athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí Éireannacha, go raibh sé ar intinn aige oibríochtaí BoSI a dhúnadh an 31 nollaig 2010. Chuir LBG in iúl gurb iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí le dúnadh an bhainc Éireannaigh (i) líon na n-iasachtaí lagaithe arna dtabhú ag an mbanc agus (ii) braitheadh nach raibh deis fáis ann sa todhchaí. An 31 Nollaig 2010, (i) aistríodh gnó BoSI chuig Bank of Scotland plc sa Ríocht Aontaithe, faoi Rialacháin AE maidir le Cumasc Trasteorann, (ii) rinneadh ceadúnas baincéireachta BoSI a chúlghairm ar iarratas chuige sin ón mbanc agus (iii) tháinig deireadh le BoSI. Rinne Bank of Scotland plc comhaontú le cuideachta seirbhíse neamhspleách in Éirinn, Certus, chun feidhmeanna éagsúla riaracháin a dhéanamh maidir le gnó iasachta a bhaineann le BoSI.

Bhí BoSI ag feidhmiú in Éirinn ó 1971.

Maoirseacht ar Bhainc Mhórdhíola

Samhail Rannpháirtíochta

Le linn 2010, tháinig borradh faoin tsamhail rannpháirtíochta le hinstiúidí creidmheasa mórdhíola nuair a leagadh béim ar leith ar iniúchadh níos doimhne ar na príomhrioscaí, ar rialachas agus ar an timpeallacht don rialú inmheánach. Ullmhaíodh próifíl riosca do gach instiúid agus béim á leagan ar na tosaíochtaí ó thaobh rannpháirtíocht maoirseachta de. Ar an rannpháirtíocht seo, áiríodh athbhreithniú ar shamhlacha gnó agus ar straitéisí do roinnt eintiteas ar thug tosca seachtracha margaidh dúshlán dóibh, sa chaoi gur ghá pleananna leasaithe gnó a fhorbairt agus roghanna malartacha straitéiseacha a bhreithniú. Bhí na heintitis faoi réir an Phróisis Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta (PAMM) freisin. Rinne an fhoireann chigireachta naoi gcigireacht le linn na bliana, ag díriú ar bhainistiú riaráistí creidmheasa, lagú, rialachas corparáideach agus ar fheidhmeanna cisteáin (féach Tábla 1).

An Próiseas Maoirseachta Athbhreithnithe agus Meastóireachta

Rinneadh measúnú iomlán PAMM ar fhorhóir na n-institiúidí creidmheasa mórdhíola, a chuimsigh láithreach ar an láthair agus athbhreithniú cainníochtúil agus cáilíochtúil ar rioscaí ábhartha agus ar chreat gaolmhar rialaithe don rialachas lena n-áirítear leithdháileadh caipitil. Cuimsíodh sa phróiseas seo freisin cuairteanna ar roinnt brainsí AE d'eintitis níos mó.

D'fhonn comhsheasmhacht agus comhréireacht sa chur chuige agus dúshlán sa rannpháirtíocht PAMM a áirithiú, cuireadh feabhas ar phróisis inmheánacha ónar eascair coistí nua treoraíochta agus formheasa. Ag eascair ón bpróiseas rialachais seo, bhí measúnuithe na scrúdaitheoirí faoi réir dúshlán maidir le bailíocht agus déine na dtorthaí.

Tar éis an phróisis rialachais inmheánaigh seo, cuireadh 24 litir agus 264 toradh chuig lucht bainistíochta institiúidí creidmheasa mórdhíola éagsúla inar leagadh amach na pleananna um maolú riosca a mbeadh gá leo, maille le spriocdhátaí gaolmhara agus, i gcás inar ghá, riachtanais bhreise chaipitil a bheadh le cur i bhfeidhm. Rinneadh na torthaí seo a chur faoi bhráid bhoird na n-eintiteas freisin chun tiomantas straitéiseach agus oibríochtúil a chinntiú maidir le hathruithe riachtanacha a dhéanamh. Déantar dlúthmhonatóireacht ar chomhlíonadh na spriocdhátaí seo don fheabhsúchán.

Feabhas ar Chumarsáid

Mar chuid den iarracht feabhas ar chur ar chumarsáid le bainc mhórdhíola, cuireadh roinnt tionscadal ar bun le linn na bliana chun soiléire a chinntiú i ndáil le cur chuige nua maoirseachta agus le béim a leagan ar chaighdeán an rialachais agus an rialaithe a bheadh le comhlíonadh ag an tionscal. Baineadh feidhm as fóraim amhail cruinnithe Chónaidhm na mBanc Idirnáisiúnta in Éirinn, cruinnithe déthaobhacha le príomhfheidhmeannaigh agus cathaoirligh institiúidí agus le boird stiúrthóirí chun go mbeadh an lucht ardbhainistíochta rannpháirteach sa phróiseas. Mar chuid den chur chuige seo, tá sraith ceardlann á réachtáil ag an mBanc ar bhonn céimneach i gcomhar le rannpháirtithe ardbhainistíochta ón tionscal chun bealaí éagsúla a mheas le feabhas a chur ar réimsí móra riosca agus rialaithe. Tionóladh an chéad cheann de na ceardlanna sin i mí na Nollag 2010, inar pléadh conas an fónamh is fearr a bhaint as dúshlán na bhfochoistí iniúchóireachta.

Grúpaí Maoirseachta

D'fhreastail an Banc ar 14 de ghrúpaí maoirseachta san AE, SA, agus i gCeanada le linn na bliana, a úsáideadh mar bhonn do mheasúnú riosca comhdhlúite, comhpháirteach na n-institiúidí suntasacha trasteorann a bhfuil láithreach fochuideachta acu in Éirinn. Ar an rannpháirtíocht seo, áiríodh torthaí PAMM a thíolacadh do mhaoirseoirí eile AE agus ar an gcaoi sin bhíodhas in ann comhdhearadh comhdhlúite a fháil de na grúpaí rioscaí agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an eintiteas Éireannach. Bhí acu ar leithligh ag an mBanc le grúpa maoirseoirí áirithe chun faomhadh a thabhairt do roinnt samhlacha inmheánacha grúpa chun measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí is a bheadh sé iad a chur i bhfeidhm maidir le fochuideachtaí Éireannacha.

Athruithe ar an earnáil baincéireachta idirnáisiúnta

Le linn na bliana, laghdaigh an líon institiúidí mórdhíola creidmheasa a ndéanann an Banc maoirseacht orthu, faoi 3 go 34. Rinneadh EEA Ireland a chumasc le EEA Covered Bank, First National a chumasc le Banc Uladh Éireann agus d'aistrigh Bank of Scotland (Éire) a chuid oibríochtaí chuig Bank of Scotland an 31 Nollaig. Le linn na bliana, fuarthas 14 fhiosrú maidir le ceadúnais nua agus mar thoradh air sin bhí plé turgnamhach ann maidir le samhlacha gnó dhá iarratas, agus tá ceann amháin díobh fós faoi chaibidil.

Córas rialála do bhainc

Treoracha AE um Riachtanais Chaipitil

Tá an clár oibre beartais maidir le rialáil baincéireachta tiomáinte i gcónaí ag forbairtí agus tograí idirnáisiúnta – an G20, An Bord Cobhsaíochta Airgeadais, Coiste Basel do Mhaoirseoirí Baincéireachta (CBMB), an Coimisiún Eorpach agus Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha (CMBE), cuireadh an tÚdarás Eorpach Baincéireachta (ÚEB) in ionad CMBE. Tugadh roinnt gealltanais mór ag cruinnithe mullaigh G20 in 2010 chun coinbhéirseacht dhomhanda rialála a chinntiú. Tá forhóir na leasuithe reachtúla arna moladh ag an gCoimisiún Eorpach nasctha go dlúth le forbairtí G20, lena n-áirítear tacú le comhaontú a rinne CMBE i mí Iúil maidir le creat nua caipitil agus leachtachta bainc a mbeidh an Treoir um Riachtanais Chaipitil (TRC) mar thoradh air ar an leibhéal Eorpach. Bhí an Banc, mar chomhalta de CMBE agus mar chomhairleoir teicniúil do Ranna Rialtais, ina rannpháirtí gníomhach i bhfóraim Eorpacha lena ndearnadh an creat rialála a leasú.

Bosca 5 – An Treoir um Riachtanais Chaipitil

Tugann TRC II isteach critéir chomhchuibhithe incháilitheachta do chuimsiú ionstraimí hibride i gcaipiteal Leibhéal 1; riachtanais nua do sheasamh urrúsaithe i ndáil le coinneáil eacnamaíoch, dícheall agus trédhearcacht chúí; socruithe maoirseachta atá níos foirmiúla, grúpaí maoirseoirí a bhunú do ghrúpaí trasteorann agus ról faoi seach a shoiléiriú do mhaoirseoirí intíre agus na tíre óstaí; athruithe ar rialacha a bhaineann le neamhchosaintí móra; agus ceanglais fheabhsaithe maidir le bainistitíú riosca leachtachta.

Tugann TRC III isteach riachtanais dhaingnithe chaipitil do shócmhainní atá ar seilbh i leabhar trádála institiúide; riachtanais chaipitil d'ath-urrúsaithe atá níos airde ná riachtanais chaipitil na seasamh eile urrúsaithe agus atá ceangailte le leibhéal an díchill chúí ar na hath-urrúsaithe; feabhas ar cheanglais faisnéisithe i ndáil le hurrúsaithe i leabhar trádála agus urraíocht na meán lasmuigh den chlár comhardaithe; agus prionsabail cheangailteacha beartais luacha saothair.

Rinneadh TRC II agus III a thrasú chuig Díl na hÉireann⁷ i mí na Nollag 2010. Ar na leasuithe is suntasaí, áiríodh riachtanais chaipitil don leabhar trádála agus ath-urrúsaithe a neartú agus tabhairt isteach rialachán maidir le beartais luacha saothair agus ceanglais fheabhsaithe maidir le faisnéisiú. Cé gur tháinig athruithe maidir le luach saothair i bhfeidhm i mí Eanáir 2011, ní thiocfaidh na cinn sin a bhaineann leis an leabhar trádála i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2011.

Le linn 2010 leanadh leis an bplé faoi leasuithe breise chun tograí CBMB a chur san áireamh, ar a dtugtar TRC IV. Áirítear orthu siúd:

- » An sainmhíniú ar chaipiteal rialála a chúngú.
- » Dhá chóimheas nua leachtachta a thabhairt isteach (i.e. an Cóimheas Clúdaigh Leachtachta agus an Cóimheas don Ghlanmhaoiniú Cobhsaí).
- » Feabhas a chur ar chlúdach riosca trí leasú a dhéanamh ar cheanglais do riosca creidmheasa contrapháirtí.
- » Laghdú ar chomhchioghlacht trí mhaolán comhshó agus frithchioghlachta caipitil a thabhairt isteach.
- » Cóimheas gearála a chur in ionad na riachtanas caipitil atá bunaithe ar riosca.
- » An chéad chéim de leabhar aonair rialacha lena gcuirfear deireadh le roinnt mhaith de na lánroghanna náisiúnta atá ar fáil do Bhallstáit faoi láthair, sa chaoi go ndéanfar treoir uasta chuíchóirithe den TRC.

Is é is aidhm do na húdaráis Eorpacha TRC IV a thabhairt chun críche in 2011 lena chur chun feidhme sa bhliain 2012. Tá socruithe eatramhacha beartaithe, ámh, lena n-éascófar do na bainc na riachtanais nua a chomhlíonadh fad atáthar ag tacú le téarnamh eacnamaíoch. Freastalaíonn an Banc ar chruinnithe meithlí chun an TRC a leasú agus chun Caihdeáin Cheangailteacha Theicniúla a fhorbairt a thacaíonn leis, i gcomhar le CMBE agus leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

Tá an TRC á leasú go suntasach agus déanfar na leasuithe sin a achtú ar bhonn céimneach. Tag. Bosca 5.

Le linn 2010, lean CMBE de threoirlínte breise a fhorbairt lena n-áirítear na treoirlínte maidir le Beartais agus Cleachtais Luacha Saothair, Cionroinnt Costsochair Leachtachta agus Comh-mheasúnú Leordhóthanacht Caipitil do Ghrúpaí Trasteorann. Tháinig deireadh le CMBE ag deireadh 2010 tráth ar tugadh isteach Treoir Omnibus lena foráladh do bhunú na nÚdarás Eorpach Maoirseoireachta (ÚEM) agus an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéimeach (BERS).

Tháinig an ÚEM i gcomharba an CMBE le héifeacht ó mhí Eanáir 2011. Feidhmeoidh an ÚEM mar mhol-líonra do chomhlachtaí AE agus

do chomhlachtaí náisiúnta agus cosnóidh sé luachanna poiblí amhail cobhsaíocht an chórais airgeadais, trédhearcacht na margáí agus na dtáirgí airgeadais agus cosaint na dtaisceoirí agus na n-infheisteoirí. Tá téarmaí tagartha leathana aige, lena n-áirítear arbatráiste rialála a chosc, a chinntiú go mbeadh machaire réidh ann, comhordú maoirseachta idirnáisiúnta a neartú, cóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus comhairle a sholáthar d'institiúidí an Aontais Eorpaigh i réimsí rialála na baincéireachta, na n-íocaíochtaí agus an r-airgid, an rialachais chorparáidigh, na hiniúcháireachta agus an tuairiscithe airgeadais. Bhí an Banc ina chomhalta de CMBE agus tá ionadaíocht aige ar Bhord Stiúrthóirí ÚEB. Glacann ionadaithe ón mBanc páirt i bhfoghrúpaí agus ar thascfhórsaí ÚEB.

7 Ionstraimí Reachtúla 625 agus 627 de 2010, faoi seach, i mí na Nollag 2010

Córas Réitigh Speisialta

Mar a sonraíodh in “Banking Supervision: Our New Approach”, tá obair ar siúl ar fhorbairt an Chórais Réitigh Speisialta (CRS) le tamall anuas sa Roinn Airgeadais agus sa Bhanc. Mar chuid den phacáiste beart a aontaíodh le déanaí leis an AE agus leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, cuireadh luas leis an obair ar CRS. Bhí dhá thoradh air seo: ar an gcéad dul síos, i mí na Nollag 2010 ritheadh ina dlí sraith cumhachtaí éigeandála lena gceadófar don Aire Airgeadais roinnt beart réitigh a ghlacadh; ar an dara dul síos, tá bille beartaithe agus foilsithe do 2011 lena bhforálfar do CRS buan.

Tá obair idir lámha freisin lena gcinnfear an bealach is éifeachtaí do na húdaráis CRS buan a oibriú. Forbraíodh meicníochtaí soiléire don chomhordú idir an Roinn Airgeadais agus an Banc. De bhreis air sin, tá struchtúir inmheánacha á gceapadh chun CRS a oibriú laistigh den Bhanc. Orthu seo, áirítear cruthú feidhme réitigh ar leithligh ón bhfeidhm maoirseachta, próisis lena n-áiríteofar trasuíomh réidh ó mhaoirseacht go réiteach agus forbairt ar acmhainní foirne agus eile chun CRS a oibriú.

An Cód Cleachtais d’Institiúidí Creidmheasa maidir le Hlasachtú do Pháirtithe Gaolmhara

I mí Dheireadh Fómhair 2010, d’eisigh an Banc an Cód Cleachtais maidir le Hlasachtú do Pháirtithe Gaolmhara (Cód IPG) lenar tugadh isteach ceanglais reachtúla i ndáil le hiasachtú ag na bainc agus na cumainn foirgníochta do pháirtithe gaolmhara. Le Cód IPG, a cuireadh in ionad na gceanglas neamhreachtúil a bhí ann roimhe sin, leathnaítear an sainmhíniú ar pháirtí gaolmhar agus laghdaítear an t-uasmhéid is féidir a thabhairt ar iasacht do pháirtí gaolmhar indibhidiúil agus laghdaítear na méideanna comhiomlána is féidir a thabhairt ar iasacht do na páirtithe gaolmhara uile. Ar na páirtithe gaolmhara, áirítear stiúrthóir, bainisteoir sinsearach nó scairshealbhóir suntasach in institiúid chreidmheasa nó in eintiteas a bhfuil scairshealbhe ag an institiúid ann, chomh maith le duine atá bainteach le haon duine thuasluaite. Tugadh isteach an Cód IPG d’fhonn cosc a chur ar mhí-úsáidí a tharlaíonn toisc nochtadh do pháirtithe gaolmhara agus d’fhonn aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh tarlú sa réimse seo. Ceanglaítear leis go ndéanfaí iasachtú den sórt ar neamhthuilleamaí, go mbeadh sé teoranta do chéatadán de chistí na hinstiúidí féin, agus go mbeadh sé faoi réir maoirseachta agus teorainneacha a bheadh iomchuí, éifeachtach.

Cód Rialachais Chorparáidigh d’Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais

I mí na Samhna 2010, d’eisigh an Banc Cód Rialachais Chorparáidigh d’Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais (Cód RC) lena leagtar amach na ceanglais íosta reachtúla don chaoi inar cheart do bhainc agus do chuideachtaí árachais rialachas a n-institiúidí a eagrú. Is é is cuspóir do na rialacha nua seo, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2011, a chinntiú go bhfuil socruithe stuama rialachais i bhfeidhm chun go mbeidh an mhaoirseacht iomchuí ann le riosca a sheachaint nó a íoslaghdú i gcás géarchéime amach anseo. Áirítear i gCód RC, forálacha maidir le comhaltas bord stiúrthóirí, ról agus freagrachtaí an chathaoirligh agus na stiúrthóirí eile agus oibríú na gcoistí bord éagsúla. Tá cur chuige dhá chiseal i gCód RC trí chroíchaighdeáin íosta a fhorchur ar bhoird stiúrthóirí na mbanc agus na n-árachóirí i gcoitinne agus trí riachtanais bhreise a chur de cheangal ar ghnólachtaí a bheidh ainmnithe ag an mBanc mar institiúidí móra. Tá feidhm ag na riachtanais nua maidir le gach institiúid chreidmheasa agus le gach árachóir atá ionchorpraithe in Éirinn (lena n-áirítear gnólachtaí ath-árachóra ach lena n-eisiatar gnólachtaí árachais faoi chuing).

Samhail Riosca Rialála

Bunaíodh Rannóg thiomnaithe Riosca i mí an Mheithimh 2010 i gcomhréir le sainordú an Bhainc feabhas a chur ar a chlár maoirseachta bunaithe ar riosca. Feidhmíonn sé seo mar an dara líne cosanta do stiúrthóireachtaí maoirseachta. Is é is aidhm don Rannóg a chinntiú gurbh fhéarr a fhéadfaidh an Banc rioscaí don gheilleagar agus do thomhaltóirí airgeadais a thagann ó na c14,000 eintiteas rialáilte in Éirinn a thuiscint, a anailísiú agus gníomhaíocht a dhéanamh ina leith. Tá an Rannóg Riosca freagrach as ceapadh agus bunú chóras Rialála Riosca an Bhainc Ceannais (PRISM)⁸. Bainfear úsáid as an gcóras chun leibhéil rannpháirtíochta leis na heintitis rialáilte go léir a chinneadh, riachtanais acmhainní a fhoirmiú, agus chun cionroinnt na n-acmhainní maoirseachta a éascú i leith eintiteas ar bhonn tionchair agus riosca. Leis an gcóras seo, cuirfear feabhas ar mhaoirseacht agus tuairisciú maidir le heintitis, éascófar breitheanna faoi riosca a ghlacadh, agus neartófar cumas na maoirseoirí beart éifeachtach a ghlacadh ar bhonn éifeachtúil, comhsheasmhach.

Anailís Stiuamachta

Bunaíodh Aonad Anailíse Stiuamachta in 2010 a bhfuil sainordú aige seirbhísí anailíse a sholáthar, go príomha do na maoirseoirí baincéireachta agus árachais agus don eagraíocht i gcoitinne chomh maith. Tá ceithre fho-rannóg ag an aonad a bhfuil speisialtóireacht acu in anailís airgeadais, anailís riosca, anailís ar shamhail ghnó agus i dtástáil struis. Bhí páirt ag an Aonad seo i stiúradh thástálacha struis AMSC a rinneadh ar na mór-institiúidí clúdaithe, agus ar roinnt eintiteas idirnáisiúnta freisin, d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an leibhéil iomchuí caipitil ba ghá i gcomhthéacs an leibhéil nochta do mhaoin chónaithe agus tráchtála. Thacaigh an tAonad le rannpháirtíocht PAMM freisin, mar atá sonraithe thuas, trí uirlisí cainníochta a fhorbairt agus a fheidhmiú. Le linn na bliana, rinne an tAonad athbhreithniú ar shamhlacha rátála creidmheasa na mbanc d'fhonn a chinntiú go raibh na samhlacha a bhí á n-úsáid chun críocha rialála caipitil fós oiriúnach chuige sin.

D'fhruiligh an banc seirbhísí Comhairleoirí Riosca a bhfuil taithí tráchtála ag leibhéal Boird acu chun cuidiú leis an bhfoireann maoirseachta líne tosaigh. Cuireann na baill shinsearach seo go mór le fairsinge agus doimhne na taithí atá ag an bhfoireann. Soláthraíonn siad comhairle agus tacaíocht do na maoirseoirí, agus ó am go chéile glacann siad páirt sna cuairteanna ar na bainc.

Maoirseacht ar Eintitis Árachais

Maoirseacht Leanúnach 2010

Ar phríomhchuspóirí 2010, áiríodh cur chun feidhme cur chuige níos réamhbhreathnaíth níos treallúsaí chun roinnt tionscnamh maoirseachta a chur chun feidhme agus a fheabhsú. Bhí fócas leanúnach ar scrúdú a dhéanamh ar shamhlacha gnó agus ar straitéisí gnó na ngnólachtaí. Cuireadh breis acmhainní ar fáil le haghaidh cigireachtaí chun go bhfeabhsófar na próisis d'fhonn cigireachtaí sonracha institiúide agus cigireachtaí téamacha a éascú, amhail rialachas corparáideach na n-atharachóirí móra. Clúdaítear saincheisteanna rialála a bhaineann le Quinn Insurance Limited sa chuid ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe agus Rialála.

Chuir an Banc feabhas ar a phróisis inmheánacha lena chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht ann maidir le cur chuige agus dúshlán do bhearta agus do phleananna

maoirseachta do na hinstiúidí is suntasaí. Bunaíodh Painéil Rialachais Riosca le linn 2010 chun go dtabharfar an deis d'fhoirne scrúdaithe dul i dteagmháil le saineolaithe teicniúla, speisialtóirí riosca agus le foireann shinsearach ar leith ó na daoine sin a ndéanann siad tuairisciú dóibh ar bhonn laethúil. Tar éis cruinnithe den Phainéal Rialachais Riosca, eisítear Pleananna Maolaithe Riosca chuig gnólachtaí ina sonraítear gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm faoi spriocdhátaí sonraithe.

Cuireadh feabhas ar chórais tuairiscithe agus bainistithe faisnéise le tabhairt isteach an Chórais Leictreonaigh Tuairiscithe do Chuideachtaí Atharachais. Chuaigh an Banc i dteagmháil leis na heintitis árachais is mó a ghlac páirt i dtástáil struis an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Pléadh na torthaí leis na heintitis i gceist agus mar thoradh air sin cuireadh bearta feabhsúcháin i bhfeidhm i gcás inar ghá.

Sócmhainneacht II

Faoi láthair, ta an fócas go príomha ar chur chun feidhme Threoir Shócmhainneacht II, ar athbhreithniú bunúsach fardréiseach é ar na Treoracha reatha ón AE maidir le Grúpaí Árachais agus Atharachais Saoil agus Neamhshaoil, (Sócmhainneacht I). Is córas nua é a dhéanann measúnú ar sheasamh foriomlán airgeadais gnólachta nó grúpa árachais agus tugtar athruithe ábhartha isteach leis ar riachtanais chainníochtúla chaipitil atá bunaithe ar riosca, riachtanais cháilíochtúla, cleachtais mhaoirseachta agus nochtadh faisnéise don phobal. Leis an gcóras nua maoirseachta leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht iomlánaíoch riosca agus le caighdeán stuamachta, i measc rudaí eile. Beidh feidhm ag Treoir Shócmhainneacht II ó mhí Eanáir 2013.

Le linn 2010, cuireadh ionchur fairsing ar fáil do phróiseas AE chun 'Bearta Cur Chun Feidhme' a ullmhú agus treoir ÚEÁPC a fhorbairt. I gcomhar leis an Roinn Airgeadais, tá ullmhúchán á dhéanamh ag an mBanc chun reachtaíocht Shócmhainneacht II a thrasú go dtí an dlí náisiúnta agus tá páirt á glacadh aige i roinnt meithlí a bhaineann le Sócmhainneacht II. Bunaíodh Foireann Tionscadail Shócmhainneacht II agus Foireann Tuairiscithe Shócmhainneacht II sa Bhanc in 2010 chun ullmhú don chóras nua. Tá an Banc tar éis próiseas a shainiú agus a bhunú freisin don réamhfeidhmiú ar shamhail inmheánach do na gnólachtaí sin a bhfuil sé

9 Thogh Bord Stiúthóirí ÚEÁPC an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, chuig a Bhord Bainistíochta ar a bhfuil seisear comhalta.

10 Sainghrúpa Samhlacha Inmheánacha, Sainghrúpa Riachtanais Airgeadais, Fochoiste Coibhéise, Foireann Measúnaithe Coibhéise, Foghrúpa Maoirseachta agus Tuairiscithe Rialachais inmheánaigh, Coiste Maoirseachta Grúpaí Árachais, Coiste Cobhsaíochta Airgeadais, Painéal Athbhreithnithe agus Coiste um Ilchuideachtaí Airgeadais.

Bosca 6 – Ullmhúcháin do Shócmhainneacht II

Tá an plé leanúnach leis an tionscal árachais agus atharachais ina ghné thábhachtach den ullmhúchán do chur chun feidhme éifeachtach chóras Shócmhainneacht II. Chuige sin, in 2010 rinne an Banc an méid seo a leanas:

- » Fóram Tionscail a óstáil ar Shócmhainneacht II i mí Bealtaine 2010.
- » Dhá sheimineár a reáchtáil le stiúrthóirí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin chun béim a leagan ar a bhfreagrachtaí nua faoi chóras Shócmhainneacht II.
- » Nuachtlitir ráithiúil a sheoladh maidir le Sócmhainneacht II chun gnólachtaí a choinneáil ar an eolas is déanaí faoi ghníomhaíochtaí agus imeachtaí do chur chun feidhme bheartas Shócmhainneacht II.
- » Cur i láthair a thabhairt don Chumann Achtúirí in Éirinn faoi Shócmhainneacht II.
- » 8 gCeardlann faoi Mheasúnú Tionchair Chainníochtúil (MTC) a reáchtáil sa tréimhse idir Lúnasa agus Samhain 2010 chun ionchur cainníochtúil a sholáthar faoi chur i gcrích thograí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le 'Bearta Cur Chun Feidhme'. Fuair an Banc 220 aighneacht mar chuid den MTC, rud a léirigh tiomantas thionscal árachais agus atharachais na hÉireann don phróiseas foriomlán.
- » Suirbhé a sheoladh ar ullmhacht na ngnólachtaí do Shócmhainneacht II lenar áiríodh ceanglas go ndéanfadh gnólachtaí aon bhearnaí móra ina n-ullmhúcháin a shainaithe agus amscála a leagan síos chun iad a réiteach.

bearaithe acu samhail iomlán nó páirteach a úsáid chun a Riachtanais Chaipitil Sócmhainneachta (RLS) a ríomh agus reáchtáil sé ceardlanna agus cruinnithe le gnóthais a bhfuil sé beartaithe acu samhail inmheánach a úsáid faoi Shócmhainneacht II. Tá cur síos i mBosca 6 ar na hullmhúcháin atá ar bun chun Sócmhainneacht II a chur i bhfeidhm.

Scéim Ráthaíochta Árachais

Bhí an Banc rannpháirteach freisin sa phróiseas comhairliúcháin tar éis fhoilsiú Pháipéar Bán an Choimisiúin Eorpaigh faoi Scéimeanna Ráthaíochta Árachais (SRÁ). Le SRÁ, cuirtear cosaint rogha deiridh ar fáil do thomhaltóirí i gcás nach mbeidh na hárachóirí ábalta a ngealltanais conartha a chomhlíonadh, agus cuirtear cosaint ar fáil i gcoinne an riosca nach bhfreastalódh an chuideachta árachais ar éilimh dá dtiocfadh deireadh leis an gcuideachta sin. Tá an AE ag moladh go dtabharfaí isteach Treoir lena gcinnteofar go bhfuil SRÁ ag gach Ballstát chun sraith íosta ceanglas a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe go ndéanfar togra reachtach a chur síos do Scéim Árachais uile-Eorpach le linn 2011.

Tuairisciú Leictreonach do Chuideachtaí Atharachais

Le linn 2010, leanadh leis an obair ar chóras leictreonach tuairiscithe lena n-éascófar do chuideachtaí atharachais a sonraí rialála bliantúla a tharchur chuig an mBanc trí úsáid a bhaint as modh slán. Roimh chur i bhfeidhm céimneach an chórais tuairiscithe atharachais, reáchtáladh roinnt ceardlann leis an tionscal inar míníodh oibriú an chórais. Féadfaidh gach cuideachta atharachais anois a n-aischur

ráithiúil agus bliantúil a chur isteach trí úsáid a bhaint as ardán coiteann tuairiscithe.

Ceanglaítear go gcuirfeadh na sonraí trí chritéir bailíochtaithe shonraithe, agus ní dhéanfar iad a uaslódáil go huathoibríoch chuig córais inmheánacha an Bhainc go dtí go mbeidh siad ceart. Seachnaíonn sé seo an gá le ham a chaitheamh ar idirghabháil de láimh. Leis an gcreat nua tuairiscithe, éascaítear don Bhanc maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí atharachais agus a chinntiú go bhfuil siad ag cloí le cóimheasa stuamachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus ar phríomhtháscairí ar bhealach níos tráthúla ná mar ab fhéidir roimhe seo.

Comhairliúchán/Treoraíocht & Obair Eile

Le linn 2010, chuaigh an Banc i gcomhairle leis an tionscal maidir le roinnt míreanna lena n-áirítear:

- » Ráthaíochtaí Infheistíochta - Treoraíocht maidir le Forchoimeád & Rialachas Riosca (CP42) a eisíodh i mí Bealtaine 2010 d'fhonn an cleachtas is fearr a bheartú agus a chur chun feidhme ar fud an tionscail. Eisíodh páipéar dar teideal Requirements on Reserving and Risk Governance for Variable Annuities i mí na Nollag 2010 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí a fuarthas i ndáil le CP42. Socraítear leo seo caighdeán nua d'árachóirí a scríobhann gnó blianachta athraithe in Éirinn. Is táirgí casta iad seo a éilíonn caighdeán arda, socruithe bainistíochta le hacmhainní maithe agus cruthaíonn an córas beartaithe creat cuimsitheach rialála do ghnólachtaí ar mhian leo an gnó seo a dhéanamh.

- » Treoraíocht maidir le tuarascálacha achtúireacha dheireadh na bliana arna n-eisiúint ag an gCumann Achtúirí in Éirinn i mí na Samhna 2010.

Teagmháil idir Rialtóirí

Ghlac an Banc páirt fhairsing i gcomhoibriú maoirseachta déthaobhach agus iltaobhach agus d'fhreastail sé ar 17 ngrúpa maoirseachta le linn 2010. Anuas air sin, bhí idirghníomhú suntasach rialála ann i ndáil le faomhadh na samhlacha inmheánacha grúpa faoi chóras Shócmhainneacht II.

Painéal Athbhreithnithe Piaráí ÚEÁPC

Tá an Banc ina chomhalta de Phainéal Athbhreithnithe Piaráí ÚEÁPC a bunaíodh ar dtús faoi CEIOPS i mí Lúnasa 2008. Is grúpa buan é seo a chuimsíonn ionadaithe ardleibhéil d'Údarás Náisiúnta Mhaoirseachta agus a shealbhaíonn an neamhspleáchas, an oibiachtúlacht, an tsinsearach, agus an t-eolas riachtanach ar reachtaíocht chomhphobail agus ar bhearta ÚEÁPC, mar aon leis an saineolas i gcleachtais mhaoirseachta chun creidiúnacht agus éifeachtúlacht a chinntiú sa mhodh athbhreithnithe piaráí. Is é an sainordú atá ag an bPainéal Athbhreithnithe cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha maoirseachta a leagtar amach sa Reachtaíocht Chomhphobail agus i mbearta ÚEÁPC (forálacha maoirseachta) agus monatóireacht a dhéanamh ar chóineasú na gcleachtas maoirseachta. I gcomhréir lena shainordú, reáchtáilann sé athbhreithnithe piaráí painéil atá bunaithe ar fhéin-mheasúnuithe arna soláthar ag a chomhaltaí i gcomhréir le modheolaíocht shoiléir oibiachtúil. Ghlac an Banc páirt in Athbhreithniú Piaráí i Meán Fómhair 2010 lenar scrúdaíodh na 'Forálacha um Malairt Eolais agus um Chomhar sa Phrótacal Ginearálta'. Tá torthaí ardleibhéil an athbhreithnithe ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚEÁPC.

Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Cur Chuige Maoirseachta

Leis an gcur chuige rialála do chomhair chreidmheasa in 2010, díriodh ar an ngá atá le clár chomhardaithe láidre, bunaithe ar bhuntosca stuamachta agus follasachta. Leanadh ag díriú ar mhaoláin láidre sábháilteachta a bhunú i bhfoirm cúlchistí rialála, soláthar do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha agus do leachtacht. Lean an Banc freisin lena obair i sainaitheant na gcomhar creidmheasa a bhí lag agus ghlac bearta réamhghníomhacha nuair ba ghá chun muinín a choinneáil san earnáil.

Ar na forbairtí suntasacha nua ar chur chuige rialála an Bhainc in 2010, áiríodh bunú Fóram tionscnaimh Rialála na gComhar Creidmheasa lenar osclaíodh bealach don chumarsáid dhíreach le comhair chreidmheasa indibhidiúla lena chinntiú go mbeadh tuiscint shoiléir ann ar cad a bhí i gceist leis na teachtaireachtaí agus an cur chuige rialála. An fhís rialála ag an mBanc don earnáil is ea "**comhair chreidmheasa láidre faoi chumhdach sábháilte**" agus leis an straitéis spreagfar an t-athrú rialála chuige seo. Reáchtáladh na cruinnithe Fóraim i sé cinn de shuíomhanna ar fud na tíre agus d'fhreastail tuairim is 900 ionadaí ó bhoird, lucht bainistíochta agus maoirseoirí na gcomhar creidmheasa ar na cruinnithe sin. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach ó na rannpháirtithe, agus rinneadh roinnt mhaith moltaí maithe maidir le feabhas a chur ar fhóraim amach anseo.

Maoirseacht Leanúnach

Bhí an tionchar neamhfhachrach ón gcúlu eacnamaíochta fós le sonrú ar cháilíocht na leabhar iasachtaí ag na comhair chreidmheasa – go háirithe sa leibhéal riaráistí tuairiscithe agus na n-iasachtaí athsceidealaithe. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar leordhóthanach leibhéal na bhforálacha, cheap an Banc cigirí chun athbhreithnithe a dhéanamh ar 200 comhar creidmheasa (féach Tábla 1). Ina theannta sin, iarradh ar roinnt comhar creidmheasa eile a shocrú go ndéanfaí athbhreithnithe seachttracha ar leabhair iasachtaí. Mar thoradh ar an obair athbhreithnithe seo ar na leabhair iasachtaí ceanglaíodh soláthairtí breise maidir le drochfhiacha i gcás líon suntasach comhar creidmheasa a ndearnadh cigireacht orthu. Cheangail an Banc ar na comhair chreidmheasa sin na soláthairtí breise sin a áireamh ina ráitis airgeadais.

Chuir an Banc tús freisin le sraith de thástálacha struis chun measúnú réamhbhreathnaitheach a dhéanamh ar na brúnna airgeadais ar dóigh a mbeadh ar chomhair chreidmheasa aghaidh a thabhairt orthu sa tréimhse go dtí 30 Meán Fómhair 2012. Le toradh na dtástálacha struis, maille leis na hathbhreithnithe ar na leabhair iasachtaí, cumasaíodh don Bhanc gníomhaíochtaí a shainaitheant agus tosaíocht a thabhairt dóibh i ndáil le comhair chreidmheasa indibhidiúla. Chuir an Banc pleannanna maolaithe riosca ar bun do na comhair chreidmheasa sin chun go bhféadfaidís dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaitheant agus aontaíodh amscálaí lena gcur i gcrích.

Dul Chun Cinn ag Deireadh na Bliana

I mí Mheán Fómhair 2010, d'eisigh an Banc ciorclán chuig gach comhar creidmheasa maidir

I dTábla 3, tá figiúir na gcomhar creidmheasa arna bhfaomhadh chun seirbhísí breise agus iasachtú níos fadtéarmaí a sholáthar.

Tábla 3 – Comhair Chreidmheasa a Faomhadh chun Seirbhísí Breise agus Iasachtú níos Fadtéarmaí a Sholáthar

	2009	2010 ¹¹
Seirbhísí Breise – Morgáistí	21	21
Seirbhísí Breise – Á. Saoil & Pinsin	7	7
Seirbhísí Breise – CCSPanna ¹²	47	47
Faomhadh Iasachtaithe níos Fadtéarmaí	35	35
Iomlán	110	110

le gnáthaimh do dheireadh na bliana agus le díbhinní a íoc. Go háirithe, meabhraíodh do na comhair chreidmheasa go raibh de cheangal orthu teagmháil a dhéanamh le Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa chun aon tograí a phlé chun díbhinn a íoc i gcás ina mbeadh cúlchistí faoi bhun an cheanglais íosta rialála. I gcás beagnach 80 faoin gcéad de na comhair chreidmheasa, níor íoc siad ach díbhinní ainmniúla aon faoin gcéad nó níos lú in 2010.

D'eisigh an Banc ciorclán freisin chuig iniúcháirí seachtracha uile na gcomhar creidmheasa inar meabhraíodh a n-obleagáidí dóibh i ndáil le hiniúchadh ceann bliana ar chomhair chreidmheasa faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 agus na ciorcláin, an treoraíocht agus na ceanglais rialála arna n-eisiúint ag an mBanc chuig comhair chreidmheasa in 2010. Meabhraíodh d'iniúcháirí freisin breithniú a dhéanamh ar thorthaí agus impleachtaí na dtástálacha struis agus ar thorthaí na n-athbhreithnithe ar na leabhair iasachtaí i gcomhthéacs iniúchadh bliantúil 2010. Dá bhrí sin, dhírigh na hiniúcháirí níos mó ar na saincheisteanna seo agus rinne roinnt iniúcháirí teagmháil leis an mBanc chun nithe a bhain le cuntais na gcomhar creidmheasa indibhidiúil a phlé.

Ceanglais Nua Rialála

Shocraigh an Banc cóimheas leachtachta íosta rialála do gach comhar creidmheasa arb ionann é agus 20 faoin gcéad de thaiscí neamhcheangailte. Leagtar amach in Alt 35 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 na teorainneacha fadtéarmacha iasachtaithe do chomhair chreidmheasa. Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, leasíodh an teorainn a shonraítear in Alt 35 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 maidir le hiasachtú thar cúig bliana ach é a mhéadú ó 20 faoin gcéad go 30 faoin gcéad de na holliasachtaí gan

íoc. Bhí ceanglais rialála ag gabháil leis an teorainn iasachtaithe a d'eisigh an Banc i ndáil le cleachtas iasachtaithe d'iasachtaí athsceidealaithe agus córais, rialaithe agus tuairisciú a bhfuil feidhm acu maidir le gach comhar creidmheasa is cuma cén céatadán iasachtaithe atá ann thar cúig bliana. Tháinig na ceanglais i bhfeidhm i mí na Samhna 2010. Is é is cuspóir do na ceanglais a chinntiú go nglacfaidh na comhair chreidmheasa cur chuige stuama agus iasachtaí á n-athsceidealú acu, agus a chinntiú go bhfuil soláthar iomchuí déanta chun rioscaí a aithint sna cásanna sin. Ceanglaítear ar chomhair chreidmheasa tuarascálacha ráithiúla a chur isteach maidir le hiasachtaí athsceidealaithe ionas gur féidir leis an mBanc monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh nag ceanglas ag na comhair chreidmheasa.

Athbhreithniú Straitéiseach

In 2009, d'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar eanáil na gcomhar creidmheasa in Éirinn. Ceapadh Grant Thornton i mí an Mheithimh 2010 chun an t-athbhreithniú a reáchtáil agus rinne siad mionscrúdú ar struchtúr, oibríocht, rialáil agus ar reachtaíocht eanáil na gcomhar creidmheasa d'fhonn moltaí a dhéanamh, lena n-áirítear tograí sonracha chun fóntacht stuamachta a neartú.

I mí an Mheithimh 2010, d'fhoilsigh an Banc páipéar comhairliúcháin maidir leis na roghanna a bhí ann do shocruithe cobhsaíochta in eanáil na gcomhar creidmheasa agus cuireadh na haighneachtaí ón gcomhairliúchán ar fáil do Grant Thornton mar chomhairle agus mar bhonn eolais don obair ar an athbhreithniú straitéiseach. Cuireadh an tuarascáil ar an athbhreithniú straitéiseach i mí Eanáir 2011 agus chuir an Banc cóip den tuarascáil ar fáil don Aire Airgeadais.

¹¹ Gan aon mhéadú ar fhiigiúir idir 2009 agus 2010

¹² I gcás na CCSPanna tugann na comhair chreidmheasa fógra don rialtóir go bhfuil sé beartaithe acu an tseirbhís seo a sholáthar. Ní gá faomhadh a fháil.

Maoirseacht ar Mhargáí

Maoirseacht ar Mhargáí agus Stocmhalartán na hÉireann

Bhí croíghné obair an Bhainc maidir le maoirseacht ar mhargáí fós dírithe ar ullmhú leachtú na dtrí tharmligean dá fheidhmeanna reachtúla chuig Stocmhalartán na hÉireann (SÉ). Baineann na trí tharmligean oibre le codanna d'obair an Bhainc ar athbhreithniú réamheolaire, imscrúduithe ar mhí-úsáidí margaidh agus maoirseacht ar fhoilsiú faisnéise cuideachtaí ag cuideachtaí atá á rialáil faoin Treoir um Thrédhearcacht. Rinne an Banc dul chun cinn maith agus táthar ag súil go mbeidh sé in ann dhá tharmligean (Mí-úsáid Margaidh agus Réamheolaire) a leachtú faoi dheireadh 2011 agus an tríú tharmligean (An Treoir um Thrédhearcacht) a leachtú in 2012.

Deireadh a Chur le Tarmligeán Réamheolaire chuig SÉ

I mí Aibreáin 2010, d'fhógair an Banc gur cuireadh tús le comhthionscadal le SÉ chun leachtú a dhéanamh ar tharmligean na gcúraimí grinnscrúdaithe réamheolaire a bhí á gcomhlíonadh ag SÉ thar ceann an Bhainc faoi shocrú tarmiligin ó 2005. Faoin Dlí Eorpach, caithfeadh ról an ghrinnscrúdaithe réamheolaire a thabhairt ar ais don Bhanc faoin 31 Nollaig 2011.

Bunaíodh coiste stiúrtha ar a raibh ionadaithe an Bhainc agus SÉ, chun maoirseacht a dhéanamh ar an aistriú chuig an bhfoireann formheasa chomhtháite réamheolaire. Bhunaigh an coiste seo roinnt meithlí chun roinnt croíghnéithe den tionscadal a chur chun cinn. Bunaíodh Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara freisin chun a chinntiú go mbeadh páirtithe leasmhara ón margadh páirteach sa tionscadal seo a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis. Cinnteoidh foireann bainistíochta an tionscadail go ndéanfar aistriú mín, réidh ar an bhfeidhm seo ó SÉ go dtí an Banc faoi dheireadh 2011.

Maoirseacht ar Mhargáí

Tá cáilíocht na dtuarascálacha idirbheart a fhaightear ó ghnólachta MilA rithábachtach chun cur chuige éifeachtach a bhunú, le caitheamh na mblianta, chun monatóireacht a dhéanamh ar thrádáil scaireanna. Cé nach gcuirfidh an mhonatóireacht seo deireadh iomlán leis an bhféidearthacht go dtarlóidh drochúsáid margaidh neamhbhraithe, féadfaidh sí feidhmiú mar uirlis chun an choir seo a dhímholadh (féach Táblaí 4 agus 5).

I mí Feabhra 2010, thug an Banc rabhadh poiblí don mhargadh go raibh sé míshásta le caighdeán na dtuarascálacha idirbheart a bhí ag teacht ó roinnt gnólachtaí tuairiscithe. D'áitigh an Banc ar gach gnólacht tuairiscithe a bheith thar a bheith cúramach le linn dóibh córais T.F. a athrú agus mhol sé dóibh iniúchtaí díchill chuí a dhéanamh lena chinntiú go leanfadh aon chórais nua de bheith ag cloí le ceanglais an Bhainc.

Sa dara leath den bhliain, thosaigh an Banc clár d'iniúchtaí foirmiúla ar cháilíocht an tuairiscithe agus rinne sé cúram leantach sonrath den scéal leis na gnólachtaí tuairiscithe. Tá an Banc den tuairim go mbainfeadh gach gnólacht fónamh as iniúchtaí a reachtáil ar cháilíocht an tuairiscithe idirbheart ar bhonn rialta, seachas a bheith ag fanacht leis an mBanc saincheisteanna cáilíochta a shainithint. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo i gcás gnólachtaí a bhfuil roinnt den phróiseas tuairiscithe seachfhoinsithe acu, ó tharla go mbeidh siad féin freagrach i gcónaí beag beann ar cén próiseas ba chúis leis an earráid – a bpróiseas féin nó próiseas an ghnólachta ar seachfhoinsíodh an obair chucu. Rinneadh dul chun cinn maith ar phróiseas ardchaighdeán monatóireachta margaidh a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar na sonraí seo, agus sheol an Banc beo an chéad chéim den phróiseas beartaithe monatóireachta i mí na Nollag 2010. Leis seo, bhíothas in ann cur leis na hiarrachtaí maidir le hiniúchadh ar shonraí tuairiscithe.

Laistigh den Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ÚEUM), bhí rath ar iarrachtaí an Bhainc córas uile-Eorpach a chur chun cinn do mhalartú sonraí faoi Chonarthaí i gcomhair Dífir (CDi) i mí na Nollag tráth ar éascaíodh malairt trasteorann sonraí Idirbheart Díorthach Thar an gCuntar, lena n-áirítear idirbhearta DTCanna, tríd an Meicníocht Malairte do Thuairisciú Idirbheart (MMTI) ar bhonn uile-Eorpach. Tá obair fós ar siúl laistigh de ÚEUM chun córas a fhorbairt do mhalairt sonraí cliant don trádáil margaidh uile. Bhí sé seo, mar aon le cuíchóirí níos fearr ar shonraí malairte idirbheart idir na hÚdaráis Inniúla, ina phríomhthosaíocht ag meitheal ÚEUM um Thuairisciú Idirbheart. In 2010, thionscain Éire plé níos struchtúrtha laistigh de ÚEUM ar mhodheolaíochtaí monatóireachta margaidh. Fuair an Banc freagairt dhearfach ó chomhbhaill ÚEUM maidir leis an tionscnamh seo agus tá súil aige go mbeidh seo ina pháirt shuntasach dá chuid oibre sa bhliain 2011.

Tábla 4 – Tuarascálacha maidir le Monatóireacht Margaidh

	2009	2010
Tuarascálacha idirbheart faighte ó eintitis atá lonnaithe in Éirinn	17,798,549	18,513,091
Tuarascálacha idirbheart curtha chuig údaráis inniúla eile trí mheán MMTI*	14,669,494	15,204,474
Tuarascálacha idirbheart faighte ó údaráis inniúla eile trí mheán MMTI*	8,025,978	10,720,854
Smachtbhannaí Riaracháin Cásanna Oscailte	0	1
Smachtbhannaí Riaracháin Cásanna Dúnta	0	1

* Meicníocht Malairte do Thuairisciú Idirbheart

Tábla 5 – Iniúchtaí faoi Dhlí na nUrrús

	2009	2010
Fiosruithe tosaithe maidir le sárúithe féideartha	14	15
Fiosruithe curtha i gcrích maidir le sárúithe féideartha	5	9
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbheart arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag daoine a shocraíonn idirbhearta ar bhonn gairmiúil	1	8
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbhearta arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag Údaráis Inniúla eile AE	0	4
Tuarascálacha Amhrasacha Idirbheart arna gcur chuig an mBanc chuig Údaráis Inniúla AE	0	7
Cúnamh tugtha d'Údaráis Inniúla eile san AE	15	13
Fógraí Cobhsaíochta arna gcur faoi bhráid an Bhainc	0	0
Comhaontuithe Socraíochta Dhlí na nUrrús (curtha i gcrích)	0	1
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha Dhlí na nUrrús Eisithe	1	4

Le linn 2010, chuaigh an Banc i mbun plé fhairsting leis an Roinn Airgeadais maidir le bealaí féideartha chun dlí na n-urrús a chóiriú. Tá súil ag an mBanc go leanfaidh an plé seo le linn 2011. Tar éis fhoilsiú athruithe an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir maidir le Drochúsaid Margaidh (TDM) atá beartaithe in 2011, breithneoidh an Banc cibé acu an gá nó nach gá athruithe breise a dhéanamh ar dhlí na hÉireann maidir le drochúsaid margaidh chun feabhas a chur ar an gcreat rialála. Bhí an Banc ag obair i gcomhar le ranna ábhartha Rialtais freisin i ndáil le Rialachán an Choimisiúin Eorpaigh faoi lámhaltas astaíochtaí gáis cheaptha teasa a chur ar ceant.

Faomhadh Réamheolaire¹³

Baineann formhór obair laethúil an Bhainc sa réimse seo le maoirseacht a dhéanamh ar an gcomhaontú tarmlígin le SÉ do chur i ngníomh na gcéad chéimeanna den phróiseas Athbhreithnithe Réamheolaire agus na cinntí deireanacha chun caipéisí Réamheolaire a fhaomhadh. Féach na staidrimh ábhartha i dTábla 6 thíos.

I mí na Nollag 2010, foilsíodh Treoir leasaithe ón AE maidir le Drochúsaid Margaidh lena cur chun feidhme faoin 1 Iúil 2012. Is é is cuspóir don Treoir cur le soiléire agus éifeachtúlacht dlí sa chóras réamheolaire agus na hualaí riaracháin d'eisitheoirí agus d'idirghabhálaithe a laghdú. Leis na leasuithe seo, cuirtear san áireamh freisin an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar leibhéal na cosanta don infheisteoir agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear leordhóthanach chun riachtanais na n-infheisteoirí miondíola a chlúdach. Tá an Banc rannpháirteach i gcoistí agus i dtascfhórsaí ÚEUM i ndáil le gnéithe teicniúla den chur chun feidhme seo. Foilsíonn an Banc Ceisteanna Coitianta faoin Treoir Réamheolaire lena soiléirítear roinnt de na nithe praiticiúla a bhaineann le próiseas fhaomhadh, fhoilsiú agus phasáil an réamheolaire.

¹³ Cuirtear an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil maidir le hathbhreithniú réamheolaire ar fáil don Aire Fiontar, Fostaíochta agus Nuálaíochta agus foilsítear é i gcomhlíonadh oibleagáidí an Bhainc faoi Rialachán 108 de na Rialacháin Réamheolaire 2005.

Tábla 6 : Próiseas Faofa Réamheolaire

	2008	2009	2010
Líon na gCáipéisí Faofa	1,611	868	610
Líon na gCáipéisí/na bhFógraí Foilsithe	3,531	2,358	2,518
Teastais Pas ullmhaithe	262	297	104
Fógraí Pasála Isteach próiseáilte	527	586	565
Líon na nEisitheoirí ar chuir SÉ a nUrrúis ar Fionraí ó Thrádáil ar iarratas chuige sin ón mBanc	8	0	1

Baineann an dífríocht idir líon na gcáipéisí a faomhadh go dtí seo agus líon na gcáipéisí arna bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin an Bhainc le (i) Téarmaí Deiridh, Praghas Tairisceana Deiridh agus Líon na bhFógraí Urrús agus na dTuarascálacha Bliantúla Faisnéise (nach gá a fhaomhadh) agus a taisceadh agus a foilsíodh ar an suíomh gréasáin agus (ii) fógraí i ndáil le réamheolairí arna bhfaomhadh ag Údarás Inniúil Ballstáit eile agus a ndéantar iad a phasáil isteach go hÉirinn agus nach bhfuil gá le faomhadh ón mBanc ina leith.

Tábla 7: Nochtadh Faisnéise Cuideachta¹⁴

	2010 ¹⁵
Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais foilsithe	174
Tuarascálacha Leathbhliantúla Airgeadais foilsithe	144
Ráitis eatramhacha bainistíochta foilsithe	129
Mór-scairsheilbh aighnithe	423
Líon na nEisitheoirí ar chuir SÉ a nUrrúis ar Fionraí ó Thrádáil ar iarratas chuige sin ón mBanc	16

Monatóireacht ar Cheanglais Trédhearcachta Margaidh¹⁶

Baineann formhór na hoibre laethúla sa réimse seo, sa Bhanc agus i SÉ araon, le faisnéis thréimhsiúil agus leanúnach ag eisitheoirí a nochtadh agus mór-scairsheilbh agus cearta vótála a nochtadh. Féach an staidreamh ábhartha i dTábla 7.

Maoirseacht ar Sholáthraithe Seirbhíse Infheistíochta

Fócas Leanúnach ar Leordhóthanach Caipitil

Lean an Banc de bheith ag díriú go dian ar leordhóthanacht caipitil na soláthraithe seirbhíse infheistíochta in 2010. Ceanglaíodh ar roinnt gnólachtaí caipiteal breise a chur ar fáil i rith na bliana chun a riachtanais chaipitil a

chomhlíonadh. I mí Eanáir 2010, cuireadh litir chuig gnólachtaí infheistíochta faoi réir fhorálacha na Treorach um Riachtanais Chaipitil, agus leagadh béim sa litir sin ar a bhfreagrachtaí leanúnacha i ndáil lena bPróiseas Inmheánach do Mheasúnú Leordhóthanachta Caipitil (PIMLC). Le linn na bliana, rinne an Banc iniúchadh ar PIMLC roinnt gnólachtaí infheistíochta trí phróiseas mionsonraithe don athbhreithniú maoirseachta agus meastóireachta ar leordhóthanacht caipitil na ngnólachtaí, an PAMM.

Shonraigh ceardlann arna réachtáil i mí Aibreáin conas a dhéanfadh an Banc a PAMM ar ghnólachtaí infheistíochta. Leis an gceardlann seo, deimhníodh an tábhacht a bhaineann le PIMLC do ghnólachtaí infheistíochta agus leagadh amach ionchais an Bhainc i ndáil le hoibleagáidí leanúnacha gnólachtaí maidir lena PIMLC.

14 Tá an Banc ainmnithe mar an údarás inniúil lárnach chun críocha na Rialachán, ach amháin chun críocha Airteagal 24(4)(h) den Treoir Trédhearcachta ar ina leith a ceapdh Údarás na gCaighdeán Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta (ÚCIC) mar an údarás inniúil.

15 I rith na bliana, rinne an Banc athbhreithniú ar a mhodheolaíocht chun staidreamh a bhailiú agus rinne roinnt leasuithe chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú. **Níl aon fhiigiúirí inchomparáide ann le haghaidh 2009.**

16 Cuirtear an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil maidir le hathbhreithniú trédhearcachta ar fáil don Aire Fiontar, Fostaíochta agus Nuálaíochta agus foilsítear é i gcomhlíonadh oibleagáidí an Bhainc faoi Rialachán 77(1) de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007.

Iniúchtaí Bliantúla ar Chomhlíonadh Ceanglas Sócmhainne Cliaint

I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le slándáil shócmhainní an chliaint, lean an Banc le hiniúchtaí débhlíantúla a dhéanamh in 2010 ar chomhlíonadh cheanglas an Bhainc ag gnólachtaí infheistíochta maidir le láimhseáil shócmhainní an chliaint, na Ceanglais Sócmhainne Cliaint (CSC). I mí Lúnasa 2010, chas an Banc ar Chomhlachtaí Cuntasaíochta chun iniúchtaí CSC arna gcur i gcrích ag a gcomhaltaí thar ceann gnólachtaí infheistíochta a phlé. I mí Mheán Fómhair 2010, scríobh an Banc chuig na Comhlachtaí Cuntasaíochta ag cur ina luí orthu an tábhacht don Bhanc a bhaineann le tuarascálacha na n-iniúcháirí seachtracha ar chomhlíonadh CSC, agus ag díriú a n-airde ar thorthaí agus ar roinnt saincheistanna arna n-ardú ó thuarascálacha CSC agus ón bpróiseas iniúcháireachta.

An Clár Iniúcháireachta

Rinneadh roinnt iniúchtaí ginearálta le linn 2010 ar fud gnólachtaí infheistíochta éagsúla (féach Tábla 1). Rinne an Banc roinnt iniúchtaí téamacha freisin ag díriú ar oibriú na gcoistí infheistíochta, ar thuirisciú comhlíonta ag leibhéal an bhoird agus scrúdú ar oibriú na bhfeidhmeanna comhlíonta laistigh de ghnólachtaí. Rinneadh iniúchadh speisialta lenar clúdaíodh institiúidí íocaíochta agus aistritheoirí airgid, le linn na bliana. Leanadh leis an obair ar an iarmhairt ó chalaos Madoff le linn na bliana. Rinneadh sraith iniúchtaí seachfhoinsithe thar ceann an Bhainc, chun comhlíonadh CSC ag na ngnólachtaí a scrúdú.

I mí an Mheithimh 2010, bunaíodh foireann tionscadail chun dianscrúdú ar an láthair a dhéanamh agus chun pleananna maolaithe riosca a cheapadh agus a chur chun feidhme do ghnólachtaí infheistíochta a mbeidh drochchuntas teiste acu ó thaobh an chomhlíonta nó i gcás ina mbeidh amhras ann le linn an phróisis rialta maoirseachta.

Córas Maoirseachta Stuaamachta d'Institiúidí Íocaíochta agus d'Institiúidí Ríomh-airgid

I ndiaidh chur chun feidhme na Treorach maidir le Seirbhísí Íocaíochta i mí na Samhna 2009, bunaíodh córas maoirseachta stuamachta in 2010 d'institiúidí íocaíochta agus forbraíodh prótacail intíre/óstaigh do ghníomhairí na n-institiúidí íocaíochta.

Cuireadh chun feidhme córas leasaithe rialála do dhaoine atá i mbun ríomh-airgead a eisiúint mar fhreagra ar Threoir ón AE maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí airgid leictreonaigh. Chuir an Banc comhairle ar an Roinn Airgeadais i ndáil le lánrogha náisiúnta don Treoir seo. Rinneadh próisis agus nósanna imeachta iarratais a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'institiúidí airgid leictreonaigh ionas go bhféadfaí freastal ar na hiarratasóirí go léir a raibh údarú á lorg acu, faoi dháta chur chun feidhme AE de mhí Aibreáin 2011.

Tionchar TRC II & TRC III ar Ghnólachtaí Infheistíochta

Mar a luadh roimhe seo, rinneadh TRC II agus TRC III a thrasuíomh chuig Dlí na hÉireann i mí na Nollag 2010. Foilsíodh nóta mionsonraithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc i mí na Nollag inar leagadh béim ar na leasuithe ar TRC II agus TRC III, ar leasuithe iad a bhain go háirithe le gnólachtaí Éireannacha infheistíochta, agus inar leagadh amach na hionchais i ndáil le cur chun feidhme na bhforálacha nua. Is dócha go ndéanfaidh na leasuithe a bhaineann le neamhchosaint mhóir agus le riosca leachtachta i TRC II agus TRC III difear do ghnólachtaí infheistíochta Éireannacha. Is iad na forálacha de chuid TRC III a dhéanfaidh difear do ghnólachtaí infheistíochta Éireannacha na cinn sin a bhaineann le caipiteal leabhair trádála agus beartas luacha saothair. Ba cheart do ghnólachtaí a thabhairt dá n-aire an córas feabhsaithe urrúsúcháin agus na ceanglais a bhaineann le nochtadh faisnéise.

Maoirseacht ar Chistí

Maoirseacht Leanúnach

De thoradh ar athstruchtúrú a rinneadh ar fud na heagraíochta ar fheidhmeanna rialála an Bhainc, rinneadh na feidhmeanna maidir le húdarú agus maoirseacht cistí agus a soláthraithe seirbhíse a chomhtháthú in aon rannóg amháin go déanach sa bhliain 2010.

Is trí shamhlacha díreacha agus indíreacha maoirseachta a dhéantar maoirseacht ar chistí infheistíochta na hÉireann. Baintear é seo amach trí mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainisteoirí, ar iontaobhaithe agus ar riarthóirí atá údaraithe in Éirinn agus a sholáthraíonn seirbhísí cistí. De bhreis air sin, ní mór do gach ciste sonraí míosúla staidrimh, tuarascáil eatramhach agus ráitis airgeadais iniúchta a chur ar fáil don Bhanc. Le linn 2010, reáchtáil an Banc 5 iniúchadh mar gheall ar an méid a

thit amach ó chalaos Madoff. Tionóladh 53 cruinniú athbhreithnithe (ar an láthair agus lasmuigh den láthair) idir an Banc agus soláthraithe seirbhíse cistí inar díródh ar chaipiteal, ar sheasamh airgeadais, ar struchtúr eagraíochtúil, ar sholáthar foirne, ar chórais agus ar phróisis, ar bhainistiú riosca agus ar chomhlíonadh coinníollacha rialála. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Banc 45 cruinniú ad-hoc chun dul i ngleic le saincheistanna ar leithligh amhail iarratais ar mhaolú, sárúithe infheistíochta agus socruithe cúitimh ar chistí, agus nithe a bhain le rialachas corparáideach.

Scéimeanna Comhinfheistíochta

Bunaíodh Scéimeanna Comhinfheistíochta (cistí) chun suibscríbhinní comhthiomsaithe na n-infheistíochtaí (arna gcoinneáil mar aonaid nó scaireanna sa scéim) a infheistiú i sócmhainní infheistíochta i gcomhréir leis na cuspóirí infheistíochta a fhoilsítear sa réamheolaire. B'ionann glanluach sócmhainne na gcistí údaraithe Éireannacha agus €963.3 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2010 mar atá 4742 ciste, lena n-áirítear fo-chistí. B'ionann líon chúlghairmeacha (gach ceann deonach) na gcistí reatha, lena n-áirítear fo-chistí, agus 583 in 2010. In 2010, b'ionann líon iomlán na gcistí arna n-údarú faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003, an tAcht um Iontaobhais Aonad 1990, Cuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990, an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 agus an tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994 agus 144 ciste (701 má áirítear fo-chistí).

Treoir IV maidir le Gnóthais Chomhinfheistíochta d'Urrúis Inaistrithe (GCUI)

Le Treoir IV GCUI, tugtar isteach roinnt athruithe ar GCUI agus a soláthraithe seirbhíse; ar na cinn is suntasaí tá tabhairt isteach pas cuideachta bainistíochta, lena bhféadfadh cuideachta bainistíochta atá lonnaithe i ndlíne amháin san AE GCUI a bhunú i mBallstát eile. Tíocfaidh Treoir IV GCUI i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. De réir phróiseas Lamfalussy¹⁷, ghlac an Banc páirt i bhforbairt na mbeart riachtanach cur chun feidhme (Leibhéal 2) agus treoirlínte gaolmhara CRUE (Leibhéal 3) chun tacú le treoir Leibhéal 1 le linn 2010. Ghlac an Banc páirt freisin i

gceardlann a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair maidir le trasuíomh GCUI IV. Tá athbhreithnithe á n-ullmhú ag an mBanc ar Fhógraí GCUI agus tá na Nótaí Treoracha gaolmhara á leasú chun teacht leis seo, agus i gcás inar iomchuí, chun forálacha GCUI IV a chur chun feidhme. Eisíodh Páipéar Comhairliúcháin maidir leis seo an 16 Feabhra 2011.

An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (BCIM)

Aontaíodh togra an AE le haghaidh Treorach maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí sa ráithe dheireanach de 2010. Ceapadh an Treoir chun creat cuimsitheach, feabhsaithe rialála a chruthú do bhainisteoirí cistí infheistíochta malartaí (BCIM). Tá líon suntasach beart cur chun feidhme agus caighdeán teicniúil rialála le cur chun feidhme. Bhunaigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí ceithre cinn de thascfhórsaí chun an obair seo a dhéanamh, agus bhí ionadaíocht ag an mBanc ar gach ceann de na ceithre choiste agus bhí coiste amháin díobh faoi chathaoirleacht an Bhainc.

Ceanglas Ghníomhaíochtaí Íosta do Chistí Infheistíochta

Rinne an Banc athbhreithniú ar cheanglais ghníomhaíochta íosta do chistí údaraithe Éireannacha chun breithniú cibé acu an bhfuil sé fós praiticiúil a cheangal go ndéanfar gníomhaíochtaí sonracha in Éirinn i ndáil le hoibriú na gcistí. Eisíodh páipéar comhairliúcháin i mí na Samhna 2010 inar moladh go mbainfí na ceanglais ghníomhaíochta íosta do chistí údaraithe Éireannacha CUI agus cistí neamh-GCUI. Tá an t-athbhreithniú ar siúl toisc nach mbeidh suíomh GCUI nasctha a thuilleadh le suíomh na n-oibríochtaí (lena n-áirítear gníomhaíochtaí riaracháin) an GCUI sin má thugtar isteach pas Eorpach do chuideachtaí bainistíochta GCUI. Lena chinntiú go bhféadfaidh an Banc a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh i gceart i ndáil le cuideachtaí Éireannacha riaracháin rialáilte, moladh sa pháipéar comhairliúcháin freisin go gcomhlíonadh na gnólaicthe seo sraith ceanglas arna fhoilsiú ag an mBanc maidir le seachfhoinní. Críochnaíodh an comhairliúchán an 31 Nollaig 2010. Tá na freagraí ar an gcomhairliúchán seo á mbreithniú ag an mBanc agus eiseoidh sé na ceanglais deiridh sa chéad leath den bhliain 2011.

17 Is cur chuige é Próiseas Lamfalussy Process chun rialacháin seirbhíse airgeadais arna n-úsáid ag an Aontas Eorpach a fhorbairt. Cuimsíonn sé ceithre "leibhéal", gach ceann díobh ag díriú ar chéim ar leith de chur chun feidhme píosa reachtaíochta. Ag Leibhéal 1, glacann Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh píosa reachtaíochta lena mbunaítear croíluchanna dlí agus lena mbunaítear treoirlínte ceangailteacha maidir lena cur chun feidhme. Ag Leibhéal 2, cuireann coistí earnáil-sonracha agus rialtóirí comhairle ar fáil maidir le sonraí teicniúla, ansin vótálann ionadaithe na mBallstát uirthi. Ag Leibhéal 3, déanann rialtóirí náisiúnta comhordú ar rialacháin nua le náisiúin eile. Baineann an ceathrú leibhéal le comhlíonadh agus forfheidmiú rialacha agus dlíthe.

An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (EICU)

Tá an Banc ina rannpháirtí de Bhuanchoiste 5 ENCU (BC5) – Bainistiú Infheistíochta. Tháinig BC5 le chéile trí huair le linn 2010 nuair a pléadh, *inter alia*, saincheistanna i ndáil le fionraithe síntiús agus na fuascailtí, cistí trádáilte ar an malartán agus saincheistanna luachála.

Cosaint do Thomhaltóirí

Ar phríomhfhócais obair an Bhainc le linn 2010, áiríodh tionchar na géarchéime eacnamaíche ar theaghlach go háirithe teaghlach atá i bhfiacha. Tugadh isteach roinnt tionscnamh maidir le cosaint tomhaltóirí freisin agus lean an Banc d'úsáid a bhaint as iniúchtaí téamacha mar uirlis chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas cosanta (féach Tábla 8).

Riaráistí Morgáiste

I mí Feabhra leasaíodh an Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) chun go gceanglófaí ar iasachtóirí rialálte morgáiste fanacht ar a laghad 12 mhí (sé mhí roimhe seo) ó tháinig na riaráistí chun cinn ar dtús sula ndéanfaidís iarratas chuig na cúirteanna chun gníomhaíocht dhlíthiúil a fhorghníomhú maidir le príomháit chónaithe a athshealbhú.

Níos déanaí sa bhliain, tar éis moltaí a fháil ó Shainghrúpa an Rialtais ar Riaráistí Morgáiste agus Fiachas Pearsanta agus i bhfianaise saincheistanna eile a tháinig chun cinn ó tugadh isteach CIRM i mí Feabhra 2009, rinneadh athbhreithniú ó bhonn air. Leis an CIRM leasaithe, leagtar amach an creat a gcaithfidh iasachtóirí a úsáid nuair a bheidh siad ag plé le custaiméirí atá i riaráiste nó réamhriaráiste agus ceanglaítear go ndéanfar cásanna a láimhseáil go báúil agus go dearfach chun go gcuideofar leis an iasachtaí. Tháinig an CIRM nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011.

Ar na rialacha níos sonraí sa CIRM leasaithe, áirítear na cinn seo a leanas:

- » Tá feidhm ag CIRM anois maidir le hiasachtaithe a thugann fógra dá n-iasachtóir go bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus go bhfuil siad i mbaol riaráistí morgáiste, i.e., cásanna réamhriaráiste.
- » Ní foláir d'iasachtóirí Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (PRRM) a bhunú agus seo a úsáid mar chreat nuair a bheidh siad ag déileáil le custaiméirí a bhfuil riaráistí nó réamhriaráistí acu.

- » Ní ceadmhach d'iasachtóirí níos mó ná trí theagmháil gan iarraidh a dhéanamh leis an iasachtaí i leith a riaráistí morgáiste, ar cibé bealach, in aon mhí fhéilire amháin ach amháin comhfhreagras a cheanglaítear faoi CIRM nó faoi cheanglais rialála eile.
- » Ceanglaítear ar iasachtóirí Aonad Tacaíochta Riaráistí (ATR) a bhunú chun cásanna riaráistí agus réamhriaráistí a mheasúnú.
- » Le linn d'iasachtóirí cinneadh a ghlacadh i leith na tréimhse 12 mhí nach mór dó fanacht sula bhféadfaid sé iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna chun gníomhaíocht dhlíthiúil a fhorghníomhú, ní féadfaid sé a áireamh sa tréimhse sin aon tréimhse ina raibh na téarmaí socraithe íocaíochta eile á gcomhlíonadh ag an iasachtaí, nó tréimhse ina raibh achomharc á dhéanamh ag an iasachtaí chuig an mBord Achomhairc inmheánach nó ina raibh gearán á dhéanamh chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais faoi CIRM.

Ina theannta sin, chuir an Banc treoir ar fáil do thomhaltóirí, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, chun cuidiú le tomhaltóirí a mbeidh rompu ina gcuid déileálacha le hiasachtóirí faoi CRIM leasaithe a thuiscint.

De bhreis air sin, rinneadh muirir riaráistí ar chuntais mhorgáiste a faomhadh roimhe sin faoi Alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995 a chúlghairm le héifeacht ó mhí Eanáir 2011. Bhí tionchar aige seo ar bhreis is 20 iasachtóir agus ciallaíonn sé nach féidir ús formhuirir nó aon mhuirir pionóis eile a ghearradh ar chuntas iasachtaithe fad a bheidh siad ag plé leis an iasachtóir.

Dhírigh ceann de na hiniúchtaí téamacha ar chomhlíonadh forálacha áirithe CIRM ag iasachtóirí morgáiste, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar eisiúint litreacha foirmiúla éilimh, iarratais chuig na cúirteanna chun gníomhaíocht dhlíthiúil a fhorghníomhú maidir le príomháit chónaithe a athshealbhú agus dul i mbun socruithe eile íocaíochta. Léiríodh leis an iniúchadh seo, go raibh leibhéal maith comhlíonta i gceist maidir leis an forálacha a ndearnadh scrúdú orthu.

Foilsíonn an Banc i gcónaí faisnéis ar bhonn ráithiúil, lena n-áirítear iasachtóirí nach nglacann taiscí, ina gclúdaítear riaráistí morgáiste cónaitheacha agus athshealbhú. I dTábla 9, léirítear treocht na riaráistí morgáistí cónaitheacha agus an athshealbhaíthe. Chomh maith leis sin, mar aon leis na sonraí arna mbailiú do dheireadh Nollaig 2010, bailíonn agus foilsíonn an Banc faisnéis faoi líon na gcuntas morgáiste a ndearnadh athstruchtúrú orthu, e.g., na cinn sin ar ús amháin, saoire ó íocaíocht, etc.

Tábla 8 – Iniúchtaí Téamacha a bhí Dírithe ar an Tomhaltóir in 2010

	Gníomhaíocht 2009	Gníomhaíocht 2010
Líon na dTéamaí	13	6
Líon na nIniúchtaí	176	102
Líon na gCruinnithe Neamh-Iniúchta	88	162

Sonraí Iniúchtaí a bhí Dírithe ar Ghníomhaíocht Tomhaltóirí in 2010

Téamaí (Ar an láthair agus lasmuigh den láthair)	Cineál Eintitis	Líon a iniúchadh/scrúdaíodh
KFDanna Banna Rianúcháin *le tuairisciú in 2011	Institiúidí Creidmheasa	8
Inniúlacht Íosta	Idirghabhálaithe	20
Inniúlacht Íosta	Árachas	9
Láimhseáil Éileamh Mótárachais	Árachas	10
Láimhseáil Gearán * le tuairisciú in 2011	Árachas	10
Comhlíonadh Forálacha an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste	Iasachtóirí Morgáiste	5
Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin	Iasachtóirí Morgáiste	21
RCBanna na nIasachtóirí Airgid agus Costas an Chreidmheasa * le tuairisciú in 2011	Iasachtóirí Airgid	11
Dúnadh Éigeantach Cuntais i gCásanna Riaráistí *Litir tionscail eisithe	Institiúidí Creidmheasa	3
Rátaí Úis Tionscnaimh * le tuairisciú in 2011	Institiúidí Creidmheasa	5
Iomlán na dTéamaí:		6
Iomlán na nEintiteas arna gcuimsiú sna téamaí		102
Iniúchtaí eile (Ar an láthair)	Institiúidí Creidmheasa	3
	Gnólachtaí MiA	9
	Árachas	6
	Idirghabhálaithe	13
	APBanna	3
	Gnólachtaí IMD	1
	Iasachtóir Airgid	1
Iomlán na nIniúchtaí		36
Cruinnithe Neamh-Iniúchta Lasmuigh den Láthair	Gnólachtaí MiA	15
	Árachas	24
	Idirghabhálaithe	10
	Institiúidí Creidmheasa	56
	Gnólacht IMD /Roinn Rialtais/Rialtóir RA/Iniúchóir	4
	Ilghnéitheach	49
Cruinnithe Neamh-Iniúchta ar an Láthair	Árachas	1
	Idirghabhálaithe	2
	Gnólacht IMD	1
Fo-iomlán		162
Foriomlán		300

Áiríodh i dTuarascáil Bhliantúil 2009 na hIniúchtaí Téamacha a tosaíodh in 2009 ach nár cuireadh i gcrích go dtí 2010.

Tábla 9 – Staidrimh maidir le Riaráistí Morgáiste agus le hAthshealbhú - Sonraí Treochta

Sonraí	Már-10			Meith-10			MF-10			Noll-10		
	Líon	Iarmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	Iarmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	Iarmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	Iarmhéid '000	Riaráistí '000
Gan íoc:												
Iomlán na gcuntas morgáiste cónaitheach gan íoc – ag deireadh na ráithe	791,047	118,057,227	–	789,814	117,717,541	–	788,745	117,401,600	–	786,164	116,683,253	–
Riaráistí:												
Iomlán na gcásanna de riaráistí morgáiste – ag deireadh na ráithe mar atá:												
- I riaráiste 91 go 180 lá	10,504	1,943,632	50,388	11,641	2,142,685	72,386	12,423	2,318,207	74,121	13,170	2,418,406	78,269
- I riaráiste os cionn 180 lá	21,817	4,160,047	414,165	24,797	4,805,837	486,527	28,049	5,476,752	562,412	31,338	6,165,198	629,377
Iomlán líon na gcásanna de riaráistí os cionn 90 lá gan íoc	32,321	6,103,679	464,553	36,438	6,948,522	558,913	40,472	7,794,959	636,533	44,508	8,583,604	707,646
% cuntas iasachta i riaráiste ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá	4.1%	–	–	4.6%	–	–	5.1%	–	–	5.7%	–	–
Athshealbhú:												
Maoin chónaitheach ar seilbh – ag deireadh na ráithe	455	–	–	495	–	–	521	–	–	585	–	–

Saincheisteanna eile a bhaineann le Fiacha

Rinne an Banc scrúdú ar roinnt saincheisteanna a bhain le fiacha neamh-mhorgáiste agus rinne sé moltaí i gcomhairliúchán maidir leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí (CCT) maidir le riaráistí neamh-mhorgáiste (féach an chuid faoin gCód thíos).

Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

Leanadh leis obair ar mhorgáistí rianúcháin le linn 2010. Sa scrúdú ar mhorgáistí rianúcháin, breathnaíodh ar chleachtais aistrithe ag iasachtóirí morgáiste maidir le morgáistí rianúcháin agus breathnaíodh ar chumarsáidí ábhartha le custaiméirí. Sainaithníodh roinnt ábhar inní maidir le leibhéal an nochtta faisnéise agus le leibhéal na trédhearcachta nuair a aistríonn custaiméirí ó rátaí morgáistí rianúcháin chuig morgáistí eile. Iarradh ar iasachtóirí morgáiste bearta a thabhairt isteach chun a chinntiú gur thuig tomhaltóirí i gceart na

himpleachtaí a bhain le haistriú ó mhorgáiste rianúcháin. Níor tháinig an Banc ar aon fhianaise go raibh dreasachtaí á dtairiscint do chustaiméirí chun aistriú ó na morgáistí rianúcháin. Eisíodh torthaí an scrúdaithe i mí Lúnasa 2010.

Dúnadh Éigeantach Cuntas i Riaráiste

Chuir an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA) in iúl don Bhanc go raibh inní air faoin gcleachtas ina ndúntar cuntas go héigeantach i gcás ina mbíonn custaiméir i riaráiste agus, mar thoradh air seo, rinneadh iniúchadh ar roinnt iasachtóirí airgid. Fuarthas amach leis na hiniúchtaí seo go raibh cleachtas ag na bainc áiseanna bainc éireachta a tharraingt siar i gcás nach mbeadh custaiméirí a bhí i riaráiste ag comhoibriú leis an mbanca d'fhonn an méid gan íoc a íoc ar ais, agus tríd is tríd, gur tugadh ar a laghad fógra míosa do chustaiméirí sular tarraingíodh siar na háiseanna bainc éireachta. Bhí torthaí na n-iniúchtaí téamacha seo mar bhonn eolais

do na moltaí a leagtar amach sa Doiciméad Comhairliúcháin faoin gCód, lena n-áirítear an moladh go dtoirmiscfí ar institiúid chreidmheasa cuntas a dhúnadh gan toiliú an tomhaltóra i gcás tomhaltóra a bheadh i riaráiste i ndáil le háis rótharraingte ach seachas sin a mbeadh an cuntas á fheidhmiú aige nó aici laistigh de na téarmaí agus coinníollacha.

Morgáistí le Cothromas Diúltach

Bhí inní ann go spreagfaí breis féichiúnais, tráth a bhfuil éiginnteacht ann faoi threocht luachanna maoin amach anseo, dá mbeadh an cineál seo táirge ar fáil go forleathan. Bhí inní ann freisin i dtaobh an rachfaí i ngleic i gceart le saincheisteanna amhail oiriúnacht, inacmhainneacht agus faisnéis do thomhaltóirí. Aontaíodh nach bhféadfadh aon institiúid táirge den sórt sin a chinneadh ach amháin i gcomhréir le critéir a aontófaí roimh ré leis an mBanc i réimsí amhail cóimheas seirbhísithe fiach, glanioncam indiúscartha, cóimheasa iasachta i gcoinne luacha, iolraigh ioncaim agus stair chreidmheasa. Níor cheart iad a chur chun cinn go gníomhach ná iad a fhógairt agus ní fhéadfaí iad a bhreithniú ach amháin i gcomhthéacs custaiméirí reatha. Níor cheart go mbeadh an táirge ar fáil ach amháin i gcúinsí thar a bheith roghnach agus bhreathnófaí orthu mar áis chun cuidiú le bonn teoranta custaiméirí a bhfuil cothromas diúltach acu ach cumas láidir aisiocaíochta.

Saincheisteanna maidir le Muirearú

Leanadh le hobair in 2010 chun a chinntiú go ndéileálfá go gasta agus go héifeachtach le hearráidí i muirearú agus go gceartófaí iad ar bhealach cóir mar a cheanglaítear le Riall Choiteann 45 den Chód. Chuir an Banc in iúl i mí an Mheithimh 2010 go raibh inní air go raibh teipeanna rialaithe fós sna hinstiúidí airgeadais a raibh gearradh rótháille ar thomhaltóirí¹⁸ mar thoradh orthu. Chuir an Banc an méid seo a leanas i gcuimhne d'institiúidí:

- » Ba cheart go mbeadh cosc earráidí agus láimhseáil earráidí mar thosaíocht ag na hinstiúidí, agus de bhreis air sin, ba cheart na hacmhainní riachtanacha a chur ar leataobh chun a chinntiú go gcosnófaí tomhaltóirí.

- » Ba cheart earráidí muirearaithe agus praghsála a réiteach agus gach tomhaltóir a bhí thíos leis a aisíoc laistigh de shé mhí ón tráth ar tugadh na hearráidí faoi deara ar dtús. I gcás earráidí muirearaithe agus praghsála nach bhfuil chomh casta, táthar ag súil go rachfaí i ngleic leo go luath laistigh den amscála sé mhí.

- » I gcásanna inar aontaíodh amscála leis an mBanc i ndáil le hearráid muirearaithe nó praghsála a réiteach agus go mainneoidh an institiúid cloí leis an spriocdháta sin, féadfaidh an Banc an mhainneachtain seo a iniúchadh faoin nGnáthamh Smachtbhannaí Riaracháin.

Sa chomhairliúchán faoin gCód, áiríodh ceanglais níos saintreoraí maidir le láimhseáil earráidí lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- » Caithfear earráidí a chur ina gceart laistigh de thréimhse sé mhí.
- » Caithfidh eintitis rialáilte córais inmheánacha rialaithe a thástáil ar bhonn rialta.
- » I gcás nach réiteofar earráid laistigh de thréimhse 30 lá, caithfear an earráid a thuairisciú don Bhanc.
- » Caithfidh gnólachtaí taifead ar gach earráid a choinneáil.

Leis an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995 mar atá arna leasú (CCT), ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais (institiúidí creidmheasa, bureaux de change agus gnóthaí aistrithe airgid) fógra a thabhairt don Bhanc maidir le haon togra chun muirir nua nó muirir mhéadaithe a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí airgeadais áirithe. Sa bhliain 2010, d'eisigh an Banc litreacha treorach de bhun 19 bhfógra ó institiúidí creidmheasa, bureaux de change agus ó ghnóthaí aistrithe airgid. Astu siúd, faomhadh 13 go hiomlán agus faomhadh 6 go páirteach. Reáchtáladh cleachtadh rúnda siopadóireachta i rith na bliana arb é ba phríomhchuspóir dó measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ailt 149 agus 149A den CCT ag soláthraithe áiseanna malairte eachtraí. Ba léir ó na torthaí, go raibh ardleibhéal comhlíonta ceanglas i gceist.

18 In 2010, gearradh fineáil €2m ar AIB agus €27,000 ar Culleton Insurances Ltd i leith saincheisteanna rótháille.

An Creat Cosanta Tomhaltóirí a Neartú

Athbhreithniú Pháipéar Comhairliúcháin 45 ar Cheanglais Íosta Inniúlachta

I mí an Mheithimh 2010, d'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin (PC 45) lena ndearnadh athbhreithniú ar na Ceanglais Íosta Inniúlachta do dhaoine a chuireann comhairle ar fáil maidir le táirgí airgeadais miondíola nó a shocraíonn na táirgí sin. Leis an bpáipéar comhairliúcháin, lorgaíodh tuairimí maidir le moltaí amhail 'socrúithe marthanaithe' thar thréimhse ceithre bliana agus an timthriall trí bliana reatha don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a athrú agus ceanglas bliana a chur ina ionad. Tá sé beartaithe na Ceanglais Inniúlachta Íosta a fhoilsiú sa dara ráithe de 2011.

Athbhreithniú ar Pháipéar Comhairliúcháin 47 maidir leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí

I mí Dheireadh Fómhair 2010, foilsíodh páipéar comhairliúcháin (PC 47) ar Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí agus lorgaíodh aighneachtaí ó gach páirtí leasmhar. I PC47, leagadh amach ceanglais nua atá beartaithe do ghnólachtaí rialáilte le linn dóibh bheith ag déileáil le tomhaltóirí chomh maith le moltaí chun ceanglais a dhaingniú i réimsí tábhachtacha.

Is iad seo a leanas roinnt de na bearta is suntasaí a mholtar san athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí:

- » Ceanglais níos saintreoraí "Aithne ar an Tomhaltóir" a bheith ann. Ceanglófar ar ghnólachtaí faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh faoi chúinsí pearsanta, riachtanais agus cuspóirí, staid airgeadais an tomhaltóra agus dearcadh an tomhaltóra i leith riosca;
- » Ceanglais níos déine chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil táirge nó seirbhís oiriúnach do thomhaltóir agus an bhfreastalaíonn sé ar riachtanais agus ar chuspóirí an tomhaltóra;
- » Tá sainmhíniú ar cad is tomhaltóir leochaileach ann agus caithfidh gnólachtaí leibhéal níos fearr cúraim do thomhaltóir a sholáthar má shaináithnítear leochaileacht;
- » Ceanglais nua go gcaithfidh táirgeoirí táirgí an spriocmhargadh a shaináithint agus táirgí nua infheistíochta á gceapadh acu, maille le cineál agus fairsinge an riosca sa táirge agus leibhéal, cineál, fairsinge agus srianta aon

ráthaithe atá ag gabháil leis an táirge; agus

- » Céimeanna sonracha ar ghá d'eintitis rialáilte a leanúint le linn dóibh bheith ag déileáil le tomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu ar iasachtaí agus ar áiseanna creidmheasa, e.g., dul i dteagmháil leis an tomhaltóir, faisnéis a sholáthar faoi stádas an chuntais agus sonraí teagmhála BSCA. De bhreis air sin, molann an Banc nach nach ndéanfar níos mó ná trí theagmháil gan iarraidh maidir le riaráistí in aghaidh na míosa.

Tá obair ar siúl ar anailís ar aighneachtaí a fuarthas maidir leis an gComhairliúchán seo. Tá sé beartaithe Cód Cosanta leasaithe a fhoilsiú i dtreo dheireadh an tríú ráithe de 2011.

Cód Iompair maidir le Cuntais Reatha le hInstitiúidí Creidmheasa a Aistriú

Mar chuid den phróiseas athstruchtúraithe bainc, d'aontaigh Éire pacáiste de bhearta earnála uile leis an gCoimisiún Eorpach chun iomaíocht a chur chun cinn i margadh baincéireachta na hÉireann. Ar na príomhghnéithe den phacáiste sin, áirítear tiomantas cód reachtúil aistrithe a thabhairt isteach. I mí Dheireadh Fómhair 2010, d'fhonn cloí leis an tiomantas seo, thug an Banc isteach Cód Iompair maidir le Cuntais Reatha le hInstitiúidí Creidmheasa a Aistriú (an Cód Aistrithe) a thógann ar fhorálacha na gcód deonach de chuid Chónaidhm na mBaincéirí Éireannacha (CBÉ).

Iniúchtaí Téamacha agus Monatóireacht ar Chomhlíonadh

Anuas ar na téamaí thuasluaite, réachtáil an Banc iniúchtaí téamacha nó obair mhnatóireachta sna réimsí seo a leanas.

Ceanglais Inniúlachta Íosta

Leis an iniúchadh téamach seo, rinneadh athbhreithniú ar chomhlíonadh forálacha 'marthanaithe' agus forálacha cothabhála cláir na gCeanglais Inniúlachta Íosta ag gnólachtaí árachais saoil. San iniúchadh sin fuarthas, tríd is tríd, go raibh gnáthaimh chuimsitheacha ag gnólachtaí agus rinneadh roinnt moltaí leis na gnólachtaí. Rinneadh iniúchadh téamach ar leithligh eile chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha na gCeanglais Inniúlachta Íosta ag na hidirghabhálaithe miondíola. Ní raibh 25% de na gnólachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu comhlíontach go hiomlán i ndáil leis na forálacha ábhartha.

Tábla 10 – Saincheisteanna Fógraíochta arna nlniúchadh

	2009	2010
Monatóireacht ag an mBanc Ceannais	182	70
Gearáin	41	15
Iomlán	223	85

Toradh na Saincheisteanna Fógraíochta arna nlniúchadh 2010

Fógraí Leasaithe	Fógra Tarraingthe Siar	Gan Beart de Dhíth	Ar Siúl
58	8	17	2

Éilimh Mhótararachais Tríú Páirtí

Dhírigh an t-iniúchadh seo ar an gcaoi ina láimhseálann cuideachtaí árachais éilimh mhótararachais ó thríú páirtithe. Tríd is tríd, fuarthas go raibh leibhéal ard comhlíonta i gceist maidir le comhlíonadh cheanglais an Chóid ag gnólachtaí. San iniúchadh fuarthas amach nach láimhseálann na gnólachtaí éilimh ó thríú páirtithe ar bhealach éagsúil le héilimh óna sealbhóirí polasaí féin.

Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta

Cuireadh chun feidhme an Treoir um Sheirbhís Íocaíochta i mí na Samhna 2009. Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Íocaíochta chun a chinntiú go gcomhlíonann siad rialacha a bhaineann le gnó a dhéanamh. Le linn 2010, bhí plé idir an Banc agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le rialacha a bhaineann le gnó a dhéanamh agus d'fhorchuir sé roinnt Treoracha faoi na Rialacháin go príomha i ndáil le hamscála do phróiseáil íocaíochtaí.

Fógraíocht

Déanann an Banc monatóireacht ghníomhach ar fhógraíocht a bhíonn ar siúl ag gnólachtaí rialáilte agus déanann sé cúram leantach de shaincheisteanna agus níthe eile a thugtar dá aird. Rinne an Banc iniúchadh ar 85 saincheist fógraíochta san earnáil seirbhísí airgeadais le linn 2010. Tagair. Tábla 10.

Chuir an Banc tionscadal i gcrích freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin na n-idirghabhálaithe morgáiste. Ar na príomh-shaincheisteanna a sainathnódh le linn an tionscadail seo, áirítear eolas as dáta, e.g., táirgí fógraíochta nó rátaí fógraíochta nach raibh ar fáil a thuilleadh nó a bhí teoranta ó thaobh na gcoinníollacha infhaighteachta nó nach raibh faisnéisithe go soiléir. Cuireadh amach litir chuig an tionscal go luath in 2011 inar sonraíodh na

saincheisteanna a sainathnódh.

Bearta Forfheidhmiúcháin agus Rialála

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin i mí an Mheithimh 2010 chun cuspóirí reachtúla an Bhainc a chomhlíonadh trí bhearta cinntitheacha forfheidhmiúcháin atá comhréireach, spriocdhírthe, trédhearcach agus a thagann le cur chuige riosca-bhunaithe an Bhainc. Ar obair forfheidhmiúcháin agus ar chumhachtaí na Stiúrthóireachta, áirítear an méid seo a leanas: Gnáthaimh Smachtbhannaí Riaracháin do shárúithe saintreoracha; cásanna oiriúnachta agus ionracais; forfheidhmiú rialachán margaidh (i.e. an Rialachán maidir le drochúsáid margaidh, an Rialachán réamheolaire agus an Rialachán trédhearcachta); iniúchtaí ar ghníomhaíocht neamhúdaraíthe gnó; ionchúisimh choiriúla; monatóireacht speisialtóireachta; iniúchadh, imscrúdú agus forfheidhmiú dlíthe maidir le Frith-Sciúradh Airgid/Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta agus Smachtbhannaí Airgeadais AE. Déanann an Stiúrthóireacht comhordú freisin ar idirchaidreamh an Bhainc le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin eile dlí.

Tráth a bhunaithe, áiríodh an méid seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta Forfheidhmiúcháin:

- » Iniúchtaí, ar cuireadh tús leo cheana féin, ar roinnt eintiteas rialáilte éagsúil a chur ar aghaidh;
- » Tógáil ar acmhainneacht agus ar inniúlachtaí na Stiúrthóireachta; agus
- » Straitéis Forfheidhmiúcháin don Stiúrthóireacht a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Straitéis Forfheidhmiúcháin

I mí na Nollag 2010, d'fhoilsigh an Banc a chéad Straitéis Forfheidhmiúcháin neamhspleách, lena gclúdaítear an tréimhse 2011-2012. Is é is cuspóir don Straitéis tacú le cuspóir reachtúil an Bhainc *rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margáí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint*. Leis an Straitéis Forfheidhmiúcháin, tá an Banc tiomnaithe do chur chuige níos treallúsaí maidir le bearta forfheidhmiúcháin, agus é seo tacaithe ag dóthain acmhainní, rud a chuirfidh le bagairt inchreidte caingne. Tá an Banc i gcónaí ag cur leis an Stiúrtóireacht Forfheidhmiúcháin, ó thaobh foireann oiriúnach a earcú agus próisis agus gnáthaimh stuama a fhorbairt, d'fhonn an Straitéis a chur i bhfeidhm.

Achainí le haghaidh Riaracháin

I mí Márta 2010, rinne an Banc achainí go gceapfaí riarthóir do Quinn Insurance Limited mar gur tharla sárúithe tromchúiseacha comhsheasmhacha ar cheanglais leachtachta. Cheap an Ardchúirt Comhriarthóirí Sealadacha i mí an Mhárta 2010, agus dhearbhaigh an Ardchúirt na Comhriarthóirí sin i mí Aibreáin 2010.

Smachtbhannaí Rialála – Comhaontuithe Socraíochta

Le linn 2010, rinne an Banc Ceannais ocht gcinn de chomhaontuithe socraíochta¹⁹ le heintitis rialáilte. Ar na smachtbhannaí a forchuireadh, áirítear ocht bhfineáil arb ionann iad agus €2,248,700, agus ocht gcinn d'iomorduithe. Gearradh fineálacha €5,000 go €2m agus bhain siad le sárúithe tromchúiseacha, lena n-áirítear sárúithe ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, ar na Rialacháin um Cheadúnú agus um Maoirsiú, na Rialacháin um Dhrochúsaid Mhargaidh, na rialacháin MilA agus ar an Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta.

Na saincheisteanna ba shuntasáí a tháinig chun cinn i gceann amháin nó níos mó de na cásanna thuasluaite, bhain siad leis na nithe seo a leanas:

- » Mainneachtain córais nó rialuithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm agus/ nó a chur chun feidhme chun comhlíonadh na gCód agus na Rialachán a chinntiú. Gearradh fineáil €2m ar Bhainc-Aontas Éireann cpt (AIB) toisc gur mhainnigh an banc sin, thar thréimhse roinnt blianta, socruithe stuama rialachais a chur i bhfeidhm go háirithe trí mhainneachtain meicníochtaí leordhóthanacha a bheith acu don rialú inmheánach d'fhonn rótháillí minice a chosc agus a chur ina gceart. I gcás eile, gearradh €40,000 ar AIB i ndáil le cothabháil liostaí cos istigh de réir mar a cheanglaítear faoi rialacha dorchúsáide margaidh.
- » I ndáil le táirgí árachais, mainneachtain ciste íosta ráthaithe a choinneáil i gcomhréir le Creat-Rialacháin CE.
- » Mainneachtain tuairisciú nó tuairisciú míchruinn ar idirbhearta in ionstraimí airgeadais arna gceadú don trádáil ar mhargadh rialáilte nó áis trádála iltaobhach arna feidhmiú ag oibreoir margáí. Sa chás seo, ghearr an Banc fineáil €100,000 ar NCB Stockbrokers Limited i ndáil le mainneachtain idirbhearta a thuairisciú.

Leanfaidh an Banc d'úsáid a bhaint as a chuid cumhachtaí, lena n-áirítear pionóis airgeadaíochta, chun eintitis rialáilte (agus daoine a bhaineann lena lucht bainistíochta) a spreagadh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, chun feidhmiú mar iombhagairt do dhaoine eile agus chun oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara i ndáil leis an iompar a bhfuil an Banc ag súil leis uathu siúd atá ag feidhmiú sa dlínse seo. Tá faisnéis faoi bhearta rialála ar fáil i dTábla 11.

¹⁹ Bhain seacht gcinn de na comhaontuithe socraíochta seo le smachtbhannaí riaracháin agus bhain ceann amháin díobh le dlí na n-urrús.

Tábla 11 – Bearta Rialála a Glacadh in 2010

Cineál	Líon na mBeart	
	2009	2010
Comhaontuithe Socraíochta Smachtbhanna Riaracháin	10	7
Comhaontuithe Socraíochta Dhlí na nUrrús	0	1
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha Dhlí na nUrrús	1	4
Treoracha arna bhForchur faoin Treoir Trédhearcachta ²⁰	26	21
Treoracha arna bhForchur faoin Treoir Réamheolaire	0	1
Fógraí Rabhaidh Eisithe i ndáil le Gníomhaíocht Neamhúdaraithe	6	5
Saincheist Iniúcháireachta Poist nó Toradh eile Rialála a rachfar i ngleic leis nó a chuirfear ina cheart	133	297
Iarratas go ndéanfaí Athbheithnithe Seachtracha – Comhair Chreidmheasa Údarú/Ceadúnas/Clárú Diúltaithe	98	126
Údarú/Ceadúnas/Clárú Diúltaithe	6	4
Riarthóir Ceaptha	2	1
Gnólachtaí athchaipitlithe toisc saincheisteanna leachtachta	11	29
Treoir/Ceanglas forchurtha ar Chomhair Chreidmheasa	25	16
Iniúcháir Neamhspleách Ceaptha/Gá le Cigire	8	4
Saincheisteanna Fógraíochta Iniúchta	224	85
Treoir/Ceanglas forchurtha faoi Reachtaíocht Eile	44	41
Faisnéisiú eolais d'Údaráis Forfheidhmiúcháin eile	259	155
Iomlán	853	797

Iniúchtaí

Leanadh leis an iniúchadh ar dhá shaincheist i ndáil le Banc Angla-Éireannach (Anglo) in 2010. Ag céim luath den iniúchadh seo, thug an Banc fógra do na Gardaí agus d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) maidir le nithe áirithe. I gcás inarb iomchuí, géillfidh an Banc do na Gardaí agus don OSFC chun gur féidir leis na gníomhaireachtaí sin caingne ionchasach dlí a iniúchadh sula dtionscnóidh sé caingean forfheidhmiúcháin dá chuid féin. I bhfianaise thromchúis agus íogaire na n-imeachtaí coiriúla agus láidreacht na smachtbhannaí atá ar fáil do na Gardaí agus don OSFC, is é seo an cur chuige is iomchuí sa mhéid go bhfuil sé réasúnta bheith ag súil go mbeadh imeachtaí iolracha ann. Tá idirchaidreamh leanúnach ar bun leis na gníomhaireachtaí seo.

I lár 2010, thionscain an Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin scrúdú ar cibé acu an raibh nó nach raibh aon sárúithe rialála déanta ag Quinn Insurance Limited mar thoradh ar fhadhbanna leachtachta ag an ngnólacht seo. Tá an scrúdú fós ar siúl.

Chuir INBS tuarascáil athbheithnithe arna reáchtáil ag Ernst & Young do Chumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann (INBS) faoi bhráid an Bhainc in 2010. Tá iniúchadh ar siúl ar na saincheisteanna leagáide éagsúla sa Chumann seo.

²⁰ Ní féidir treoracha arna bhforchur faoin Treoir Trédhearcachta a eisiúint ach ar feadh tréimhse 10 lá ag aon tráth amháin, agus mar sin, ní foláir Treoir nua a eisiúint gach 10 lá. Mar shampla, dá mainneodh eisitheoir a dtuarascáil bhliantúil airgeadais a eisiúint laistigh den amscála arna shonrú sna Rialacháin, d'eiseodh an Rialtóir Airgeadais Treoir chuig Stocmhalartán na hÉireann ag iarraidh air trádáil a chur ar fionraí in urrúis an eisitheora ar feadh tréimhse 10 lá ar feitheamh fhoilsiú na tuarascála bliantúla airgeadais. I gcás ina mbeadh an t-eisitheoir ar fionraí ar feadh tréimhse 30 lá bheadh sé seo bunaithe ar 3 Threoir arna n-eisiúint ag an Rialtóir Airgeadais. In 2010, eisíodh 334 Treoir faoin Treoir Trédhearcachta (287 in 2009). Ar a shon sin, má dhéantar coigeartú d'atheisiúint Treoracha a eisíodh roimhe sin, titeann an líon Treoracha arna n-eisiúint de bhun an Rialacháin go dtí 21 (26 in 2009).

Tábla 12 – Agallaimh Oiriúnachta agus Ionracais

Earnáil	Líon na nAgallamh	Bainisteoir Sinsearach	Comhaltai Boird	Toradh		
				Faofa	Tarraingthe Siar	Ar Coinneáil ²¹
Bainc Mhiondíola	19	8	11	17	1	1
Eile	7	6	1	5	2	0
Iomlán	26	14	12	22	3	1

Oiriúnacht agus Ionracas

Le linn 2010, thosaigh an Banc próiseas agallaimh mar chuid dá mheasúitithe ‘oiriúnachta agus ionracais’ do cheapacháin ag na leibhéil ardbhainistíochta in institiúidí. Ar dtús, dhírigh an Banc ar bhainc mhiondíola intíre ach tá sé beartaithe aige é seo a chur i bhfeidhm go céimneach i roinnt institiúidí ar bhonn cur chuige riosca-bhunaithe i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil (féach Tábla 12).

Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, foráiltear do chumhachtaí nua a thabhairt don Bhanc chun oiriúnacht agus ionracas daoine arna n-ainmniú chuig poist ríthábhachtacha i soláthraithe seirbhíse airgeadais a chinntiú. Leis na príomhfhóralacha, tugtar na cumhachtaí seo a leanas don Bhanc:

- » An chumhacht ‘feidhmeanna rialaithe’ a shaintreorú (i.e. feidhmeanna, agus tugann feidhmiú na bhfeidhmeanna seo an chumhacht don duine lena mbaineann tionchar suntasach a imirt ar iompar gnólachta rialáilte) agus daoine a fhionraí ó fheidhmiú na bhfeidhmeanna sin ar feitheamh iniúchta maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart iad a thoirmeasc ó na feidhmeanna sin a fheidhmiú toisc nach bhfuil siad oiriúnach chun iad a fheidhmiú.
- » An chumhacht duine a chur ar fionraí ar feadh tréimhse uasta dhá mhí i gcás ina mbeidh an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, den tuairim go bhfuil cúis leordhóthanach ann an duine sin a chur ar fionraí nó go bhfuil amhras ann faoi oiriúnacht an duine sin.
- » An chumhacht cosc a chur ar dhuine feidhmeanna rialaithe a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeidh Gobharnóir an Bhainc den tuairim nach bhfuil an duine sin oiriúnach.

- » An chumhacht don Bhanc iarratas a chur faoi bhráid na hArdchúirte chun ordú a fháil lena gcoiscfear duine ó fheidhm rialaithe a fheidhmiú i gcás nach gcomhlíonfar treoir ón mBanc.
- » An chumhacht fothacar d’feidhmeanna rialaithe a fhorordú ar ina leith a bheidh faomhadh roimh ré ón mBanc ag teastáil sula bhféadfar duine a cheapadh chun iad a fheidhmiú.
- » An chumhacht caighdeáin oiriúnachta agus ionracais a eisiúint i dáil le feidhmeanna rialaithe agus soláthraithe rialáilte.
- » Soláthraithe seirbhíse airgeadais a chosc ó ligean do dhaoine nach sásaíonn na caighdeáin sin feidhmeanna rialaithe a fheidhmiú.

Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí i mí Márta 2011 a bhain le cur i bhfeidhm na gcumhachtaí seo, agus tiocfaidh ceanglais nua i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2011.

Diúltaíodh údarú d’iarratasóir mar aistritheoir airgid agus mar institiúid íocaíochta in 2010 ar fhorais oiriúnachta agus ionracais. Tarraingíodh siar go deonach ceithre cinn d’iarratais ar idirghabhálaithe miondíola tar éis don Bhanc cúiseanna imní a ardú faoi oiriúnacht agus ionracas na n-iarratasóirí le linn na n-iarratas. Bhí coinníollacha ag gabháil le dhá cheann eile d’údaraithe arna n-eisiúint chuig idirghabhálaithe miondíola ar bhonn cúiseanna imní faoi oiriúnacht agus ionracas a tháinig chun cinn le linn na n-iarratas. Lorg idirghabhálaí miondíola eile cúlghairm ar bhonn deonach ar údarú a bhí faighte roimhe sin tar éis don ghnólacht fógra a fháil le ‘comhairle cúlghairme’ i ndáil le saincheisteanna oiriúnachta agus ionracais. Ní dhearnadh aon achomharc le Binse Achomhairc Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann le linn 2010 i ndáil le diúltú/cúlghairm údaraithe nó coinníollacha a cheangal ar ghnólacht ar chúiseanna oiriúnachta agus ionracais.

21 On hold at request of the applicant firm.

Gníomhaíocht neamhúdaraithe airgeadais

Ghníomhaigh an Banc i ndáil le 324 gearán a fuair sé maidir le gníomhaíocht neamhúdaraithe airgeadais agus d'fhoilsigh sé cúig fhógra rabhaidh i ndáil le naoi ngnólacht.

Frithsciúradh Airgid, Maoiniú Frithsceimhlitheoirachta (FA, MFS) agus Smachtbhannaí Airgeadais AE

Rinne an Banc sraith d'iniúchtaí téamacha ar institiúidí airgeadais i roinnt earnálacha chun réamh-mheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme cur chuige riosca-bhunaithe mar a cheanglaítear faoin Acht nua um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (féach Tábla 1). Ghlac an Banc páirt i sraith seimineár freisin chun feacht ar an reachtaíocht nua a spreagradh agus chuidigh sé tuilleadh leis an tionscal trí threoirnótaí maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta a dhréachtú. Lean an Banc dá chleachtas ina dtugann sé fógra i scríbhinn d'eintitis rialáilte maidir le hathruithe ar bhearta smachtbhannaí airgeadais AE.

D'eisigh an Banc 118 tuairisc reachtúil chuig na Gardaí, mar a bhí 106 tuairisc ag baint le himscrúduithe ar ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe infheistíochta faoi Alt 33AK d'Acht an Bhainc Cheannais 1962 agus tugadh 12 thuairisc maidir le sáruithe amhrasta ar na ceanglais frithsciúradh airgid.

Anailís Eacnamaíoch, Taighde agus Staidreamh

Anailís agus Tráchttaireacht Eacnamaíoch

Tá ról tábhachtach ag an mBanc maidir le tionchar a imirt ar an mbeartas eacnamaíoch trí bhíthin tráchttaireachtaí, réamhaisnéisí agus taighde agus trí staidreamh airgeadais a sholáthar. Cuirtear na nithe seo in iúl trí fhoilseacháin agus trí pháipéir taighde rialta, irisí Éireannacha agus idirnáisiúnta, ráitis ón nGobharnóir agus trí pháirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Go himhébhanach, baintear feidhm as anailís agus taighde eacnamaíoch chun cur le measúnuithe leanúnacha ar chobhsaíocht airgeadais agus leis na hathbhreithnithe ar leordhóthanacht stuamachta caipitil.

I réimse na réamhaisnéise maicreacnamaíche, lean an Banc de réamh-mheastacháin a áireamh san Fheasachán Ráithiúil agus de réamh-mheastacháin agus anailís a ullmhú do Réamh-Mheastacháin Leathana Mhaicreacnamaíoch an Eurochórais, agus de pháirt a ghlacadh in anailís mhaicreacnamaíoch eile don Eurochóras. Cuireadh sé chleachtadh réamhaisnéise i gcrích le linn na bliana, astu sin rinneadh dhá cheann laistigh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastacháin Leathana Mhaicreacnamaíoch an Eurochórais agus rinneadh na ceithre cinn eile lena bhfoilsíú i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc. Forlíonadh an cur chuige níos foirmiúla réamhaisnéise eacnamaíche le measúnuithe ar mheon na hearnála gnó bunaithe ar theagmhálacha leis na príomhghnólachtaí in earnálacha éagsúla ar fud an gheilleagair. Ghlac an Banc páirt freisin i bhfórait an Eurochórais/CEBC maidir le réamhaisnéisí agus beartas (e.g. ECFE/AE) agus chuaigh sé i gcomhairle le misin ECFE/CAI ar cuairt, le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile.

Lean an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar bhoilsciú agus ar iomaíocht le linn na bliana. Chomh maith leis na gnáth-réamhaisnéisí agus gnáth-mheasúnuithe a fhoilsítear san Fheasachán Ráithiúil, leanadh leis an obair ar tháscairí iomaíochta agus, mar thoradh ar an obair sin, tiomsaíodh roinnt táscairí nua ar iomaíocht costas saothair.

Taighde

Chuir an Banc feabhas ar an gcaoi a gcuireann sé a obair taighde in iúl in 2010 le foilsíú an tríú *Feasachán Taighde* bliantúil. Tá achoimrí neamhtheicniúla ar pháipéir theicniúla arna bhfoilsíú ag an mBanc san fheasachán seo. Chomh maith le tráchttaireacht an Bhainc, réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíochta agus comhairle faoi bheartas, bhain an taighde a foilsíodh in 2010 le riaráistí morgáiste agus le hualaí aisiocaíochta, le hiompraíocht praghsála, socrú pá, réamhaisnéisí eacnamaíoch agus le hacmhainneacht airgeadais. Cuirtear an taighde seo ar fáil i sraith Páipéar Teicniúil a fhoilsíonn an Banc. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, lean an fhoireann den taighde seo a fhoilsíú sna príomhírísí eacnamaíochta Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Bosca 7 – Liosta na nAschur Staidrimh

Teideal	Cur síos
Cuntais Ráithiúla Airgeadais	Is táirge staidrimh nua iad na Cuntais Ráithiúla Airgeadais a fhoilsíonn an Banc Ceannais. Cuirtear faisnéis chuimsitheach ar fáil le maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha teaghlach, corparáidí neamh-airgeadais, corparáidí airgeadais, rialtais agus an chuid eile den domhan.
Staidreamh Cistí Infheistíochta	Foilseachán ráithiúil ina sonraítear forbairtí ar chlár comhardaithe na gcistí infheistíochta go léir atá lonnaithe in Éirinn (lena n-eisiatar cistí margaidh airgid). Tá an anailís agus na táblaí briste síos de réir bheartas infheistíochta an chiste (mar shampla banna, cothromas, fálú). Áirítear sonraí míosúla GS de réir beartais infheistíochta sna táblaí freisin a ndéantar nuashonrú ráithiúil orthu.
Suirbhé Tríbhliantúil BSI (Suirbhé an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta) ar Dhíorthaigh 2010	Nóta eolais a eisítear ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais ina dtugtar príomhthorthaí na coda láimhdeachais de shuirbhé Trébhliantúil an BSI ar Dhíorthaigh. Foilsíodh táblaí de thorthaí ar mhéideanna láimhdeachais agus méideanna gan íoc araon ar an suíomh gréasáin freisin. Chomh maith leis sin, áiríodh anailís bhreise ar na torthaí i bhfeasachán Ráithiúil Uimh. 1 2011.
Staidreamh Eisiúintí Urrús	Foilseachán míosúil ina dtugtar staidreamh nuashonraithe ar ghníomhaíochtaí maoinithe margadh-bhunaithe de ghnólachtaí airgeadais agus neamhairgeadais ionchorpraithe in Éirinn. Tá faisnéis sa tacar sonraí míosúil ar líon na mbannaí agus na nótaí a eisíodh le linn na míosa, chomh maith le luacháil margaidh ar ghnáthscaireanna gan íoc de réir earnáil an eisitheora ag deireadh na míosa.
Staidreamh Airgid agus Baincéireachta	Foilseachán míosúil ina dtugtar sonraí mionsonraithe ar threochtaí sna príomhchatagóirí sócmhainní agus dliteanas d'oifigí institiúidí creidmheasa atá lonnaithe in Éirinn, lena n-áirítear iasachtaí, taiscí agus comhiomláin airgeadaíochta eile agus a gcontrapháirtithe. Tugann sé seo léargas cuimsitheach ar fhorbairtí creidmheasa sa mhargadh baincéireachta intíre, ag díriú go háirithe ar theaghlach agus ar chorparáidí neamhairgeadais atá ag brath go príomha ar an gcóras baincéireachta intíre.
Staidreamh Ráta Úis Miondíola	Foilseachán míosúil ina dtugtar sonraí mionsonraithe ar na rátaí úis miondíola le haghaidh taiscí agus iasachtaí do theaghlach agus do chorparáidí neamhairgeadais in Éirinn.
Staidreamh Chomhdhlúite: Éilimh Eachtracha	Foilseachán míosúil ina dtugtar sonraí mionsonraithe maidir le treochtaí sna héilimh eachtracha (i.e. sócmhainní eachtracha), de bhainc a bhfuil ceanncheathrú acu in Éirinn de réir na tíre contrapháirtí agus earnála bunaithe ar chónaí an ráthóra deiridh. Tá na sonraí seo cosúil leo siúd a fhoilsíonn an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.
Forbairtí ar Chreidmheas na hEarnála Príobháidí de réir Earnáil na Gníomhaíochta Eacnamaíche	Foilseachán míosúil ina dtugtar sonraí mionsonraithe maidir le treochtaí i gcreidmheas arna thabhairt ar airleacan d'earnáil príobháideach na hÉireann ag institiúidí creidmheasa atá lonnaithe in Éirinn, briste síos de réir earnáil na gníomhaíochta eacnamaíoch (NACE). Ó 2011, tá an tsraith seo á hionadú le 'Treochtaí i gCreidmheas Gnó' agus 'Treochtaí in Iasachtú Pearsanta'.
Iasachtú do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann	Foilseachán ina bhfuil an tsraith nua ar threochtaí maidir le hiasachtú do ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann ag na hinstitiúidí creidmheasa atá lonnaithe in Éirinn. Ó 2011, déanfar an tsraith seo a ionchorprú in 'Treochtaí i gCreidmheas Gnó'.

Staidreamh

Le linn 2010, cuireadh feabhas suntasach ar aschuir staidrimh an Bhainc. Seoladh cur i láthair nua ar staidreamh míosúil airgid agus baincéireachta i mí an Mheithimh. Bhí níos mó sonraí earnála agus ionstraime san áireamh ann agus soláthraíodh freisin, den chéad uair, faisnéis maidir leis na hidirbhearta bunúsacha agus na rátaí fáis do na príomh-chomhiomláin airgeadaíochta. Léirítear leis na hidirbhearta bunúsacha agus rátaí fáis seo fíorghníomhaíocht eacnamaíoch toisc go ndéantar coigeartú orthu chun athaicmiúcháin a eisiáimh, amhail gluaiseachtaí ráta malairte, aistrithe

chuig GNBS agus soláthairtí méadaithe i leith drochfhiach. Tá amshraith mhionsonraithe do na heochairathróga ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc ag dul siar go dtí Eanáir 2003.

Foilsíodh sraith ráithiúil nua maidir le creidmheas do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (GMBanna) den chéad uair i Nollaig. Aithníodh mar príomh-cheanglas beartais an gá a bhí le sonraí ar iasachtú GBM, agus leis an tsraith nua, eascaítear do lucht déanta beartas monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí creidmheasa de réir earnáil na gníomhaíochta eacnamaíche.

Foilsíodh sonraí nua maidir le héilimh chomhdhlúite eachtracha na mbanc intíre i mí na Nollag freisin. Tá an tsraith seo cosúil le Staidreamh Comhdhlúite Baincéireachta a d'fhoilsigh an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BSI) ach tá sí éagsúil leis freisin sa chaoi go dtagraítear do bhainc intíre na hÉireann amháin i dtacair sonraí an Bhainc. Féachtar leis an tsraith nua le míthuiscintí a réiteach maidir le méid na neamhchosaintí eachtracha atá ag na bainc intíre.

Seoladh sraith staidrimh nua in 2010 freisin – Cuntais Ráithiúla Airgeadais (CRA) d'Éirinn. Is ionann foilsiú na gcuntas seo, ina gcuirtear síos ar idirbhearta agus ar staid airgeadais na n-earnálacha eacnamaíochta intíre agus orthu siúd sa chuid eile den domhan, agus barrchríoch mórtionscadail a bhí á fhorbairt thar roinnt blianta. Tá sraith sonraí CRA ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc siar go dtí tús 2002.

Cuireadh feabhas breise ar staidreamh maidir le cistí infheistíochta in 2010, agus foilsíodh alt i bhfeasachán ráithiúil an Bhainc i mí Eanáir chun an tsraith seo a mhíniú. Leis na sonraí seo, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le roinnt catagóirí de chistí arna n-aicmiú de réir a straitéise infheistíochta. Tugadh córas nua um bailiúchán sonraí do Chorpáidí um Meáin Airgeadais (CMA) chun críche in 2010. Cuireadh na sonraí tosaigh ar fáil don BCE agus foilseofar na torthaí tosaigh go náisiúnta in 2011.

Foilsíodh Staidreamh ar Eisiúintí Urrús den chéad uair in 2010 freisin. Ar áireamh sa tacar sonraí nua seo, atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc, tá faisnéis maidir le méid an fhiachais gan íoc agus méid na n-urrús cothromais a d'eisigh eintitis atá lonnaithe in Éirinn de réir earnáil an eistheora – lena n-áirítear institiúidí airgeadais airgeadaíochta, idirghabhálaithe airgeadais eile, an Rialtas, corparáidí neamh-airgeadais agus cuideachtaí árachais agus cistí pinsin. Chomh maith leis sin, tá obair shuntasach leanúnach ar siúl ar staidreamh a fhorbairt maidir le sealúchais urrús mar chuid de thionscadal an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais. I mBosca 7, leagtar amach an staidreamh airgeadais a chuireann an Banc ar fáil.

Leathnaíodh tuilleadh an dlúthchaidreamh oibre idir an Banc agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) in 2010. Bhí an comhoibriú seo, a chuireann le héifeachtacht an dá institiúid, ina ghné lárnach d'fhoilsiú na gCuntas Ráithiúil Airgeadais agus d'fhorbairt an tuairiscithe urrúis-seachurrúis ag na hinstitiúidí creidmheasa agus cistí infheistíochta. Ba mhórgníomh é in 2010 comhaontú nua a chur i gcrích idir an dá institiúid i réimse an staidrimh ar Chomhardú na nÍocaíochtaí agus ar an Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta. Leis an gcomhaontú

nua seo, daingnítear an dlúthchaidreamh oibre agus cinntítear, a mhéad is féidir, nach mbeidh aon dúbailt oibre i gceist. Baineann an dlúthchomhar seo le Staidrimh Airgeadais an Rialtais freisin, agus d'oibrigh an Banc agus an CSO go dlúth lena chéile ag déileáil leis na saincheistanna casta a d'eascair ó thacú leis an earnáil baincéireachta.

Córais Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra

Ollsocráíochtaí Fíor-Ama TARGET2

Is córas uile-Eorpach aonair é TARGET2 a mbaineann gach ceann de na córais íocaíochta náisiúnta úsáid as chun bonneagar íocaíochta mórdhíola aonchineálach a chinntiú, agus ar an gcaoi sin, chun éifeachtúlacht agus comhtháthú níos mó a chur chun cinn i margáil airgeadais na hEorpa.

D'fheidhmigh córas TARGET2 go rianúil in 2010 agus deimhníodh a cheannasacht san Eoraip i bhfianaise go raibh sciar cobhsaí margaidh 91% aige de luach iomlán na n-íocaíochtaí i gcórais íocaíochtaí euro mór-luacha. Cé gur tháinig laghdú 0.69% ar líon na n-íocaíochtaí arna phróiseáil ag córas TARGET2, tháinig méadú 6.79% ar an luach, i gcomparáid le 2009, agus meánlíon laethúil de 343,380 idirbheart, arb ionann é sin agus meánluach laethúil de €2,299.2 billiún. Próiseáladh 1.28 milliún íocaíocht in 2010 ag TARGET2 na hÉireann arb ionann a luach agus breis is €7,641 billiún.

Urrúis TARGET2

Leanadh le tionscadal Urrúis TARGET2 (T2S) a fhorbairt in 2010. Is córas uile-Eorpach socraíochta urrús é T2S agus tá sé beartaithe go seolfar beo é in 2014. Tá an Banc páirteach i nGrúpa Comhairleach T2S agus is trí Ghrúpa Úsáideora Náisiúnta T2S, atá faoi chathaoirleacht an Bhainc, a rachfar i gcomhairle le margadh na hÉireann.

CCBM2

Leantar leis an obair ar leibhéal an Eurochórais ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm thionscadal Bhainistiú Chomhthabhairt an Bhainc Ceannais (CCBM2). Le CCBM2, cuirtear cobhsaíocht agus éifeachtúlacht chun cinn sa limistéar euro trí ardán comhchoiteann a chur ar fáil do gach contrapháirtí de chuid an Eurochórais chun aon chomhthabhairt cháilithe a úsáid go tapa agus go slán. Chomh maith le TARGET2 agus TARGET2-Urrúis, is gné lárnach é CCBM2 den bhonneagar comhtháite nua arna fhorbairt ag an Eurochóras.

SEPA

Lean an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an limistéir Aonair d'íocaíochtaí Euro (SEPA), agus den chur chun feidhme sin a chur chun cinn in Éirinn le linn 2010 agus lean sé de theagmháil a dhéanamh, de réir mar ba chuí, le hEagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (EÉSÍ) agus leis an Roinn Airgeadais maidir le forbairtí ar chórais íocaíochtaí ag eascairt ó thrasú Threoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Seirbhísí Íocaíochtaí go dtí dlí na hÉireann an 1 Samhain 2009.

Is é Tascfhórsa Feidhmithe SEPA (STF) de chuid Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta a dhéanann comhordú ar chur chun feidhme SEPA in Éirinn, agus tá ionadaíocht ag an mBanc ar an ngrúpa seo ina cháil mar mhaoirseoir ar na córais íocaíochta.

I mí an Mhárta 2010, d'aontaigh an tEurochóras agus an Coimisiún Eorpach go gcruthófaí Comhairle SEPA – ina dtabharfaí le chéile ionadaithe ardleibhéil ón taobh éilimh agus ón taobh soláthair de mhargadh íocaíochta na hÉireann– chun imirce SEPA a éascú agus, ar an gcaoi seo, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí íocaíochta a fheabhsú. I Nollaig 2010, d'eisigh an Coimisiún Eorpach dréacht-tograí le haghaidh rialacháin lena mbunófar ceanglais theicniúla le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro – lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal. Is é is cuspóir do na tograí seo dátaí deiridh a shocrú do chur i gcrích imirce na n-ionstraimí íocaíochtaí bunaithe ar na ceanglais theicniúla seo.

Straitéis Náisiúnta Íocaíochtaí

Chun feabhas a chur ar bhonneagar chóras íocaíochta na hÉireann, ba cheart úsáid níos lú a bhaint as ionstraimí airgid agus páipéir agus roghanna leictreonacha níos éifeachtúla agus níos sláine a chur ina n-ionad. Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn in 2010 ó thaobh íocaíochtaí cost-éifeachtúla a bhaint amach, lena n-áirítear laghdú breise suntasach ar úsáid seiceanna, is gá obair bhreise a dhéanamh chun iarrachtaí na bpáirtithe leasmhara go léir a chomhordú chun go bhféadfar na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí Maoirseachta

Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais socraíochta íocaíochta agus urrús chun sábháilteacht, éifeachtúlacht

agus éifeachtacht an gcóras seo a chinntiú. I mí Iúil 2010, d'fhoilsigh an Banc Tuarascáil ar Mhaoirseacht Íocaíochtaí Náisiúnta, inar thug sé cur síos mionsonraithe ar mhaoirseacht íocaíochtaí agus ar bhonneagar socraíochta íocaíochtaí agus urrús in Éirinn. Ní raibh aon athrú ar phríomhchuspóir an ról maoirseachta íocaíochtaí in 2010. Áirítear ann, go gcinnteofar go leanfaidh na córais íocaíochtaí go léir atá faoi shainchúram rialála an Bhainc de bheith ag oibriú go slán, éifeachtach agus go mbeifear ar an eolas maidir le forbairtí a dhéanann difear don tionscal íocaíochta. Chomh maith leis sin, ghlac an Banc páirt i mbeartas, i gcaighdeáin agus i gceanglais ábhartha maoirseachta don Eurochóras a fhorbairt trí rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe i gCoiste CEBC (CCIS) um Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus i bhfoghrúpaí gaolmhara.

Scéim Ráthaíochta Taiscí

Tá an Banc freagrach as riaradh Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann (SRT) lena dtabharfar cúiteamh do thaisceoirí i gcás ina dteipfidh ar instiúid creidmheasa. Rinneadh cur chun feidhme SRT i dtaca le bainc, cumainn foirgníochta agus comhair chreidmheasa a áireamh mar eochair-straitéis i bPlean Straitéiseach an Bhainc do 2010-2012 chun a chinntiú go gcosnófar leas tomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Chuir an Banc tionscadal ar bun in 2010 chun a chinntiú go bhféadfar íocaíochtaí sciobtha a éascú. Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na próisis a shainiú agus leis na córais riachtanacha a fhorbairt. Leanann an Banc de bheith ag obair i gcomhar le hinstiúidí creidmheasa chun an sprioc nua íocaíochta amach de 20 lá oibre a chomhlíonadh, ar sprioc é a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2010 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009. Tá an obair seo á déanamh i gcomhthéacs beart eile chun Córas Réitigh Speisialta a fhorbairt.

Eisiúint Airgeadra 2010

Táirgeann agus eisiúint an Banc nótaí bainc agus boinn chun freastal ar riachtanais an phobail agus riachtanais ghnó. Soláthraíodh iomlán a riachtanais de nótaí bainc agus de bhoinn do na bainc in 2010.

Faoi shocruithe táirgthe comhthiomsaithe BCE, phriontáil an Banc 127.5 milliún nóta bainc san ainmníocht €10 in 2010. Fuair agus d'eisigh an Banc nótaí bainc in ainmníochtaí eile ó Bhainc Cheannais Náisiúnta eile sa limistéar euro. Sholáthair an Banc 399 milliún nótaí bainc san

iomlán idir notaí bainc nua agus notaí in-atheisiúna le linn na bliana. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil i dTábla 13 - 'Eisiúintí Nótaí Bainc'.

Le linn 2010, cuireadh socruithe deiridh i gcrích chun Creat Athchúrsála Nótaí Bainc (CANB) BCE a chur chun feidhme. I Meán Fómhair 2010, aistríodh CANB chuig 'Cinneadh BCE/2010/14' atá ceangailteach de réir dlí agus lena gcuirtear de cheangal ar institiúid chreidmheasa agus ar lámhseálaithe profaisiúnta airgid thirim eile ar fud an Eurochórais rialacha aonchineálacha agus caighdeáin íosta, cosúil le rialacha agus caighdeáin CANB, a chomhlíonadh maidir le notaí bainc euro a chur in athchúrsaíocht. Chuir an Banc tacaíocht agus oiliúint ar fáil chun a chinntiú go raibh an Cinneadh á chomhlíonadh ag na páirtithe leasmhara faoin sprioc 1 Eanáir 2011.

Táirgeadh 100 milliún bonn agus eisíodh 176 milliún bonn in 2010. Bhí an t-éileamh fós lag cé go raibh feabhas tagtha air i gcomparáid le 2009 nuair nár eisíodh ach 112 milliún bonn. Bhain an t-éileamh lag le boinn in ainmníochtaí ísle. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil i dTábla 13 - Eisiúintí Bonn.

Ar na táirgí boinn nua inbhailithe in 2010, áiríodh Foireann na Bliana agus bonn profa airgid €15 chun Ainmhithe Bhoinn na hÉireann a cheiliúradh. Taispeánadh an capall ar an mbonn profa airgid €15 agus ba é seo an téama freisin ar an bhfillteán taispeántais d'Foireann na Bliana. Eisíodh bonn profa óir €20 agus bonn profa airgid €10 a raibh an dearadh céanna



Foireann Bonn Profa Dúbailte Gaisce 2010.

orthu, do chomóradh 25 bliain Ghaisce, Cearnmhír an Uachtaráin, agus bhí siad siúd ina gcuid de Shraith Europa freisin.

Lean an Banc de bheith ag glacadh le notaí bainc agus boinn Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach. Le linn 2010, tugadh €3.3 milliún i gcomhluach an euro ar ais. Ag deireadh 2010, bhí €238 milliún i notaí bainc Éireannacha agus €125.5 i mboinn ar marthain.

Eisiúint Nótaí Bainc agus Bonn in 2010

Tábla 13: Eisiúintí Nótaí Bainc

Ainmníocht	Líon na Nótaí Bainc (milliún)		Luach € milliún	
	2009	2010	2009	2010
€5	54	59	271	297
€10	49	50	488	502
€20	114	114	2,270	2,279
€50	193	174	9,669	8,681
€100	2	2	173	157
€200	0	0	5	6
€500	0	0	30	34
Iomlán	412	399	12,906	11,956

Nóta: Seans nach suimeanna beachta iad na figiúirí seo toisc gur slánaíodh iad

Tábla 14: Eisiúintí Bonn

Ainmníocht	Líon na mBonn (milliún)		Luach € bonn	
	2009	2010	2009	2010
1c	58	78	1	1
2c	22	37	0	1
5c	14	28	1	1
10c	5	9	1	1
20c	5	10	1	2
50c	1	6	1	3
€1	2	4	2	4
€2	4	3	8	6
Iomlán	112	176	14	19

Nóta: Seans nach suimeanna beachta iad na figiúirí seo toisc gur slánaíodh iad

Bainistiú Sócmhainní

Punann Infheistíochta

Ag deireadh 2010, bhí punann infheistíochta an Bhainc comhdhéanta de shócmhainní €17.7 billiún arna n-ainmniú san euro agus sealúchais i ndollair SAM de chomhluach €0.5 billiún. Is ionann an t-iomlán agus méadú €0.7 billiún ar 2009, a mbaineann €0.3 billiún de le rannpháirtíocht an Bhainc sa Chlár um Cheannach Bannaí Clúdaithe (CCBC) de chuid an BCE, ar críochnaíodh na ceannacháin sin i mí an Mheithimh, agus tháinig an t-iarmhéid ó dhíbhinní agus ioncam.

B'ionann agus €359.5 milliún an tuilleamh iomlán ó phunanna infheistíochta an Bhainc in 2010 i gcomparáid le €656.9 milliún in 2009. In 2010, bhí ceannas ag géarchéim fiachais cheannasaigh na hEorpa ar na margaí. Bhí patrúin éagsúla i gceist le gluaiseachtaí torthaí bannaí idir tíortha le himeacht na bliana. I bpríomh-thíortha ardráta, amhail an Ghearmáin, thit torthaí bannaí ar shruthanna slána de réir mar d'éirigh infheisteoirí níos drogallaí ó thaobh rioscaí. Ar an taobh eile de, tháinig méadú tobann ar thorthaí bannaí na dtíortha íseal-ráta ar imeall an Eurochórais le linn na bliana de réir mar a mhéadaigh na rioscaí braite fioscacha agus baincéireachta a bhain leis na tíortha sin. Dá bhrí sin, b'ionann agus 2.09 faoin gcéad an tuilleamh ó na punanna infheistíochta i gcomparáid le brabús 3.47 faoin gcéad do 2009. Ní raibh aon athrú ar an spriocmharthanacht sna punanna in 2010.

Rinneadh bainistíocht ar phunann infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le paraiméadair arna gceadú ag Coimisiún an Bhainc Ceannais. Rinne an Coimisiún leasú ar roinnt de na

paraiméadair seo mar fhreagra ar thionchar leanúnach na géarchéime airgeadais domhanda ar na margaí agus ar na hionstraimí a ndéanann an Banc infheistíocht iontu.

Cúlchistí BCE

Is é príomhchuspóir chúlchistí an Bhainc Ceannais Eorpaigh a chinntiú go bhfuil leor-acmhainní leachtacha ag an Eurochóras, de réir mar a bheidh gá leo, dá oibríochtaí beartais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hairgeadraí neamh-AE. Déanann gach Banc Ceannais Náisiúnta bainistíocht ar chion de chúlchistí BCE. Ar iarratas ó Bhanc Ceannais Mhálta, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc, ón 1 Eanáir 2008 i leith, ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dollair SAM, mar aon lena chion féin. Is ionann punann chúlchistí BCE atá faoi bhainistíocht agus €706.5 milliún, atá i gcomhréir le scairsheilbh an Bhainc agus scairsheilbh Mhálta sa BCE. Ag deireadh 2010, b'ionann glan-chúlchistí eachtracha BCE agus €60.6 billiún.

Bainistíocht Riosca

Ba iad na príomhrioscaí a bhain le punann infheistíochta an Bhainc le linn 2010 – riosca creidmheasa, riosca margaidh agus riosca airgeadra.

Is é atá i riosca creidmheasa an riosca caillteanais má mhainníonn iasachtaí, eistitheoir, contrapháirtí nó custaiméir eile a chuid oibleagáidí airgeadais don Bhanc a chomhlíonadh. Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras teorainneacha atá bunaithe go príomha ar rátálacha creidmheasa seachtracha arna soláthar ag Fitch agus Moody's. Maolaítear an

neamhchosaint ar chreidmheas trí bhíthin phróifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc atá faoi threoir beartais infheistíochta sách cúramach agus trí ionstraimí comhthaobhaithe a úsáid.

Sainítear riosca margaidh mar riosca caillteanais de thoradh athruithe ar fhachtóirí riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtarraí agus raonta difríochta creidmheasa. Is trí íogaireacht ráta úis a shócmhainní infheistíochta go príomha a bhíonn an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh. D'fhéadfadh neamhchosaint a bheith i gceist freisin i leith rátaí malairte agus athruithe ar chúinsí margaidh airgeadais, amhail leachtacht ionstraimí ioncaim sheasta. Déanann Stiúthóireacht Oibríochtaí Airgeadais an Bhainc bainistíocht ar riosca margaidh laistigh de chreataí na bparaiméadar do bhainistíocht rioscaí ardleibhéil, rialachais agus rialaithe arna gceadú ag an gCoimisiún chomh maith le socruithe tuairiscithe do phríomh-tháscairí riosca. Déanann feidhmeannas neamhspleách bainistíochta riosca comhlíonadh agus feidhmíocht maidir leis na beartais seo a fhíorú agus a thuairisciú. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis sa mharcáil ón margadh dá phunann infheistíochta. Cuirtear roghanna bainistíochta riosca maidir leis na sócmhainní infheistíochta in iúl le tagarmharc a chruthaítear go seachtrach, ar ina leith a dhéantar punanna infheistíochta a thomhas agus a bhainistiú. Úsáidtear spriocanna marthanachta leasaithe chun an riosca margaidh (ráta úis) a bhaineann le punanna marcáilte ón margadh de chuid an Bhainc a ríomh agus a bhainistiú. Déanann marthanacht leasaithe íogaireacht luach punainne infheistíochta maidir le hathruithe ar torthaí bannaí a thomhas. Baintear úsáid as Luach-faoi-Riosca mar bheart riosca ráta úis sa bheis de phunanna an Bhainc.

I gcomhthéacs an Eurochórais agus easpa idirghabhála ó thaobh airgeadra eachtraigh de, laghdaíodh sealúchais sócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc go dtí an t-íosmhéid, ag féachaint do na hoibleagáidí eile de chuid an Eurochórais. Déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar dháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí mheascán de mhodheolaíochtaí cainníochtúla agus eimpíreacha, de thástáil Luach-faoi-Riosca agus de thástáil struis a úsáid mar aon le fachtóirí cáilíochtúla éagsúla. Ag deireadh na

Nollag 2010, bhí bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar phunann ainmnithe in euro agus i ndollair SAM (fálaithe in aghaidh an euro).

Caidreamh Idirnáisiúnta

Airteagal IV an CAI

Rinne an CAI athbhreithniú bliantúil Alt IV ar gheilleagar an hÉireann i mí Bealtaine 2010. Sholáthair an Banc Ceannais staidrimh, anailís agus tuairimí ar na saincheisteanna eacnamaíocha agus airgeadais arna n-ardú ag foirne misin CAI. I measúnú Alt IV, thug an CAI dá aire go raibh ionchais téarnaimh gheilleagraigh faoi ualach ag an gceartú leanúnach ar an neamhchomhardú réamh-ghéarchéime. Thug sé dá aire freisin go raibh bainistíocht ghníomhach riosca de dhíth i leith na hearnála airgeadais agus an bheartais fhioscaigh chun creidiúnacht ó thaobh beartais a chaomhnú.

Cruinnithe CAI

Bhí ionadaíocht ag an mBanc ag Cruinnithe Earraigh an CAI/an Bhainc Dhomhanda in Aibreán 2010 agus ag na Cruinnithe Bliantúla i mí Dheireadh Fómhair 2010. Bhí na cruinnithe seo tábhachtach i gcomhthéacs leasuithe rialachais CAI a aontú, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don CAI a mhéadú agus an cion vótála a athdháileadh idir na tíortha. Tháinig Bord Gobharnóirí CAI ar chomhaontú maidir le leasuithe rialachais faoin 14ú hAthbhreithniú Ginearálta ar Chuóta an 5 Samhain 2010, a mbeidh dúbláil acmhainní cuóta CAI mar thoradh air nuair a chuirfear chun feidhme é. Faoin gcomhaontú seo, méadófar scair chuóta na hÉireann ó 0.528 faoin gcéad go 0.724 faoin gcéad. Cé go léiríonn scair chuóta tíre a ranníocaíocht d'acmhainní an CAI (i.e. a suibscríbhinn), baintear úsáid aisti freisin chun an ráta úis a gheartar ar iasachtaí CAI a ríomh. Faoin tSaoráid Chiste Leathnaithe (SCL), féadfaidh Éire iasacht suas le trí oiread cuóta ag an mbunráta muirir²² a fháil, agus muirearaítear na cistí atá fágtha de réir corrlaigh bhreise de 2 faoin gcéad, ag méadú go dtí 3 faoin gcéad tar éis trí bliana.

I dtéarmaí airgeadaíochta, ainmnítear cuótaí in aonad cuntais CAI, Cearta Speisialta Tarraingthe (CSTanna). An 4 Márta 2011, faoi chomhaontú ad hoc ar leasuithe cuótaí agus rialachais a aontaíodh in 2008, méadaíodh

22 Ba é an bunráta muirir 1.33 faoin gcéad ag deireadh 2010.

Bosca 8 – Coistí an Eurochórais/CEBC

Cuntasáíocht agus Ioncam Airgeadaíochta	Caidreamh Idirnáisiúnta
Maoirseacht Baincéireachta	Dlí
Nótaí Bainc	Oibríochtaí Margaidh
Modheolaíocht Costais	Beartas Airgeadaíochta
Cumarsáid	Córais Íocaíochta agus Réitigh
Cobhsaíocht Airgeadais	Bainistíocht Riosca
Teicneolaíocht Faisnéise	Staidreamh
Iníúcháireacht Inmheánach	
Buiséad	Acmhainní Daonna
TF Stiúrtha	

cuóta na hÉireann ó CST 838.6 milliún go dtí CST 1,257.6 milliún. Is ionann iasacht SCL na hÉireann agus 1,550 faoin gcéad den chuóta nua anois, anuas ó 2,320 faoin gcéad den chuóta reatha. Ciallaíonn sé seo go ngearrtar ráta úis nua atá níos ísle ar iasacht SCL na hÉireann. Nuair a dhaingneofar an 14ú hAthbhreithniú Ginearálta ag 113 balltír, arb ionann sin agus 85% de chion vótála CAI, méadófar cuóta na hÉireann go dtí CST 3,499.9 milliún, agus beidh dea-thionchar breise aige sin ar an ráta úis a ghearrtar ar iasacht SCL.

Cruinnithe Chomhairle an AE/Cruinnithe an AE

D'fhreastail an Gobharnóir ar chruinniú Neamhfhoirmiúil de Chomhairle na nGnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais (Ecofin²³) sa Bhruiséil 30 Meán Fómhair – 1 Deireadh Fómhair. Díriodh go mór ag an gcruinniú sin ar shaincheisteanna cobhsaíochta airgeadais agus ar fhorbairt mheicníochtaí an AE chun géarchéimeanna airgeadais a chosc agus a leigheas. Bíonn an Banc páirteach sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) agus ina Fhochoiste um Shaincheisteanna CAI (FCAI). Ullmhaíonn an CEA an clár do chruinnithe Ecofin, lena n-áirítear forbairtí reatha eacnamaíochta agus airgeadais a mheas, beartais eacnamaíochta agus fhioscacha an AE a chomhordú, anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna an mhargaidh airgeadais, beartais ráta malairte sa limistéar neamh-euro a mheas agus caidreamh le tíortha an tríú domhan agus le hinstiúidí idirnáisiúnta a láimhseáil.

An Banc Ceannais Eorpach

Bíonn caidreamh i gcónaí ag an mBanc leis an mBanc Ceannais Eorpach, go príomha trína rannpháirtíocht i gcóras na gcoistí. Cuidíonn na coistí leis an gcinnteoireacht ar leibhéal BCE, laistigh dá réimse inniúlachta. Tugtar sonraí maidir leis na coistí seo i mBosca 8.

Comhar Idirnáisiúnta

Bhí an Banc páirteach i roinnt seimineár ardleibhéil lenar neartaíodh an comhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear tíortha i réigiún na Meánmhara. Chomh maith leis sin, bhí an Banc ina óstach do roinnt taidhleoirí agus toscaireachtaí idirnáisiúnta le linn na bliana, agus shínigh sé Meabhrán Tuisceana le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise in Eanáir 2011.

Próisis agus Nósanna Imeachta Inmheánacha a Bhainistiú

Acmhainní Daonna

Ag deireadh 2010, bhí 1,226²³ duine ar fostú ag an mBanc as líon ceadaithe 1,328. Ba mhéadú 17.4 faoin gcéad é seo i gcomparáid leis an soláthar foirne in 2009. Leis an méadú seo ar an soláthar foirne, léirítear méadú na heagraíochta i réimse na maoirseachta túslíne, sa réimse beartais agus sa réimse maicreacnamaíoch. Sannadh 507 den fhoireann iomlán do na Rannóga Rialála, 458 do Rannóga na Baincéireachta Ceannais agus 261 do Rannóga Oibríochtaí. Ina theannta sin, fruillíodh 11 dhuine ar iasacht ó sheirbhísí gairmiúla agus ó ghnólachtaí dlí le linn 2010, agus sannadh

deichniúr don réimse Rialála agus duine amháin don réimse na BaincÉireachta Ceannais.

Le linn 2010, chuaigh 66 céimí ardfheidhmithe ó dhisciplíní éagsúla i mbun oibre sa Bhanc. Forbraíodh clár cuimsitheach ionduchtúcháin coicíse agus reáchtáladh é i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Le linn 2010, thug an Banc ‘oiliúint duine le duine’ isteach don lucht Ardbhainistíochta ar fud na heagraíochta. Cuireann sé seo béim ar an tiomantas chun cumas na mbainisteoirí nua agus cumas na mbainisteoirí atá ann cheana féin a neartú chun go bhféadfaidís dul i ngleic leis an réimse fairsing dúshlán suntasach atá ann sna cúinsí eacnamaíocha reatha.

Mar thoradh ar an tosaíocht mhór a tugadh don oiliúint agus don fhorbairt sa Bhanc, trí ionduchtúchán, promhadh, agus cúrsaí oiliúna teicniúla go háirithe, tháinig méadú 146 faoin gcéad ar líon na laethanta oiliúna a tugadh in 2010 i gcomparáid le 2009

Teicneolaíocht na Faisnéise

Chuir an Banc tionscnaimh éagsúla chun cinn in 2010 i gcomhréir le clár na heagraíochta maidir le straitéis córas agus athrú córas. Lean an Banc de sceideal bríomhar i ndáil le ceanglais a chomhlíonadh maidir le forbairt agus breisiú feidhmchláir ar fud na n-oibríochtaí rialála agus baincÉireachta ceannais (e.g. Scéim Ráthaíochta Taiscí, bainistíocht comhthaobhachta, optamú cuntasaíochta costála agus tuairisciú ar líne). Cuireadh roinnt tionscadal sainordaitheach de chuid CEBC i gcrích roimh an spriocdháta freisin. Cuireadh obair chun cinn, i gcomhpháirt le roinnt banc ceannais eile agus le bainc thráchtála intíre, ar chur chun feidhme córas nua láimhseála airgid d’oibríochtaí Airgeadra. Chuir triantánú na líonraí idir na trí phríomhátireabh feabhas mór ar stóinseacht bhonneagar leanúnachas ghnó teicniúil an Bhainc.

Bainistíocht Faisnéise

Chuir an Banc tús le tionscadal Straitéis na Bainistíochta Faisnéise le cúnamh ó chomhairleoirí seachtracha, chun próisis agus córais a fhorbairt d’optamú úsáid shócmhainní faisnéise an Bhainc. Díreoidh an tionscadal seo ar an gcaoi inar féidir leis an mBanc luach a shonraí a uasmhéadú trí chórais éirime gnó (ÉI) a úsáid. Forbrófar córas um bainistiú taifead leictreonach agus tabharfar an Córas nua um Bainistiú Doiciméad & Taifead (CBDT) isteach.

Riosca Eagraíochtúil

Bunaíodh rannóg nua um Riosca Eagraíochtúil i mí na Nollag 2010. Ar na freagrachtaí atá ar an rannóg seo, áirítear feidhmeanna a bhí ann cheana féin amhail monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar neamhchosaint na punainne infheistíochta, moltaí maidir le beartais infheistíochta a bheidh le faomhadh ag an gCoimisiún, agus comhordú na bainistíochta riosca eagraíochtúil ar fud na heagraíochta (lena n-áirítear bainistíocht leanúnachais gnó). Chomh maith leis sin, measfaidh an rannóg seo rioscaí don eagraíocht a eascróidh as ról an Bhainc i soláthar leachtachta d’institiúidí creidmheasa in Éirinn agus measfaidh sí, ó dhearcadh beartais níos leithne, rioscaí eile agus rioscaí gaolmhara do chlár comhordaithe an Bhainc ag an am céanna.

Tugadh creat leasaithe isteach do Riosca Oibríochtúil ar fud na heagraíochta. Leis an gcreat seo, leasaítear agus feabhsaítear na próisis ina ndéantar neamhchosaintí ionchasacha a aithint, a rialú agus a laghdú. Cuireadh chun feidhme é i ngach rannóg sa chéad ráithe de 2011.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse Bainistíochta Leanúnachais Gnó (BLG), go háirithe maidir le socrúithe feabhsaithe teagmhais d’oibríochtaí margaidh atá criticiúil ó thaobh ama de agus teacht aniar feabhsaithe TF. Rinneadh suirbhé ar fud na heagraíochta ar riachtanais BLG le linn na bliana, rud a threoróidh agus a chuirfidh le gníomhaíochtaí a bhaineann le BLG in 2011.

Seirbhísí Dílí

Ar phríomhfeidhmeanna Rannóg Dílí an Bhainc, áirítear comhairle a thabhairt maidir le reachtaíocht na baincÉireachta ceannais a cheapadh agus ionadaíocht a dhéanamh don Bhanc i bplé leis an Roinn Airgeadais, le Ranna Rialtais eile agus le hOifig an Ard-Aighne. Ar na mórthionscadail reachtaíochta a cuireadh chun cinn in 2010, áiríodh na cinn seo a leanas: an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010; an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán) 2010; agus, Bille an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Rinne an Rannóg Dílí ionadaíocht don Bhanc sa chaibidlíocht a bhain leis na socrúithe dlí do Chlár AE-CAI arna eascairt as an Meabhrán Tuisceana idir an Rialtas agus AE-CAI. Caitheadh acmhainní suntasacha freisin ar chúnamh a thabhairt i leith bhearta na géarchéime airgeadais, amhail an tAthbheithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil

agus dian-mhaoirseacht leanúnach ar institiúidí creidmheasa na hÉireann, mar aon le hiarratas rathúil an Bhainc chun na Cúirte chun Quinn Insurance Limited a chur á riar.

Ina theannta sin, le linn 2010, thug an Banc comhairle agus cúnaimh maidir le trasuí Treoracha Eorpacha amhail: Treoracha maidir le Sócmhainneacht II; maidir le hInstitiúidí Airgid Leictreonaigh; agus Treoracha lena leasaítear an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta agus an Treoir maidir le Comhshocraíochtaí Comhthaobhacha Airgeadais.

Cumarsáid

Fuarthas tuairim is 18,000 teagmháil dhíreach ó bhaill den phobal le linn na bliana. Bhí sé seo níos lú ná an méid a fuarthas in 2009 toisc gur aistríodh feidhm na faisnéise do thomhaltóirí don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí le linn 2010.

Lean fiosrúcháin ó na meáin don Bhanc de bheith ag méadú, méadú de 42 faoin gcéad i gcomparáid le 2009, rud a léiríonn an spéis leanúnach, go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta araon, sa ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch agus i dtionscadail an Bhainc amhail an próiseas Athbhreithnithe ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil. Chomh maith leis sin, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht maidir le hagallaimh agus ráitis do na meáin. Bhí ocht láithreas os comhair Choistí an Oireachtais, agus an eagraíocht ag féachaint le forbairtí leanúnacha a mhíniú do líon mór páirtithe leasmhara lena n-áirítear rannpháirtithe sa mhargadh agus an pobal i gcoitinne.

Straitéis & Pleanáil

D'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana i mí Iúil 2010 don tréimhse 2010 go dtí 2012. Sa phlean sin, leagadh amach cuspóirí ardleibhéil na heagraíochta agus a tosaíochtaí láithreacha. Is iad seo a leanas tosaíochtaí na heagraíochta: an córas airgeadais a neartú, samhail nua rialála a

fhorbairt chun cur leis an gcumas maoirseachta i leith fadhbanna a bhrath agus a chur ina gceart, plé le comhlachtaí maoirseachta nua AE, cur le cosaint do thomhaltóirí, an córas rialála; cumas anailíse eacnamaíche an Bhainc a neartú tuilleadh agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar na seirbhísí airgeadais. Tugadh isteach modheolaíocht an Scórcháirta Ualaithe in 2010 chun gnóthú na gcuspóirí straitéise a thomhas. Bhí an Banc páirteach in athbhreithniú idirnáisiúnta ar éifeachtacht eagraíochtaí na rialtóirí earnála airgeadais. B'ionchur luachmhar na tátail sin don phróiseas pleanála le haghaidh 2011.

Áitribh

Oibríonn foireann an Bhainc i seacht bhfoirgneamh éagsúla ag ceithre shuíomh éagsúla i mBaile Átha Cliath. Tá formhór na foirne (thart ar 80%) ag gabháil do ghníomhaíochtaí oifige i suíomhanna i Lár na Cathrach agus tá an chuid eile ag gabháil go príomha do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta sa Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh, Contae Bhaile Átha Cliath. Bíonn soláthar ar an láthair de sheirbhísí bainistíochta saoráidí, amhail slándáil, lónadóireacht, innealtóireacht, etc. mar thaca ag gach suíomh. Cé go mbeadh oibríochtaí sa Lárionad Airgeadra níos déine ó thaobh úsáid an fhuinnimh de, níl figiúirí ar fáil ag an bpointe seo do bhriseadh síos nó ríomh úsáide fuinnimh an Bhainc ar an iomlán toisc nár cuireadh tús le cláir tomhais agus monatóireachta fuinnimh ach i roinnt suíomhanna sa ráithe dheireanach de 2010. Ó na sonraí a bhí ar fáil in 2010, is eol gur úsáid an Banc os cionn 6 milliún MWh d'fhuinnimh, a bhí comhdhéanta de na céatadáin seo a leanas, a bheag nó a mhór:

- » 65% de leictreachas;
- » 35% de bhreoslaí iontaise.

Tá achoimre i mBosca 9 ar na gníomhartha a glacadh in 2010 agus orthu siúd atá beartaithe do 2011 chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Bosca 9 - Úsáid Fuinnimh: Gníomhartha a glacadh in 2010 agus atá beartaithe do 2011

Gníomhartha in 2010

Thug an Banc faoi réimse tionscnamh in 2010 chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- » Suiteáladh méadair i roinnt foirgneamh neamh-mhéadraithe
- » Leasaíodh rialuithe do Bhainistiú Foirgneamh (téamh agus fuarú spás) chun freagairt do na méadair nua
- » Suiteáladh Soilsíocht Éighníomhaíoch Gníomhachtaithe Infridheirg i roinnt limistéar athchóirithe
- » Scaipeadh tuairiscí fuinnimh démhíosúla don lucht bainistíochta agus rinneadh athbheithniú orthu nuair a bhí siad ar fáil
- » Cuireadh measúnú fuinnimh suímh i gcrích i gcomhpháirt le Fuinneamh Inmharthana Éireann do cheann amháin dá shuíomhanna
- » Tugadh oiliúint d'fhoireann shár-riachtanach i mbainistíocht fuinnimh
- » Cruthaíodh Beartas Fuinnimh corparáideach chun cabhrú le forbairt straitéise agus feasachta
- » Ceapadh Comhordaitheoirí Fuinnimh chun tionscnaimh a chur chun cinn
- » Cuireadh tús le húsáid fuinnimh a thaifeadh thar na foinsí ábhartha
- » Rinneadh tástáil ar fheistithe solais malartacha agus aithníodh moladh amháin féideartha a mbainfeadh coigilt 50% ar a laghad leis ó thaobh costas reatha.

Leis na bearta coigilte fuinnimh seo, mar aon le cinn eile, cuideofar le Banc Ceannais na hÉireann bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar úsáid fuinnimh in 2011.

Gníomhartha Beartaithe do 2011

Tá sé beartaithe ag an mBanc go dtabharfar faoi na tionscnaimh seo a leanas chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh:

- » Déanfar coirí nua a chur in ionad seantrealaimh, rud a mhéadóidh éifeachtacht úsáid na mbreoslaí iontaise
- » Déanfar na soilsí a uasghrádú ar roinnt láithreacha
- » Cruthófar Foirne Bainistíochta Fuinnimh chun feasacht a chur chun cinn agus chun tionscnaimh a fheabhsú trí mheán na bpríomhnithe a imríonn tionchar ar fhuinneamh (Innealtóireacht, TF, Déantúsaíocht, Lónadóireacht, etc.)
- » Cruthófar meicníocht do thaifeadh agus tuairisciú ráithiúil chun feabhsú a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air
- » Tacaíocht ghairmiúil a fhrúiliú chun deiseanna eile feabhsaithe a aithint
- » Clár oiliúna d'fheasacht foirne a fhorbairt agus a chur ibhfeidhm

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann,

Patrick Honohan
An Gobharnóir

Neil Whoriskey
An Rúnaí

20 Bealtaine 2011

Aguisín 1: Ráitis agus Páipéir Fhoilsithe ag an mBanc le linn 2010

Príomhghníomhaíochtaí

Feasachán Ráithiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2009 – Iúil 2010

Ráitis Chomhdhála Preasa

Aitheasc ón Stiúrthóir Institiúidí Airgeadais, Jonathan McMahon ag Foilsíú 'Banking Supervision: Our new approach' – Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir Beartais agus Riosca, Patrick Brady ag Foilsíú 'Banking Supervision: Our new approach' – Meitheamh

Ráiteas an Ghobharnóra nuair a seoladh Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais – Iúil

Ráiteas an Chathaoirligh nuair a seoladh Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais – Iúil

Óráidí agus Cur i Láthair

Aitheasc ó Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Elaine Byrne, ag Comhdháil Earraigh Bhainisteoirí na gComhar Creidmheasa – Feabhra

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, chuig 40ú Comhdháil Iomlánach de Chomhthionól Parlaiminteach na Breataine agus na hÉireann - Feabhra

Aitheasc ó Cheannasaí Margáí agus Maoirseachta Stochbhróicéara, Martin Moloney, do Compliance Ireland – Feabhra

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Líonra Gairme Alumni Choláiste na Tríonóide – Feabhra

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, don Fhóram Árachais Eorpach 2010 – Márta

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, don Leinster Society of Chartered Accountants – Márta

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, do Thríú Comhdháil Dhomhanda Ionaid Seirbhísí Airgeadais Fintel– Aibreán

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, do Chruinniú Cinn Bhliana Chonradh an hÉireann do Chomhair Chreidmheasa –Aibreán

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, ag Comhdháil Bhliantúil ILCU - Aibreán

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, ag Comhdháil Bhliantúil Financial Services Ireland 2010 - Aibreán

Aitheasc ón gCeannasaí ar Mhaoirseacht Soláthraithe Seirbhíse Infheistíochta, George Treacy, do Stiúrthóirí an Ghnólaigh Infheistíochta MiFID–Aibreán

Aitheasc ón gCeannasaí Cosanta Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, do Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann – Bealtaine

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, d'Institiúid Árachais Éireann - Bealtaine

Aitheasc ón Stiúrthóir Institiúidí Airgeadais, Jonathan McMahon, do Chomhdháil Baincéireachta Mazars, 2010 - Bealtaine

Aitheasc ón Stiúrthóir Institiúidí Airgeadais, Jonathan McMahon, d'Fhóram Árachais Shócmhainneacht II– Bealtaine

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Chumann na nGnólaigh Beaga – Bealtaine

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, ag Lón Bliantúil Chónaidhm Árachais na hÉireann – Bealtaine

Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag Comhdháil 2010 INFINITI - Meitheamh

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield ag Comhdháil Cistí Domhanda IFIA/NICSA 2010 – Meitheamh

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Chumann Lucht Tráchtála na hÉireann agus na Seapáine – Lúnasa

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, d'Ollscoil Renmin, Béising – Lúnasa

Aitheasc ón gCeannasaí Cosanta Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, ag Comhdháil Outsource Services Group – Meán Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag Comhdháil SUERF – Meán Fómhair

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, ag Comhdháil Fómhair Bhainisteoirí na gComhar Creidmheasa – Meán Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, d'Institiúid na gCuntasóirí Deimhneithe Poiblí in Éirinn – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir Institiúidí Airgeadais, Jonathan McMahon, ag Comhdháil Náisiúnta Chónaidhm Náisiúnta Baincéireachta na hÉireann – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, do Chumann na nOifigeach Géilliúlachta in Éirinn – Deireadh Fómhair

Aitheasc Tosaigh ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, d'Fhóram Rialála na gComhar Creidmheasa – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Sheimineár Seirbhísí Airgeadais Chuntasóirí Cairte na hÉireann - Samhain

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, do Chumann na nOifigeach Géilliúlachta in Éirinn – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir Beartais agus Riosca, Patrick Brady, ag 'Challenges in Corporate Governance - A Banking Perspective Challenges to Irish Banking Federation' – Samhain

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Chruinniú Mullaigh na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta 2010 – Samhain

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, don Fhóram Maoirseoirí Náisiúnta – Samhain

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, Matthew Elderfield, d'Fhóram Cathaoirleach na hInstitiúide Gnóthaí Poiblí – Samhain

Aitheasc ón gCeannasaí Cosanta Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí - Nollaig

Aitheasc ó John Moran, an Ceannasaí Maoirseachta Banc Mórdhíola, do Chuntasóirí Cairte na hÉireann – Nollaig

Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

A Discussion of the Monetary Condition Index – Jenny Osborne-Kinch agus Sarah Holton – Uimh.1 2010

The Investment Funds Industry in Ireland – A Statistical Overview – Brian Godfrey, Joe McNeill agus Aisling Menton – Uimh.1 2010

Measuring Ireland's Price and Labour Cost Competitiveness – Derry O'Brien – Uimh.1 2010

Retail Payment Practices: How They Have Evolved in Recent Times and Where They Might Be Going – David Cronin agus Anne McGuinness – Uimh.2 2010

The Impact of Oil Prices on Irish Inflation – Derry O'Brien agus Laura Weymes – Uimh.3 2010

Irish households: Assessing the Impact of the Economic Crisis – Mary Cussen agus Gillian Phelan – Uimh. 4 2010

Central Bank Credibility and Income Velocity in a Monetary Union – Frank Browne agus Robert Kelly – Uimh.4 2010

Liquidity-Driven Risks to Large Valued Payments – Frank Browne agus Gavin Doherty – Uimh.4 2010

Páipéir Theicniúla Taighde

Wage setting and wage flexibility in Ireland: Results from a firm level study – Mary Keeney agus Martina Lawless – Feabhra

How are Irish households coping with mortgage repayments? Information from the SILC survey – Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn – Feabhra

Testing for asymmetric pricing behaviour in Irish and UK petrol and diesel markets - Colin Bermingham agus Derry O'Brien – Feabhra

The determination of wages of newly hired employees: survey evidence on internal versus external factors - Kamil Galuscak, Mary Keeney, Daphne Nicolitsas, Frank Smets, Pawel Strzelecki agus Matija Vodopivec Márta

Are some forecasters really better than others? - Antonello D'Agostino, Kieran McQuinn agus Karl Whelan – Aibreán

An analysis of the determinants of risk attitudes in Ireland and the United Kingdom - Kieran McQuinn agus Nuala O'Donnell – Bealtaine

How do firms set prices? Survey evidence from Ireland - Mary Keeney, Martina Lawless agus Alan Murphy – Bealtaine

Understanding and Forecasting Aggregate and Disaggregate Price Dynamics - Colin Bermingham agus Antonello D'Agostino – Bealtaine

Foilseacháin ag Comhaltaí Foirne in Irisí Acadúla

Financial Capability in Ireland and a Comparison with the UK – N. O'Donnell and M. Keeney – Public Money and Management, Iml. 30 (6), Igh. 355 – 362

Destinations of Irish Exports: A Gravity Model Approach – M. Lawless – Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland, Im 39, Igh. 1 – 22

Geography and Firm Exports: New evidence on Sunk Costs – M. Lawless – Review of World Economics, Iml. 126 (4), Igh. 691 – 707

Deconstructing Gravity: Trade Costs and Extensive and Intensive Margins – M. Lawless – Canadian Journal of Economics, Iml.43 (4), Igh. 1149 – 1172

Downward Nominal and Real Wage Rigidity: Survey Evidence from European Firms – M. Lawless, J. Babecký, P. du Caju, T. Kosma, J. Messina and T. Room, Scandinavian Journal of Economics, Iml.112 (4), Igh. 884 – 910

Commonality in Returns, Order Flows, and Liquidity in the Greek Stock Market – P. Dunne, M. Moore & V. Papavassiliou - European Journal of Finance, le foilsiú Meán Fómhair 2011

International order flows: Explaining equity and exchange rate returns – P. Dunne, H. Hau & M. Moore - Journal of International Money & Finance, Iml.29:2, Igh. 358 – 386

Adjusting for Quality of Labour and Labour Services in Productivity Measurement - Mary Keeney - Economic and Social Review, Iml.41 (2), Igh. 149-172

Energy Markets and the Euro Area Macro Economy – Derry O'Brien and Laura Weymes – ECB Structural Issues Report, Meitheamh

Quantifying Revenue Windfalls from the Irish Housing Market - D. Addison Smyth and K. McQuinn - Economic and Social Review, Iml.41 (2), Igh. 201 - 224

Testing for Asymmetric Pricing Behaviour in Irish and UK Petrol and Diesel Markets - C. Bermingham, D. O'Brien – Energy Journal – le foilsíú

Monetary Policy Surprises and International Bond Markets - Don Bredin, Stuart Hyde, and Gerard O'Reilly - Journal of International Money and Finance, le foilsíú

Monetary Policy and Real Estate Investment Trusts - Don Bredin, Gerard O'Reilly and Simon Stevenson - International Journal of Finance and Economics- le foilsíú

Understanding the Dynamics of Labor Shares and Inflation - Martina Lawless and Karl Whelan - Journal of Macroeconomics, le foilsíú

How are Irish households coping with their mortgage repayments? Information from the Survey on Income and Living Conditions - Yvonne McCarthy & Kieran McQuinn - Economic and Social Review, le foilsíú

Commodity Prices, Money and Inflation - Frank Browne and David Cronin - Journal of Economics and Business, Iml. 62, Igh. 331 – 345

Money Growth, Uncertainty and Macroeconomic Activity - A Multivariate GARCH Analysis - David Cronin, Robert Kelly, Bernard Kennedy – Empirica, le foilsíú

The Consumer Price Index, Money and Commodity Prices: A Forecast Error Variance Decomposition - David Cronin - International Research Journal of Finance and Economics, Iml. 41, Igh. 223 – 229

Monetary Policy Transmission and Asset Price Behaviour in the 21st Century – F Browne and D Cronin - In Stability in the Aftermath of the Financial Crisis, Frankfurt: Research on Money in the Economy, 36 Igh.

Regulation and Banking after the Crisis - Frank Browne, David.T. Llewellyn, and Philip Molyneux (ed.s) – Le foilsíú ag SUERF, le foilsíú

Foilseacháin Staidrimh

Credit by sector of economic activity – Ráithiúil

Lending by small and medium sized enterprises - Ráithiúil

Mortgage lending statistics – Ráithiúil

Consolidated Claims of Domestic Banks – Ráithiúil

Quarterly Financial Accounts – Ráithiúil

Investment Fund Statistics - Ráithiúil

Bank Lending Survey – Ráithiúil

Nominal holdings of Government Debt - Ráithiúil

Money and banking statistics by sector, maturity and residency – Míósúil

Retail Interest Rate Statistics - Míósúil

Credit Card Statistics - Míósúil

Securities Issue Statistics by sector - Míósúil

Harmonised Competitiveness Indicators - Míósúil

International Reserves and Foreign Currency Liquidity – Míósúil

Páipéir Chomhairliúcháin arna bhfoilsíú ag an mBanc sa bhliain 2010

Revocation of Dormant Collective Investment Schemes – Aibreán

Corporate Governance Requirements – Bealtaine

Investment Guarantees – Guidance on Reserving and Risk Governance – Bealtaine

Code on Related Party Lending – Bealtaine

Stabilisation Support for Credit Unions – Meitheamh

Review of Minimum Competency Requirements – Meitheamh

Review of Code of Conduct on Mortgage Arrears - Lúnasa

Review of Consumer Protection Code – Deireadh Fómhair

Review of the Central Bank of Ireland's requirement regarding the minimum requirements regarding the minimum activities of Irish authorised investment funds to be undertaken in the State – Samhain

Consultation on Impact Metrics for the Supervision of Financial Firms and on Impact Based Levies – Samhain

Caibidil 2:

Rialachas



Sa Chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas Bhanc Ceannais na hÉireann sa bhliain 2010, agus léirítear ann freisin na hathruithe a rinneadh go dtí seo lena chinntiú go mbeadh an eagraíocht ag feidhmiú ag barr a cumais.

Cúlra Reachtúil

Is comhlacht reachtúil é Banc Ceannais na hÉireann arna bhunú le hAcht an Bhainc Cheannais, 1942, agus arna rialú le hAchtanna an Bhainc Ceannais 1961 go 2010. Le linn 2009, léirigh an Rialtas go raibh sé beartaithe aige go ndéanfaí athstruchtúr ar Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chun filleadh ar aonán amháin a bheadh faoi rialú Choimisiúin. Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, a raibh tosach feidhme aige an 1 Deireadh Fómhair 2010, leasaíodh Acht an Bhainc Cheannais, 1942, chun go bhforálfaí go mbeadh gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc faoi bhainistiú agus rialú Choimisiúin an Bhainc Ceannais. Leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, bunaíodh comhlacht aonadach amháin – Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) – a bheadh freagrach as baincéireacht cheannais agus rialachas airgeadais. Glacann an struchtúr nua seo ionad na n-aonán gaolmhar a bhí ann roimhe seo, Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann agus an Rialtóir Airgeadais. Sular achtaíodh an reachtaíocht nua, bhíodh Bord an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ag teacht le chéile i gcruinnithe comhpháirteacha.

Cuspóirí Reachtúla

Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010. Is é cuspóir príomhúil an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Ar na feidhmeanna eile, áirítear na nithe seo a leanas a áirithiú:

- » Cobhsaíocht an chórais airgeadais
- » Rialú ceart, éifeachtach na n-institiúidí agus na margaí airgeadais, agus a chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí.
- » Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus réitigh.
- » Anailís agus tráchttaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt eacnamaíoch náisiúnta.

Struchtúr Bhanc Ceannais na hÉireann

Faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, d'fhill an Banc Ceannais ar aonán aonair a bheadh faoi rialú 'Choimisiúin'. Tá an fhreagracht as bainistiúocht an Bhainc dílsithe sa Choimisiúin, a chuimsíonn an Gobharnóir (Cathaoirleach), an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais, an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais maille le seisear comhalta ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhalta, arna gceapadh ag an Aire Airgeadais. De ghnáth, beidh Comhaltaí ceaptha de chuid an Choimisiúin i seilbh oifige ar feadh téarma 5 bliana. Ar a shon sin, téarma 3 bliana go 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige Chomhaltaí tosaigh an Choimisiúin chun leanúnachas eolais a chinntiú. Leanfaidh Comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin de bheith ina gComhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige i gceist.

Is é an tAire Airgeadais an t-aon scairshealbhóir amháin atá ag an mBanc.

An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapfaidh an Gobharnóir ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Ceapadh an tOllamh Patrick Honohan ina Ghobharnóir an 26 Meán Fómhair 2009.

Is Cathaoirleach an Choimisiúin é an Gobharnóir agus is comhalta ex-officio é freisin de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Ní mór don Ghobharnóir, nó ionadaí, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Leagtar amach a ról agus a fhreagrachtaí i gConarthaí AE, Reachtaí CEBC agus in Acht an Bhainc Cheannais 1942.

Comhallann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC gan spleáchas don Choimisiúin. Tá neamhspleáchas a ról cumhdaithe i gConarthaí AE, agus tá tosaíocht ag an ról sin ar dhlí na hÉireann. Is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear ar an mBanc, agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc, le Conarthaí AE nó le Reachtaí CEBC.

Comhaltaí an Choimisiúin

Faoi shean-struchtúr Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, bhí an fhreagracht as bainistiú an Bhainc Ceannais dílsithe sa Bhord ar a raibh an Gobharnóir, Ard-Stiúrthóir an Bhainc Ceannais, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, Cathaoirleach an Rialtóra Airgeadais, Príomh-Fheidhmeannach an Rialtóra Airgeadais agus seachtar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Airgeadais.

Bhí an fhreagracht as bainistiú an Rialtóra Airgeadais dílsithe san Údarás a chuimsigh Cathaoirleach an Rialtóra Airgeadais, Príomh-Fheidhmeannach an Rialtóra Airgeadais, an Stiúrthóir Tomhaltóirí agus seachtar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Fostaíochta agus Nuálaíochta.

Sula ndearnadh an reachtaíocht um athchóiriú an Bhainc Ceannais a chur chun feidhme, ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair 2010, tionóladh cruinnithe comhpháirteacha den Bhord agus den Údarás. Tionóladh seacht gcuinniú le linn na tréimhse sin. Cé nár tionóladh aon chruinniú i Meán Fómhair, rinneadh cinntí trí nós imeachta i scríbhinn an mhí sin.

Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Bhord agus den Údarás le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair:

Ainm	Gairm
Patrick Honohan	An Gobharnóir
Tony Grimes	Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
Matthew Elderfield	Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)
Kevin Cardiff	An tArd-Rúnaí, an Roinn Airgeadais
Jim Farrell	Cathaoirleach an Údaráis
David Begg	An tArd-Rúnaí, Comhdháil na gCeardchumann
Gerard Danaher	Abhcóide Sinsearach
John Dunne	Iar-Chathaoirleach, GFT
Alan Gray	Comhpháirtí Bainistíochta, Indecon Intl
Brian Hillery	An Cathaoirleach, Independent News and Media
Dermot O'Brien	Eacnamaí
Deirdre Purcell	Údar
Alan Ashe	Iar-Stiúrthóir Bainistíochta, Standard Life Assurance Co.
Dermot Quigley	Iar-Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim

Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar chomhaltas an Bhoird agus an Údaráis le linn 2010

- » D'imigh David Doyle ar scor mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais an 31 Eanáir 2010.
- » Ba é Brian Halpin Rúnaí an Bhainc go dtí Feabhra 2010. Bhí post an Rúnaí ar seilbh ag Mary Sheehy go dtí Nollaig 2010.

Ba iad seo a leanas na Comhaltaí den Choimisiún amhail ar an 31 Márta 2011:

Ainm	Gairm	Dáta a C(h)éad Cheapacháin	Téarma
Patrick Honohan	An Gobharnóir	26.09.09	Ex-officio
Tony Grimes	An Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais	17.08.07	Ex-officio
Matthew Elderfield	An Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais	04.01.10	Ex-officio
Kevin Cardiff	An tArd-Rúnaí, an Roinn Airgeadais	01.02.10	Ex-officio
John FitzGerald	Ollamh Taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	01.10.10	5 bliana
Blanaid Clarke	Ollamh Comhlach le Dlí na gCuideachtaí i nDámh an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	01.10.10	3 bliana
Max Watson	Comhalta de Choláiste Wolfson, Oxford agus Stiúrthóir Taighde i John Howell & Co Ltd	01.10.10	5 bliana
Des Geraghty	Iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceadchumainn	01.10.10	4 bliana
Michael Soden	Iar-POF Bhanc na hÉireann agus Iar-Cheannasaí Baincéireachta Miondíola in National Australia Bank.	01.10.10	4 bliana
Alan Ahearne	Léachtóir le hEacnamaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	08.03.11	4 bliana

Ceapadh Neil Whoriskey, an Ceannasaí ar Rannóg na hArd-rúnaíochta, mar Rúnaí an Bhainc in Eanáir 2011.

Rialachas Corparáideach a Chomhlíonadh

Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2010 agus tionóladh ceithre chruinniú sa bhliain 2010.

Beidh de fhreagracht ar chomhaltaí an Choimisiúin, ag teacht le chéile dóibh mar an gCoimisiún nó ag beartaíocht le chéile trí nós imeachta i scríbhinn de chuid an Choimisiúin, gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú. Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais an Bhainc comhtháite agus comhordaithe.

Cé is moite d'eisceachtaí an-teoranta, tarmligtear feidhmiú fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc do Chomhaltaí Bainistíochta an Choimisiúin. Tá an Coimisiún dírithe mar sin ar straitéis an Bhainc a cheapadh chun a chuspóirí reachtúla a bhaint amach ar an mbealach is fearr agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gComhaltaí Bainistíochta maidir le saothrú na straitéise sin.

Ní dhéanfaidh sé seo maolú ar cheart dlíthiúil an Choimisiúin aon chumhacht (nach cumhacht

CEBC é) den Bhanc a fheidhmiú le cinneadh ón gCoimisiún, más mian leis an gCoimisiún déanamh amhlaidh i gcás ar leith.

Tionóltar cruinnithe an Bhoird gach mí ach amháin mí Lúnasa. Córam de sheisear a bhíonn ag teastáil do na cruinnithe go léir. Faomhann an Gobharnóir an clár oibre agus na páipéir a scaiptear ar na Comhaltaí seachtain amháin roimh na cruinnithe.

Na Cumhachtaí a Tharmligtear chuig an nGobharnóir

Is comhaltaí *ex-officio* de chuid an hoimisiúin iad an Gobharnóir, an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais.

Féadfaidh an Coimisiún aon cheann dá chumhachtaí a tharmligean chuig an nGobharnóir, i gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an tarmligean sin chun tairbhe bhainistíochta éifeachtach an Bhainc agus fheidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna. Tá cumhacht ag an nGobharnóir comhalta eile den Choimisiún a cheapadh chun feidhmiú mar Ghobharnóir nuair nach mbeidh sé ar fáil go sealadach.

Tá an Gobharnóir freagrach go neamspleách as cúraimí CEBC a fhorcuirtear air agus ar an mBanc a chomhlíonadh. Comhlíonann an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais feidhmeanna eile atá neamhspleách ar an gCoimisiún. Mar shampla, féadfaidh sé oiriúnacht agus ionracas daoine áirithe a imscrúdú agus fógraí fionraíochta a eisiúint de bhun na n-imscrúduithe sin.

Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- » An Coiste Iniúcháireachta
- » An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- » An Coiste Riosca

An Coiste Iniúcháireachta

Ar phríomhfhreagrachtaí an **Choiste Iniúcháireachta**, áirítear an méid seo a leanas: monatóireacht a dhéanamh ar iomláine Ráitis Airgeadais an Bhainc; athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar fhreagraí ón Iniúchóir Seachtrach agus ón lucht Bainistíochta; athbhreithniú a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an Bhainc; monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí ó thaobh chóras bainistíochta riosca an Bhainc i gcoitinne; comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus le hathcheapadh iniúchóirí seachtracha, le luach saothair agus ceisteanna faoi éirí as agus dífhostú; agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbeartas maidir le fruíliú na n-iniúchóirí seachtracha chun seirbhís neamh-iniúcháireachta a chur ar fáil.

Comhaltáí an Choiste Iniúcháireachta amhail ar an 20 Bealtaine 2011: Blanaid Clarke (an Cathaoirleach) John FitzGerald agus Alan Ahearne.

An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Ar phríomhfhreagrachtaí an **Choiste Buiséid agus Luacha Saothair**, áirítear an méid seo a leanas: moltaí maidir le luach saothair an Ghobharnóra agus feidhmeannaigh shinsearachta an Bhainc a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin; nithe eagraíochtúla, buiséid agus caiteachais a bhféadfadh an Coimisiún a chur chuige ó am go ham a athbhreithniú agus comhairle a thabhairt ina leith; athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phróiseas Scórchartha Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.

Ba iad seo leanas comhaltáí an **Choiste Buiséid agus Luacha Saothair** amhail ar an 20 Bealtaine 2011: Michael Soden (an Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Matthew Elderfield agus Tony Grimes. Ní bheidh comhalta i láthair nuair a bheidh cúrsaí a bhaineann lena luach saothair á bplé.

An Coiste Riosca

Ar phríomhfhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an méid seo a leanas: cúrsaí a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta an Bhainc a bhféadfadh an Coimisiún a chur chuig an gCoiste ó am go ham a mheas agus comhairle a thabhairt ina leith; na neamhchosaintí reatha ar rioscaí agus straitéis riosca iomlán na heagraíochta a athbhreithniú agus a thuair; athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh airgeadais an Bhainc ag féachaint dá shuíomh maidir le sócmhainní agus le dlíteanais agus do réamhaisnéisí, agus féachaint don timpeallacht rialaithe agus d'éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca san eagraíocht, ag baint úsáide as tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta freisin.

Ba iad na comhaltáí den **Choiste Riosca** amhail ar an 20 Bealtaine 2011: Des Geraghty (an Cathaoirleach), Michael Soden, Max Watson, Tony Grimes agus Matthew Elderfield.

Tagann na fochoistí le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad agus scaiptear miontuairiscí na gcuinnte sin ar gach comhalta den Choimisiún.

Struchtúr Inmheánacha Rialachais

Bunaíodh struchtúr inmheánach leasaithe don choiste ardbhainistíochta. Tá an Gobharnóir ina chathaoirleach ar dhá choiste ardleibhéil. Cuimsíonn an **Coiste Feidhmiúcháin**, an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais, an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais agus, ó ceapadh é an 1 Márta 2011, an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí. Déileálann an Coiste seo go príomha leis an ullmhúchán do chruinnithe an Choimisiúin, le saincheisteanna suntasacha a bhaineann le beartas inmheánach agus nósanna imeachta inmheánacha, agus le saincheisteanna arna n-ardú nó arna gcur in iúl ag coistí sinsearachta eile; cuimsíonn an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** Stiúthóirí sinsearachta agus Ceannasaithe Rannóg ó réimsí ábhartha na Baincéireachta Ceannais agus na Rialála Airgeadais. Déanann sé monatóireacht ar chobhsaíocht na hearnála airgeadais in Éirinn.

Is fóram ardleibhéil é an **Coiste**

Ardbhainistíochta a dhéanann comhordú ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na mbeartas bainistíochta agus na gcinntí a ghlacann an Banc. Orthu seo, áirítear pleanáil, buiséadú, agus leithdháileadh acmhainní, teicneolaíocht faisnéise, bonneagar fisiceach agus seirbhísí corparáideacha. Cuimsíonn an Coiste seo, atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra Baincúireachta Ceannais, an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais, an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí agus na Stiúrtóirí go léir.

Cuimsíonn an **Coiste um Maoirseacht ar Riosca**, atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra Rialála Airgeadais, Stiúrtóirí Rialála Airgeadais agus Ceannasaithe Rannóg de réir mar a éilítear. Tionóltar cruinnithe seachtainiúla chun saincheisteanna rialála a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Cuimsíonn an struchtúr roinnt coistí tras-eagraíochtúla atá faoi chathaoirleacht stiúrtóirí feidhmiúcháin, lena n-áirítear:

- » An Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí
- » An Coiste um Beartas Rialála
- » An Coiste um Thosaíochtaí Infheistíochta

Cuireann an **Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí** creat ar fáil chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí airgeadais agus oibríochtúil an Bhainc ag tagairt go háirithe do Shócmhainní Infheistíochta, do Bheartas Airgeadaíochta, do struchtúr chlár comhardaithe an Bhainc agus riosca oibríochtúil. Féachann sé freisin lena chinntiú go ndéantar cultúr bainistithe riosca a chothú san eagraíocht.

Déanann an **Coiste um Beartas Rialála** monatóireacht ar bheartas a bhaineann leis na nithe seo a leanas: baincúireacht stuamachta, árachas stuamachta, comhair chreidmheasa, cistí, urrúis agus margáí, rialachas corparáideach, cuntasáocht agus iniúchóireacht, cosaint tomhaltóirí agus forfheidhmiú maille le comhordú ar bheartas AE agus idirnáisiúnta i ngach earnáil.

Is é is cuspóir don **Choiste um Thosaíochtaí Infheistíochta TF** faomhadh a dhéanamh ar infheistiú i dtionscadail TF a thacaíonn le baint amach spriocanna straitéiseacha na heagraíochta; ord tosaíochta thionscadail TF a bhainistiú i gcás ina mbeidh coinbhleachtaí ann ó thaobh soláthar acmhainní nó maoiniúcháin agus a chinntiú go réadaítear sochair ghnó.

Tá cairt iomlán eagraíochta le fáil ar leathanach 8.

Cuntasacht

Mar a cheanglaítear le hAlt 32K den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear cóipeanna den tuarascáil sin os comhair gach Tí den Oireachtas. Le hAlt 32J den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain lena mbaineann a ullmhú agus a chur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire. Cuirtear cóipeanna den dá cháipéis seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Chomh maith leis sin, déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAlt 27 de Reacht CEBC/BCE.

Tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tá de cheangal ar an mBanc Ráiteas Bliantúil maidir le Feidhmíocht (Rialáil Airgeadais) a ullmhú lena chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. De réir an Achta um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, cinnfidh an tAire Airgeadais formáid an ráitis sin agus luaitear sa reachtaíocht gur cheart don ráiteas feidhmíochta a bheith i dtrí chuid:

- » Plean Feidhmíochta Rialála ina dtabharfar breac-chuntas ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- » Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa.
- » Tuarascáil ar athbhreithniú píaraí idirnáisiúnta ar bith ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc, ar feidhmeanna iad a bheidh curtha i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, iarraidh ar an nGobharnóir dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna an Bhainc ag an mBanc. Ní féadfaidh an tAire, ámh, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna CEBC.

Bosca 10 – Láithreas os comhair Coistí den Oireachtas – Ráitis Tosaigh

An Gobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí – Márta

An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais), Matthew Elderfield, don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Rialála Geilleagair – Aibreán

An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais), Matthew Elderfield don Choiste um Chuntais Phoiblí – Bealtaine

Clárartheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Rialála Geilleagair - Bealtaine

An Gobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí - Meitheamh

An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais), Matthew Elderfield, don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Rialála Geilleagair – Deireadh Fómhair

An Ceannasaí Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús, Paul Molumby, don Chomhchoiste um Iniúchadh Eorpach – Samhain

An Gobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Rialála Geilleagair – Samhain

Le hAlt 32(b) den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, ceanglaítear ar an mBanc plean straitéiseach a ullmhú. Mar réamh-ullmhúchán don cheanglas seo, cuireadh Plean Straitéiseach trí bliana faoi bhráid an Aire Airgeadais an 31 Márta 2010 i ndáil leis an tréimhse 2010 go 2012.

Faoi réir cheanglais Chomhaontú Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais nó an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais os comhair Comhchoistí den Oireachtas ar iarratas chuige sin. Tugadh bunús reachtúil don chleachtas seo in Achtanna an Bhainc Ceannais, 1997 agus 1998. Le linn 2010, tháinig an Banc os comhair ocht gcinn de chruinnithe Coistí den Oireachtas, mar a léirítear i mBosca 10:

Iniúchóireacht Inmheánach

Is feidhm neamhspleách oibríochtúil breithmheasa í feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí, a éilítear chun dearbhú iniúchóireachta a sholáthar go bhfuil an córas bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil an Banc neamhchosanta ina leith. Cuidíonn sé freisin leis an mBanc éifeachtúlacht agus críochnúlacht a bhaint amach. Tuairiscíonn an Ceannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach don Ghobharnóir agus tá rochtain neamhshrianta ag an té sin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar chomhaltaí an Choiste Ardbhainistíochta.

Le linn na bliana, rinne Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithnithe ar na réimsí baincéireachta ceannais agus rialála/maoirseachta go léir. Ar na hábhair a cuimsíodh, bhí priontáil nótaí bainc, córais do thuairisciú staidrimh, maoirseacht ar bhainc mhórdhíola, an próiseas bailiúcháin tobhach, suíomh gréasáin an Rialtóra Airgeadais agus roinnt athbhreithnithe a bhaineann le TF. Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus na hardbhainistíochta gach ceithre mhí maidir le toradh gach athbhreithnithe lena n-áirítear dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí a rinneadh roimhe sin agus measúnú ar a éifeachtaí is atá cuspóirí an Bhainc á gcomhlíonadh. Chas an Ceannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach ar an nGobharnóir go rialta chun saincheistanna a bhaineann le hiniúchóireacht a phlé.

Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí den BCE maidir le torthaí iniúchóireachtaí CEBC agus le saincheistanna iniúchóireachta eile.

Grúpaí Comhairleacha

Faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, cuireadh deireadh le Painéal Sainchomhairleach Thomhaltóirí na Seirbhísí Airgeadais agus le Painéal Sainchomhairleach Tionscail na Seirbhísí Airgeadais. Foráladh sa reachtaíocht go mbunófaí Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí.

An 2 Feabhra 2011, cheap an Banc Ceannais cúig chomhalta chuig an nGrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí. Is é ról an Ghrúpa Chomhairligh do Thomhaltóirí comhairle a thabhairt don

Bhanc maidir lena fheidhmíocht i leith cosaint a thabhairt do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

Is go ceann tréimhse trí bliana a dhéanfar ceapacháin chuig an nGrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí agus is ar bhonn deonach a fhónfaidh na comhaltaí. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Ghrúpa Chomhairleach do Thomhaltóirí:

- » Michael Culloty
- » Dermott Jewell
- » Elaine Kempson
- » Bill Knight
- » An Dr Anthony Walsh.

Cód Cleachtais do Chomhaltaí an Choimisiúin agus do Chomhaltaí Foirne

Bítear ag súil go gcloifidh comhaltaí den Choimisiún agus an fhoireann leis na rialacha seo a leanas:

- » Toirmisctear don Ghobharnóir le dlí scaireanna a bheith aige/aici in aon bhanc nó institiúid chreidmheasa, institiúid airgeadais nó in aon ghnóthas árachais nó bheith ina stiúthóir ar aon cheann díobh.
- » Tá Cód Iompair ann do Chomhaltaí an Choimisiúin lena leagtar amach na caighdeáin iompair agus ionracais a mbítear ag súil leo ó gach comhalta i gcomhlíonadh a f(h)eidhmeanna mar chomhalta de Choimisiún an Bhainc.
- » Tá Cód Cleachtais ann maidir le comhaltaí den Choimisiún do nochtadh leasa.
- » Leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí, 1997, forordaítear comhaltas de Choimisiún an Bhainc mar stiúthóireacht ainmnithe chun críocha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Dá réir sin, cuireann comhaltaí an Choimisiúin ráitis bhliantúla maidir le leas faoi bhráid an Choimisiúin um Oifigí Poiblí agus faoi bhráid Rúnaí an Bhainc. Leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí, forordaítear freisin poist feidhmiúcháin sa Bhanc ag leibhéal Gairmiúil 1 nó os a chionn mar phoist ainmnithe.
- » Tá gach comhalta den Choimisiún agus den fhoireann faoi cheangal fhorálacha *Prevention of Corruption Acts*, 1906 agus 1916.

Tá cód iompair i scríbhinn ag an mBanc don fhoireann agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú air go rialta de réir an chleachtais is fearr. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach inmheánach agus seachtrach ar an gCód Eitice le linn 2010.

Rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais i Rialachas sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE)

Freastalaíonn an Gobharnóir ar chruinnithe de Chomhairle Rialaithe agus de Chomhairle Ghinearálta BCE. Cuimsíonn an tEurochóras an Banc Ceannais Eorpach agus Bainc Cheannais Náisiúnta Bhallstáit an limistéir euro. Is éard atá sa Chóras Eorpach Banc Ceannais an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta gach Ballstáit den AE.

Forbairtí Idirnáisiúnta

I mí Mheán Fómhair 2009, thíolaic an Coimisiún Eorpach tograí, i gcomhréir le conclúidí thuarascáil De Larosière, lena ndéanfaí **Córas Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (CEMA)** a chur in ionad chreat reatha maoirseachta AE. An aidhm a bhí leis an tograí seo cuidiú le muinín a chur ar bun arís, cur le leabhar aonair rialacha a fhorbairt, fadhbanna a réiteach le gnólachtaí trasteorann agus carnadh rioscaí a chosc, ar rioscaí iad a bheadh ina mbagairt don chóras airgeadais foriomlán.

Ghlac an Banc páirt sa díospóireacht agus san idirbheartaíocht a tharla ina dhiaidh sin agus, dá thoradh sin, comhaontaíodh reachtaíocht Eorpach i mí Mheán Fómhair 2010. Bhí an reachtaíocht ina bonn do bhunú creata nua a bheadh comhdhéanta díobh seo a leanas: An Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach (BERS), agus 3 Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚME), an tÚdarás Eorpach Baincéireachta (ÚEB), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEAPC), agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM).

Thosaigh na comhlachtaí nua ag feidhmiú an 1 Eanáir 2011, níos lú ná 2 bhliain i ndiaidh thuarascáil De Larosière, amscála an-ghearr a léiríonn timpeallacht ina raibh géarghá le leasuithe agus a léiríonn tiomantas gach institiúide Eorpaí leasuithe a bhrú ar aghaidh agus a thabhairt chun críche.

Téann BERS i ngleic leis an mbun-laige ar leag an ghéarchéim béim uirthi, eadhon a leochaílí is atá an córas airgeadais do rioscaí idirnasctha, casta, earnála agus trasearnála. Le BERS, tugtar le chéile gobharnóirí CEBC agus ceannasaithe na n-údarás maoirseachta chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhagairtí féideartha don chobhsaíocht airgeadais, ar bagairtí iad a eascraíonn as forbairtí maicreacnamaíocha agus as fhorbairtí laistigh den chóras airgeadais i gcoitinne (“**mairseacht macra-stuamachta**”).

Is é an cúram atá air rabhadh luath a thabhairt maidir le rioscaí ar fud an chórais a d’fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn, agus más gá, rabhadh a eisiúint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun déileáil leis na rioscaí sin.

Déanfaidh na hÚdarás Mhaoirseachta Eorpacha maoirseacht náisiúnta a nascadh le maoirseacht gnólachtaí ar leibhéal Eorpach chun rialacha comhchuibhithe a chothú chomh maith le cleachtas agus forfheidhmiú comhtháite maoirseachta. Tugadh cumhachtaí suntasacha dóibh. Is féidir leo rialacha sonracha a dhréachtú d’údarás náisiúnta agus d’institiúidí airgeadais agus díospóidí idir maoirseoirí náisiúnta a eadránú agus a réiteach. Forbróidh siad caighdeáin theicniúla agus féadfaidh siad gníomhú in éigeandálaí, lena n-áirítear táirgí áirithe a thoirmeasc.

Comhairlí Rialaithe agus Ginearálta

Ar an gComhairle Rialaithe, tá sé bhall de Bhord Feidhmiúcháin BCE agus Gobharnóirí Bhainc Cheannais Náisiúnta na dtíortha sin atá sa limistéar euro. Is é seo comhlacht príomhúil cinnteoireachta BCE. Tá freagracht air treoirínte a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar na cúraimí atá curtha ar iontaoibh an Eurochórais a chomhlíonadh agus beartas airgeadaíochta a cheapadh don limistéar euro.

Ar an gComhairle Ghinearálta, tá Uachtarán agus Leas-Uachtarán BCE agus Gobharnóirí Bhainc Cheannais Náisiúnta Bhallstáit uile AE. Áiríonn obair na Comhairle cur le feidhmeanna comhairleacha agus comhordúcháin BCE agus cúraimí a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta Ballstát atá lasmuigh den limistéar euro.

Rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais i Rialachas ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

Is é an *Bord Gobharnóirí* an comhlacht is airde cinnteoireachta sa CAI ar a bhfuil Gobharnóir amháin agus Gobharnóir Malartach amháin do gach balltír. I gcás na hÉireann, feidhmíonn an tAire Airgeadais mar Ghobharnóir agus feidhmíonn Gobharnóir an Bhainc Ceannais mar Ghobharnóir Malartach den CAI. Cuireann an Bord Gobharnóirí bainistíocht agus oibriú laethúil an CAI ar iontaoibh an Bhoird Feidhmiúcháin agus ardbhainistíocht an CAI. Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin malartach ag Éirinn a cheapar le haghaidh téarma oifige trí bliana ar bhonn rothlach idir an Banc agus an Roinn Airgeadais.

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais



Caighdeán Iniúchóireachta agus Tuairiscithe

Faoi Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú), tá de cheangal ar an mBanc Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a thíolacadh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana. Ní foláir don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ansin iniúchóireacht a dhéanamh ar an Ráiteas Cuntas agus tuairisc air a thabhairt don Aire Airgeadais, a bhfuil de cheangal air iad a chur os comhair an dhá Theach an Oireachtais.

Faoi Alt 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), is gá go ndéanfadh iniúchóir neamhspleách seachtrach, arna mholadh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna fhaomhadh ag an gComhairle Eorpach, Cuntais an Bhainc a iniúchadh. Ceapadh Deloitte & Touche mar iniúchóir neamhspleách seachtrach an Bhainc in 2009 le haghaidh tréimhse trí bliana.

Mar bhall den Eurochóras, chomhlíon an Banc na gnáthcheanglais fhairsinge tuairiscithe ón BCE, lena gcumsaítear sonraí staidrimh agus airgeadais araon le linn 2010.

Torthaí Airgeadais don bhliain 2010

B'ionann brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2010 agus €840.9 milliún i gcomparáid le méid comhfhreagrach €933.8 milliún sa bhliain 2009.

I dtimpeallacht ina raibh an ráta úis fós íseal, tháinig laghdú ar ioncam úis agus ar chaiteachais úis an Bhainc in 2010. Laghdaigh ioncam úis faoi €147.5 milliún go dtí €2.1 billiún agus laghdaigh caiteachas úis faoi €188.3 milliún go dtí €1.1 billiún. Mar thoradh air sin, tháinig méadú €40.8 milliún ar ghlanioncam úis an Bhainc go dtí €1.0 billiún in 2010.

Bhí an laghdú ar ioncam úis inchurtha go príomha i leith an méid níos lú úis a tuilleadh ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna réachtáil ag an mBanc mar chuid den Eurochóras¹. Tháinig laghdú freisin ar an ioncam a thuill an Banc ar phunanna

infheistíochta toisc go ndearnadh cistí a bhí ag teacht chun aibíochta a ath-infheistiú in ionstraimí a mbíonn toradh níos ísle acu, rud a léirigh timpeallacht ina raibh ráta úis níos ísle in 2010. B'ionann an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis faoi Chlár Margaí Urrús an Eurochórais agus €61.4 milliún agus tuilleadh €33.4 milliún faoi Scéim Cheannaigh Bannaí Cumhdaithe an Eurochórais.

Bhí an laghdú ar an ús a tuilleadh ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus ar an bpunann infheistíochta fritháirithe go páirteach in aghaidh an mhéadaithe ar an ús a tuilleadh ar shaoráidí eisceachtúla leachtachta a tugadh d'institiúidí creidmheasa intíre lasmuigh d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais.

Laghdaigh an t-ús íochta ar Thaisc an Rialtais, ar Thaisc Institiúidí Creidmheasa, ar larmhéideanna laistigh de CEBC agus ar eisiúint nótaí bainc an Bhainc os cionn phríomhsciar chaipitil chúrsaíochta an Eurochórais faoi €91.3 milliún, €54.2 milliún, €22.0 milliún agus €20.7 milliún faoi seach. Tháinig an laghdú ar chaiteachas ar Thaisc an Rialtais agus ar Thaisc na nInstitiúidí Creidmheasa toisc gur thit meán-iarmhéideanna ar an dá chineál taisce agus mar gheall ar mheánrátaí níos ísle luacha saothair le linn 2010.

B'ionann an glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, laghduithe agus soláthair agus muirear €70.8 milliún in 2010 i gcomparáid le gnóthachan €101.3 milliún don bhliain roimh ré. Sa chatagóir seo, áirítear gnóthachain chaipitil réadaithe, praghas neamhréadaithe agus cailteanais ráta malairte agus soláthar do nótaí bainc IEP neamhfhuascailte. Cuimsíonn figiúr 2010 gnóthachain chaipitil réadaithe €10.3 milliún a léiríonn laghdú €93.2 milliún ón mbliain roimh ré. In 2009, bhí gnóthachain shuntasacha ann toisc gur glacadh cinneadh chun meántréimhse phunanna infheistíochta an Bhainc a ghiorrú. Mhéadaigh cailteanais neamhréadaithe praghas ar phunann infheistíochta an Bhainc faoi €69.0 milliún go dtí €71.3 milliún ag deireadh 2010, rud a léiríonn ardú suntasach ar ghabháiltais bannaí imeallacha an limistéir euro mar thoradh ar an ngéarchéim fiachais cheannasaigh.

Cruthaíodh soláthar €60 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2002 chun freastal ar oibleagáidí i ndáil

¹ Thit an ráta tairisceana príomha íosta BCE ó mheán de 1.28 faoin gcéad in 2009 go dtí 1.00 faoin gcéad in 2010.

le nótaí bainc Éireannacha neamhfhuascaíte. I mí na Samhna 2010, cheadaigh an Coimisiún aistriú breise arb ionann agus €10 milliún don soláthar seo a bhí laghdaithe faoi dheireadh 2010.

Thit ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha faoi €28.5 milliún go príomha mar gheall ar laghdú ar an díbhinn ón BCE.

Mar thoradh ar chomhthiomsú ioncam airgeadaíochta an Eurochórais tharla muirear arb ionann agus €15.5 milliún in 2010, i gcomparáid le €88.4 milliún in 2009. Cuimsíodh go príomha dhá ghné sa mhuirear sin:

- (i) Aisioc ioncam airgeadaíochta an Eurochórais arna thuilleamh ag an mBanc os cionn na príomhscaire caipitil arb ionann é agus €38.5 milliún in 2010, laghdú €71.9 milliún le linn 2009. Léiríonn an muirear laghdaithe an cinneadh a ghlac an BCE iasachtú le contrapháirtithe trí Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) ag an ráta seachtaine a bhí ann ag an am do na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POanna) le linn 2010, agus firtháiríodh go pointe a thoradh trí ioncam méadaithe ag eascairt ó rannpháirtíocht an Bhainc sa PMU os cionn a príomhscaire caipitil.
- (ii) Laghdú €23.0 milliún² ar scair an Bhainc sa soláthar i gcoinne rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí beartais airgeadaíochta san Eurochóras.

B'ionann na costais oibríochta iomlána, a cuireadh de mhuirear brabúis, agus €130.9 milliún (2009: €119.7 milliún) agus cuimsítear iontu pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus dímhéas. Tháinig méadú €5.8 milliún (7.2 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá, fad a mhéadaigh caiteachais oibríochta eile agus amhábhair nótaí bainc faoi €4.3 milliún agus €0.4 milliún faoi seach. Tá anailís shonrach ar chostais oibríochta an Bhainc i Nóta 8 den Ráiteas Cuntas.

Tar éis aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhain le glanhnóthachan achtúireach ar scéim pinsean an Bhainc a chur san áireamh, mar a cheanglaítear faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, b'ionann Farasbarr Ioncaim an Bhainc agus €671.0 milliún (2009: €745.5 milliún), atá iníochta leis an Státhchiste.

Forbairtí an Chláir Chomhardaithe

B'ionann iomlán na sócmhainní/ndliteanas amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus €204.5 billiún, atá €79.6 billiún níos mó ná an figiúr comhfhreagrach de €124.9 billiún don 31 Nollaig 2009.

Amhail ar an 31 Nollaig 2010, bhí iasachtú le hinstiúidí creidmheasa trí mheán an PA méadaithe faoi €55.2 billiún i gcomparáid le deireadh 2009, fad a bhí laghdú €28.4 billiún ar iasachtú trí OAF. Léiríonn sé seo athrú ar phróifíl beartais airgeadaíochta in 2010 de réir mar a tháinig oibríochtaí OAFanna 6 mhí agus 12 mhí chun aibíochta. De bhreis air sin, chinn an BCE oibríocht mhionchoigeartaithe (OMC) 13 lá a sheoladh, ar an 23 Nollaig 2010, tráth ar tháinig an OAF 12 mhí chun aibíochta. Mar thoradh air seo, bhí iarmhéid OAF ann arb ionann agus €12.3 billiún ar chlár comhardaithe an Bhainc thar dheireadh na bliana.

Leathnaigh sócmhainní eile faoi €37.5 billiún go €50.3 billiún, rud a léirigh méadú mór ar sholáthar saoráidí eisceachtúla leachtachta a tugadh d'instiúidí beartais airgeadaíochta lasmuigh den Eurochóras.

Ag deireadh na bliana, b'ionann scair chomhréireach an Bhainc d'iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht agus €12.3 billiún, arb ionann é sin agus méadú de €0.5 billiún nach mór ar an mbliain roimhe sin. Laghdaigh taiscí agus dlíteanais Rialtais in instiúidí creidmheasa sa limistéar euro (bainc thráchtála) faoi €10.4 billiún agus €3.5 billiún faoi seach. Bhí glandliteanais laistigh den Eurochóras, arb ionann iad agus €160.2 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2010, €92.9 billiún níos airde ná ag deireadh 2009. Áiríonn sé seo méadú €91.7 billiún ar dhliteanas an Bhainc i leith banc ceannais eile san Eurochóras i ndáil le haistrithe trasteorann trí chóras íocaíochta TARGET³.

2 In 2010 rinne Comhairle Rialaithe BCE athbheithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chin sí an méid comhlán a laghdú ó €4.0 billiún ar an 31 Nollaig 2009 go dtí €2.1 billiún ar an 31 Nollaig 2010.

3 Córas TARGET (an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach)

Fuascailt Nótaí Bainc Éireannacha

Scor nótaí bainc Éireannacha de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arb ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin aistríodh na fáltais chuig an Státhiste Iúide soláthar €60.0 milliún chun freastal ar oibleagáidí i ndáil le nótaí Éireannacha neamhfhuascailte. I mí na Samhna 2010, cheadaigh an Coimisiún aistriú breise arb ionann agus €10.0 milliún chuig an soláthar a bhí laghdaithe faoi dheireadh 2010. Rinneadh €2.8 milliún a fhuascailt le linn 2010 (2009: €3.2 milliún) sa chaoi go raibh €237.7 milliún i nótaí bainc Éireannacha fós amuigh agus iarmhéid €8.0 milliún sa soláthar.

Fáltais ó Bhoinn

Le linn 2010, b'ionann an glanluach de bhoinn euro fuascailte agus €1.6 milliún (2009: €23.0 milliún), rud a léiríonn titim leanúnach ar an éileamh ón bpobal. D'fhonn é seo agus na caiteachais táirgeachta bonn a tabhaíodh a fhritháireamh, fuarthas íocaíocht €8.5 milliún ón Státhiste i mí na Nollag 2010 i gcomparáid le €30.0 milliún in 2009. Tá boinn Éireannacha a eisíodh roimh thabhairt isteach an euro i mí Eanáir 2002 fós á bhfuascailt ag an mBanc. Sa bhliain 2010, b'ionann iomlán na mbonn Éireannach a fuasclaíodh agus €0.4 milliún (2009: €0.5 milliún). Tá sonraí iomlána ar fáil i Nóta 24 den Ráiteas Cuntas.

Íoc Pras Cuntas 2010

Tá de dhualgas ar an mBanc cloí le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002, lena bhforáiltear go mbeidh pionós úis iníoctha mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí in idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, agus mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Ní bheidh feidhm ag na rialacháin i gcás pionós úis is lú ná €5. Is é príomhráta athmhaoinithe BCE móide 7 bpointe céatadán a bheidh infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha, agus beidh feidhm ag an ráta iomchuí an 1 Eanáir agus an 1 Iúil gach bliain maidir leis an tréimhse sé mhí i ndiaidh na ndátaí sin. In 2010 bhí ús iníoctha ag ráta 8 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Is í seo a leanas achoimre ar na híocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2010, lena n-áirítear figiúirí comhfhreagracha do 2009, i gcomhréir le forálacha na Rialachán dá dtagraítear thuas.

	2010	2009
Líon Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	124	78
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€1,265,363	€684,146
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€44,629,140	€52,822,146
A mar % de B	2.83%	1.30%
Méid Iomlán an Úis Íoctha ar Íocaíochtaí Déanacha	€3,914	€3,760

Ráiteas Cuntas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942
(mar atá arna leasú).



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Déileáiltear leis na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942, (mar atá arna leasú). Anuas air sin, faoi Alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (mar atá arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá an Coimisiún go hiomlán freagrach as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint mar aon le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúr eagrúcháin cuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Chuige seo, buaileann Coiste Iniúchta an Bhoird leis na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus le comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc ar bhonn tréimhsiúil chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna rialaithe, ar thuairisciú airgeadais agus ar nithe gaolmhara eile. Tá rochtain iomlán ag na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúchta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach treoirlínte chuntasaíochta CEBC, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn (i gcás inar iomchuí) agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc, agus tá an Coimisiún sásta go bhfuil siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin atá réasúnta, stuama.

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún

20 Bealtaine 2011

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithním, thar ceann an Choimisiúin, an fhreagracht atá ar an gCoimisiún a chinntiú go gcoimeádfaidh an Banc córas éifeachtach ar bun don rialú inmheánach airgeadais agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar a éifeachtacht ar bhonn leanúnach. Ghlac an Coimisiún go foirmiúil le cód iompair lena gceanglaítear ar gach Stiúrthóir a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach i bhfeidhm ag an mBanc, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibríocháin, bainistíocht riosca mar aon le rialuithe chun calaois a chosc.

Leis na córais rialaithe atá ann, tugtar dearbhú atá réasúnta ach gan a bheith absalóideach go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó diúscairt neamhúdraithe, go bhfuil taifid chearta airgeadais á gcoinneáil agus gur iontaofa an fhaisnéis airgeadais atá curtha ar fáil agus foilsithe. Is é is aidhm bhunúsach do na córais seo rioscaí airgeadais a bhainistiú seachas a dhíothú.

Ar na córais rialaithe, áirítear na cinn seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin a shainmhínítear go soiléir agus a bhfuil teorainneacha údraithe sonracha aige mar aon le ceanglais maidir le tuairisciú don ardbhainistíocht agus don Choimisiún;
- Téarmaí tagartha cuí don Choimisiún agus do choistí bainistíochta atá freagrach as príomhréimsí beartais;
- Córas cuimsitheach faisnéis bainistíochta airgeadais agus buiséadaithe ina n-ionchorpraítear na nithe seo a leanas:
 - Faomhadh an phlean bhliantúil agus na mbuiséad caiteachais mionsonraithe ag an gCoimisiún;
 - Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmiúcháin airgeadais agus buiséid; agus
 - Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le caiteachas caipitil;
- Beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais; agus
- Creat riosca oibríochtúil a fhéachann le comh-bhonn modheolaíochta a chur ar fáil chun riosca oibríochtúil a sholáthar, a choinneáil agus a rialú maille le rialuithe gaolmhara inmheánacha do gach próiseas a reáchtáiltear san eagraíocht.

Tá sonraí maidir leis na rialuithe riosca atá i bhfeidhm i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar Phríomhrioscaí airgeadais an Bhainc le fáil i Nóta 35 i Ráiteas na gCuntas.

Déanann an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm go neamhspleách agus go córasach agus tuairiscíonn sé do Choiste Iniúchta an Choimisiúin ar bhonn rialta. Faomhann an Coiste Iniúchta an Plean Iniúchta Inmheánaigh agus an clár oibre. Anuas air sin, buaileann an Coiste Iniúchta leis an dá iniúchóir sheachtracha, leis an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas agus Deloitte & Touche agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta don Choimisiún maidir le gach saincheist shuntasach arna plé ag an gCoiste agus cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchta ar fáil don Choimisiún lena mbreithniú ag cruinnithe an Bhoird ina dhiaidh sin.

Tá mé in ann deimhniú go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2010.

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Des Geraghty, Comhalta den Choimisiún

20 Bealtaine 2011

Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Cailteanais Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010

		2010	2009
	Nótaí	€000	€000
<i>Ioncam Úis</i>	1	2,099,555	2,247,081
<i>Caiteachais Úis</i>	2	(1,089,343)	(1,277,620)
Glanioncam Úis		1,010,212	969,461
<i>Glan-ghnóthachain/(chailteanais) ag éirí as oibríochtaí airgeadais</i>	3	10,503	103,956
<i>Laghduithe sócmhainní agus staideanna airgeadais</i>	3	(71,301)	(2,668)
<i>Aistriú chuig soláthar do nótaí bainc IEP</i>	3	(10,000)	–
Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, laghduithe & soláthairtí		(70,798)	101,288
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	4	2,011	1,665
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha	5	9,688	38,137
Glantoradh ar chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta	6	(15,486)	(88,367)
Ioncam eile	7, 41	36, 120	31,344
GLANIONCAM IOMLÁN		971,747	1,053,528
Caiteachais foirne	8	(85, 937)	(80,146)
Caiteachais oibríochta eile	8	(33,529)	(29,189)
Dímheas	8	(8,393)	(7,741)
Amhábhar do nótaí bainc	8	(3,003)	(2,647)
CAITEACHAIS IOMLÁNA		(130,862)	(119,723)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH RÉ GNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		840,885	933,805
Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe	31	25,078	(36,704)
Aistrithe (chuig)/ ó na Cuntais Athluachála	31	(25,078)	36,704
Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Phinsin	34	21,705	27,988
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	32	(191,561)	(216,297)
BARRACHAS IONCAIM DLITE DON STÁTCHISTE	9, 29	671,029	745,496

Tá na beartais chuntasáíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais Na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Tony Grimes, Leas-Ghobharnóir

20 Bealtaine 2011

Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2010

SÓCMHAINNÍ	Nótaí	2010	2009
		€000	€000
Ór agus ór infhála	10	203,792	147,975
Éilimh in airgeadra eachtrach ar dhaoine nach bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro	11	1,381,542	1,346,354
Éilimh in airgeadra eachtrach ar dhaoine atá ina gcónaí sa limistéar euro	12	141,146	118,521
Éilimh in euro ar dhaoine nach bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro	13	883,209	1,234,309
Iasachtaí d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	14	132,010,000	92,858,000
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	15	513,579	636,159
Urrúis daoine atá ina gcónaí sa limistéar euro in euro	16	18,236,174	14,922,485
Éilimh laistigh den Eurochóras		778,992	796,338
<i>Leas rannpháirteachais sa BCE</i>	17	139,156	120,644
<i>Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha</i>	18	639,836	639,836
<i>Éilimh eile laistigh den Eurochóras</i>		–	35,858
Míreanna atá á socrú faoi láthair	19	3,076	2,583
Sócmhainní eile	20	50,286,190	12,796,124
Sócmhainní pinsin	34	51,261	37,607
Sócmhainní iomlána		204,488,961	124,896,455

Tá na beartais chuntasáíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais Na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Tony Grimes, Leas-Ghobharnóir

20 Bealtaine 2011

Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2010

DLITEANAIS		2010	2009
	Nótaí	€000	€000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	22	12,293,237	11,805,857
Dlíteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a bhaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta in euro	23	11,414,077	14,907,841
Dlíteanais in euro do dhaoine eile ina gcónaí sa limistéar euro	24	15,889,825	26,263,241
Dlíteanais in euro do dhaoine nach bhfuil ina gcónaí sa limistéar euro	25	10,245	7,225
Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	26	897,323	844,125
(Glan)Dlíteanais laistigh den Eurochóras		160,180,915	67,233,511
<i>Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras</i>	27	14,995,733	13,714,604
<i>(Glan)Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras</i>	28	145,185,182	53,518,907
Dlíteanais Eile	29	1,813,850	2,045,968
Forálacha	30	36,178	52,015
Cuntais athluachála	31	230,271	205,193
Caipiteal agus cúlchistí	32	1,723,040	1,531,479
Dlíteanais iomlána		204,488,961	124,896,455

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 ina gcuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais Na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Tony Grimes, Leas-Ghobharnóir

20 Bealtaine 2011

Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma 'Banc', aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais i gceist. Tá an ráiteas i bhfoirm atá faofa ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léir ar chineál sonrath na dtascanna arna reáchtáil ag an mBanc laistigh de chreat CEBC¹ agus a raon ilchineálacha gníomhaíochtaí.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta a leagtar síos i dtreoirlíne Chomhairle Rialaithe BCE an 11 Samhain 2010 (athmhúnlú)². Leis an treoirlíne sin, bunaítear go háirithe na rialacha cuntasaíochta is infheidhme i leith na hoibríochtaí athmhaoinithe don earnáil baincéireachta, urrúis, idirbhearta in airgead eachtrach agus eisiúint nótaí bainc. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas de chuid an Bhainc don bhliain 2010 i gcomhréir go hiomlán leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne. I gcásanna ina bhfuil an Treoirlíne ina tost nó nach bhfuil a cur i bhfeidhm éigeantach, leantar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn (ie. Ráitis Tuairiscithe Airgeadais) agus forálacha iomchuí reachtúla atá infheidhme leis an mBanc.³

Ag féachaint do ról agus do ghníomhaíochtaí bainc ceannais, tá an Banc den tuairim nach gcuirfeadh ráiteas faoi shreabhadh airgid aon fhaisnéis bhreise nó úsáideach ar fáil d'úsáideoirí na gcuntas. Mar sin, níl ráiteas den sórt sin san áireamh mar chuid de na cuntais seo.

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta don Eurochóras

Mar bhall den CEBC/Eurochóras, ghlac an Banc le Treoirlíne Chuntasaíochta BCE. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhforálacha na Treoirlíne

(i) Cuntasaíocht ar Dháta na Trádála⁴

Déantar taifead go hiondúil ar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteanais ar an dáta socraíochta (de ghnáth dáta na trádála móide dhá lá gnó), mura dtarlóidh sé go mbeidh deireadh bliana idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta. Sa chás sin, ní mór iad a aithint ag an dáta trádála, i.e. cuirtear gach gnóthachan agus cailleanas a éiríonn as na hidirbhearta seo in áirithe sa bhliain reatha.

(ii) Iarmhéideanna laistigh de CEBC

Coinníonn gach BCN de chuid an Eurochórais cuntais lena chéile d'fhonn íocaíochtaí déthaobhacha a dhéanamh, lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann tríd an gcóras TARGET⁵ (Nóta 28). Déantar gach iarmhéid déthaobhach a shuimiú ag deireadh am scoir gnó trí úsáid a bhaint as próiseas suimithe iltaobhach agus cuirtear oibleagáid fiacha singil ar gach BCN don

1 Tríd síos an doiciméad seo, úsáidtear an téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) chun tagairt a dhéanamh do na 27 banc ceannais náisiúnta (BCN) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2010 mar aon leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'Eurochóras' do na 16 BCN de chuid na mBallstáit atá rannpháirteach san Aontas Eorpach, mar aon leis an BCE, amhail ar an dáta céanna.

2 Treoirlíne ón BCE faoi chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (BCE /2010/20, IO L 35, 9.2.2011).

3 Is iad na príomhforálacha reachtúla: An Conradh ar an Aontas Eorpach, 1992, Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2010, Na Rialacháin um Acht an Bhainc Cheannais (Barrachas Ioncaim), 1943, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990, an tAcht um an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 agus Reachtaíocht CEBC agus BCE.

4 Arna shainiú i dtreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (5 Nollaig 2002) um chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2002/10), arna leasú le Treoirlíne BCE/2010/20.

5 Córas um Mearaistriú Tras-Eorpach Uathoibríthe le haghaidh Ollsocráíocht Fíor-ama.

BCE nó vice versa, de réir mar is cuí. Ag deireadh 2010, bhí cúig thír nach raibh rannpháirteach (an Danmhairg, Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Eastóin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bharr sin, bhí siad páirteach sa phróiseas iltaobhach suimithe.

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras a a eascraíonn as leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, áirítear mar dhliteanas faoi (ghlan)dliteanais laistigh den Eurochóras: “Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras”. (Féach Beartas Cuntasaíochta (k)(iv) agus Nóta 27)

(iii) Scála Caipitil

Is éard atá i scála caipitil CEBC céatadán de scairchaipiteal an BCE i ngach ceann de na BCN faoi seach. Tá an scála caipitil ina míosúr ar mhéid náisiúnta coibhneasta na mballtíortha agus cumasc 50:50 atá ann den OTI agus den daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCN amháin atá ina rannpháirtithe i gcaipiteal an BCE. Braitheann rannpháirtíocht ar scaireanna atá socraithe de réir Airteagal 29.3 de Reacht CEBC agus ní foláir é seo a choigeartú gach cúig bliana. In 2010, d’fhan sciar an Bhainc i gcaipiteal rannpháirtíochta an BCE ag 1.1107 faoin gcéad. D’ardaigh an BCE a chaipiteal rannpháirtíochta faoi €5,000 ó €5,761 milliún go €10,761 milliún le héifeacht ó 29 Nollaig 2010. Té de cheangal ar thíortha an limistéir euro a gcaipiteal méadaithe a íoc i dtír thráthchuid chothroma. Íocadh an chéad thráthchuid an 29 Nollaig 2010, agus íocfar an dá thráthchuid eile ag deireadh 2011 agus 2012, faoi seach. Dá bhrí sin, an 19 Nollaig d’íoc an Banc €18.5 milliún don chéad thráthchuid (Nóta 17).

Úsáidtear an dara scála, ‘scála caipitil an Eurochórais’ atá díorthaithe ó scála caipitil an CEBC mar atá sonraithe thuas, ar bhonn ranníocaíochta do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus roinnt brabúis/cailteanais BCE i measc BCN an Eurochórais. Luaitear scála caipitil an Eurochórais mar chéatadán de na heochracha caipitil comhlána ag BCN an Eurochórais.

D’fhan sciar an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.5915 faoin gcéad in 2010. An 1 Eanáir 2011, tar éis do bhanc ceannais na hEastóine teacht isteach san Eurochóras laghdaigh sciar na Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ó 1.5915 faoin gcéad go dtí 1.5874 faoin gcéad.

(iv) Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

Eisíonn an BCE agus na 16 BCN rannpháirteacha a dhéanann suas an tEurochóras nótaí bainc euro⁶. Déantar leithdháileadh ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht ar an lá oibre deireanach de gach mí ag teacht leis an scála leithdháilte do nótaí bainc atá ag gach BCN⁷.

Leithdháileadh scair 8 faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht don BCE cé go bhfuil an 92 faoin gcéad atá fágtha leithdháilte do na BCN san Eurochóras i gcomhréir lena scaireanna íochta de chaipiteal an BCE faoi seach. Sa bhliain a bhfuil athbheithniú á dhéanamh uirthi anseo, bhí scair 1.5915 faoin gcéad ag an mBanc i gcaipiteal láníochta an BCE (Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)) agus mar sin bhí scair 1.464 faoin gcéad aige de na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht i gcomhréir leis an scála leithdháilte nótaí bainc. Nochtar an scair de nótaí bainc atá leithdháilte do gach banc ceannais náisiúnta faoin mhír dliteanais ar an gclár comhardaithe “Nótaí bainc i gcúrsaíocht” (Nóta 22).

Éiríonn iarmhéideanna sochracha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro atá leithdháilte do gach BCN i gcomhréir leis an scála leithdháilte nótaí bainc agus na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht ina húdar. Nochtar na héilimh seo (i gcás easnamh in eisiúint a bhaineann leis an scála caipitil nótaí bainc) nó dliteanais (i gcás ró-eisiúint a bhaineann leis an scála caipitil nótaí bainc), a thabhaíonn ús⁸, sa Chlár Comhardaithe faoi

6 ECB decision of 13 December 2010 on the issue of euro banknotes (recast) (ECB/2010/29), OJ L 35, 9.2.2011, p. 26.

7 The banknote allocation key refers to the percentages that result from taking into account the ECB’s share of the total euro banknote issue (8 per cent) and applying the Eurosystem capital key to the participating NCBs’ share (92 per cent).

8 ECB decision of 25 November 2010 on the allocation of monetary income of the national central banks of Member States whose currency is the euro (recast) (ECB/2010/23), OJ L 35, 9.2.2011, p. 17.

‘laistigh den Eurochóras’: glan éileamh/dliteanas a bhaineann le nótaí bainc euro san Eurochóras” (Beartas Cuntasaíochta (c)(ii) agus Nóta 27). Glantar an costas úis (Nóta 2 (ii)) ar na hiarmhéideanna seo trí chuntais an BCE agus nochtar iad faoi “Ghlan-ioncam úis” sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(v) Dáiltí ag an BCE

Maidir leis an ioncam seigniorage an BCE a éiríonn as an scair 8 faoin gcéad de nótaí bainc euro atá leithdháilte ar leithligh don BCE ag na BCN (glan) ag éirí as urrúis a cheannaítear faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU), tá cinneadh déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE go mbeidh sé dlite do na BCN sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn se. Déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dár gcionn i bhfoirm dáileadh eatramhach brabúis⁹. Féadfar an méid d’ioncam an BCE i nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a laghdú i gcomhréir haon chinneadh ón gComhairle Rialaithe i ndáil le caiteachais arna dtabhú ag an BCE i ndáil le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro. Roimh dheireadh na bliana cinneann na Chomhairle Rialaithe cibé acu ar cheart nó nár cheart gach cuid nó páirt d’ioncam an BCE, a eascraíonn ó urrúis CMU agus, más gá, gach cuid nó páirt d’ioncam an BCE i nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a choinneáil a mhéid is gá chun a chinntiú nach sáróidh an t-ioncam dáilte glanbhrabúis an BCE don bhliain sin.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh freisin go gcoinneofar ioncam uile an BCE, nó cuid de, a éiríonn as urrúis CMU agus, más gá, ioncam uile an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, nó cuid de, chun soláthar a dhéanamh do rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, agus do rioscaí creidmheasa agus praghsanna óir. Déanfar an méid arna dháileadh ar na BCN a fhaisnéisiú sa Chuntas Brabúis agus Leithghabhála faoi “Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasanna rannpháirteacha” (Nóta 5(i)).

(vi) Glantordh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Socraítear méid ioncaim airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras tríd an ioncam bliantúil iarbhir a thagann ó na sócmhainní inchomharthaithe atá ar teachtadh in aghaidh a bhonn dliteanais.

Is iad na míreanna seo a leanas atá sa bhonn dliteanais: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d’institiúidí creidmheasa a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; glandliteanais laistigh den Eurochóras atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanais, beidh sé le baint ón ioncam airgeadaíochta a bheidh le comhthiomsú.

Is iad seo a leanas na míreanna atá ina sócmhainní inchomharthaithe: iasachtaí d’institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; urrúis arna gcoinneáil chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach leis an aistriú de chúlsócmhainní eachtracha go dtí an BCE; éilimh laistigh den Eurochóras atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN. Meastar nach ngineann ór aon ioncam.

I gcás ina mbeidh luach sócmhainní inchomharthaithe BCN níos mó nó níos lú ná luach a bhonn dliteanais, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí do phríomhoibríochtaí aischistithe an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú nó a dhealú, mar is cúí ón ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

⁹ Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le dáileadh eatramhach an ioncaim ó nótaí bainc euro an BCE i gcúrsaíocht agus ag eascairt ó urrúis ceannaigh faoi chlár na margaí urrús (BCE/2010/24) IO L 6, 11.1.2011, lch. 35.

Leithdháiltear an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag an Eurochóras idir na BCN de réir scála caipitil suibscríofa. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag an mBanc agus an méid atá leithdháilte arís don Bhanc an glantoradh a éiríonn as comhthiomsú an ioncaim airgeadaíochta atá taifeadta sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6(i)).

I gcás ina dtabhaíonn an BCE caillteanas, is féidir an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, trí chinneadh ón gComhairle Rialaithe in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais ábhartha i gcomhréir le agus go feadh an méid atá leithdháilte chuig na BCN.

(vii) Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, 1992 agus le hAlt 5A d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, (mar atá arna leasú), foráiltear go bhfuil cumhacht ag an mBanc "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reachtaíocht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliúin go dtí an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis an BCE don mhéid sin. Mar thoradh ar athruithe ar an scála caipitil ina dhiaidh sin, aistríodh €87.9 milliún breise an 1 Eanáir 2004, €0.3 milliún an 1 Bealtaine 2004 mar aon le laghdú €1.2 milliún an 1 Eanáir 2007 agus méadú €128.0 milliún an 1 Eanáir 2009. Déantar an t-éileamh a d'eascair as seo don BCE a aischiú ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí aischistithe arna choigeartú chun toradh de nialas a léiriú ar an ngné óir (Nótaí 1(iv) agus 18, agus Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)).

(viii) Míreanna Iasmuigh den Chlár Comhardaithe

Aithnítear agus déileáiltear le brabúis agus caillteanais a éiríonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar bhealach atá cosúil le hionstraimí atá ar an gclár comhardaithe. Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach déantar cuntasaíocht orthu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin iad go dtí na Cuntais Athluachála. Tógtar caillteanais (luachála) neamhréadaithe go dtí an cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála nuair atá siad níos airde ná gnóthachain athluachála roimhe seo a cláraíodh sa Chuntas Athluachála. Déantar taifead ar ghnóthachain/caillteanais dáta trádála neamhréadaithe ar réamhchonarthaí malartáin eachtraigh faoi "sócmhainní/dlíteanais eile" ag teacht le treoirlínte CEBC i ndiaidh cuntasaíocht a bheith déanta orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a thuiriscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí malartáin eachtraigh agus cuimsíonn na teicnící seo na hionstraimí airgeadais is suntasaí atá lasmuigh den chlár comhardaithe atá aitheanta ag an CEBC agus tá siad leagtha amach i dtreoirlíne chuntasaíochta BCE, i.e. réamhchonarthaí malartáin eachtraigh, babhtálacha malartáin eachtraigh, conarthaí sa todhchaí, babhtálacha ráta úis, comhaontuithe réamhrátaí, réamh-idirbheart in urrúis agus roghanna.

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Faigheann an Banc na hurrúis seo laistigh de raon an chlár cheannaigh do Bhannaí Clúdaithe¹⁰ (CCBC), agus urrúis fiachais phoiblí arna fháil faoi raon Chlár na Margaí Urrús¹¹ (CMU). Déantar na hurrúis a rangú mar urrúis choinnithe chun aibíochta, le luacháil déanta orthu ag an gcostas amúchta agus faoi réir lagaithe (Nótaí 1(i) agus 16).

(d) Aithint Ioncaim

Glacadh leis an gcoincheap fabhráithe chun cuntasaíocht a dhéanamh ar ioncam.

¹⁰ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Chlár Cheannaigh Bannaí Clúdaithe (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18.

¹¹ Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 ag bunú Chlár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

(e) Sócmhainní Seasta**(i) Tomhas**

Luaitear sócmhainní seasta ag an gcostas a bhí orthu agus ní dhéantar athluacháil orthu.

(ii) Dímhneas

Déantar dímhneas ar gach sócmhainn seasta ar bhonn méid chothroim thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais mar a leanas:

Áitreabh Ruílse	–	20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	–	5 - 15 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	–	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	–	5 bliana
Trealamh Eile	–	5 bliana

(f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann na comhaltaí foirne buana de chuid an Bhainc na tairbhí aoisliúntais céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. D'íoc an Banc na tairbhí seo as ioncam reatha suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008 de réir mar a bhíonn siad dlite. Bunaíodh scéim pinsean mhaoinithe an 1 Deireadh Fómhair 2008 de réir Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Aistríodh €400 milliún, méid a bhí comhaontaithe ag achtúirí BCÚSAÉ Willis, ó acmhainní an Bhainc go dtí an ciste chun sócmhainní ciste pinsean a cheannach. Íocfar gach tairbhe sa todhchaí as an gciste seo. Nochtann an Banc an costas a bhaineann le tairbhí a sholáthar de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 17 – ‘Sochair Scoir’.

Déantar sócmhainní scéime Pinsean a mheas ag a luach cóir. Déantar Dlíteanas Scéime a thomhas ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid, lena gcuirtear san áireamh méaduithe réamh-mheasta ar ioncam, ag baint úsáide as toimhdí achtúireacha a thugann an réamh-mheastachán is fearr ar shreabhadh airgid amach anseo a thiocfaidh chun cinn faoi dhlíteanas scéime. Déantar an sreabhadh airgid seo a lascainiú ag rátaí úis is infheidhme maidir le bannaí corparáideacha ardchaighdeáin den airgeadra céanna agus den téarma céanna leis na dlíteanais. Cuimsíonn an muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála an tsuim ar an gcostas reatha seirbhíse (Nóta 8) agus an difríocht idir an toradh réamh-mheasta ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhlíteanais na scéime (Nóta 7). An costas seirbhíse reatha agus aon chostais do sheirbhís roimhe seo as an bhfoireann i gcoitinne, muirearófar iad i leith an Chuntais Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus an Chúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Chun luach dhlíteanais na scéime a chinneadh, beartaítear ar thoirhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. Na toimhdí sin is bonn do chostais dlíteanais agus pinsean 2010, leagtar amach i Nóta 34 iad.

(g) Soláthar agus Eisiúint Bonn

Tá an Banc i mbun boinn a tháirgeadh agus a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint bonn a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an *Achta Monaíochta*, 1950, na *nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998. Déantar an costas ar tháirgeadh na mbonn a ghearradh ar Chúlchiste an Airgid Reatha sa bhliain ina dtabhaítear é. Cuirtear fáltais ó eisiúint na mbonn chun sochair Cúlchiste an Airgid Reatha sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 24). Le hAlt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998 (mar a cuireadh isteach le hAlt 137 den *Acht Airgeadais*, 2002), a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar glanfháltais ó eisiúint na mbonn, ón 1 Eanáir 2002, a thabhairt go díreach don Státchiste mar a threoraigh an tAire Airgeadais (Nóta 24(ii)).

(h) Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Déantar comhshó ar idirbhearta cuntasáíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí coibhéisí euro ag na rátaí malartáin atá i réim ag an dáta socraithe mura mbeidh deireadh na bliana ag teacht idir an dáta trádála agus an dáta socruithe, agus sa chás sin aithneofar iad ar an dáta trádála (Beartas Cuntasáíochta)(c)(i).

(i) Ioncam Amúchta

Caitear le préimheanna agus/nó lascaí a thagann chun cinn ar urrúis mar ghlan-ioncam úis agus déantar amúchadh orthu ar bhonn méid chothroim thar an tréimhse chomh fada lena n-aibíocht agus déantar cuntasáíocht orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála.

(j) Beartas Luachála

- (i) Déantar sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, conarthaí infheistíochta agus airgeadra eachtrach atá le híoc fós agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta a luacháil ag na rátaí malartáin atá ag lár an mhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 31). Déantar an luacháil ráta eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais ar bhonn na n-aonad airgeadais indibhidiúil.
- (ii) Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar mharcáil ón margadh (MÓM) a luacháil ag praghsanna scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana. Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht (CGA) a luacháil ag costas amúchta agus tá siad faoi réir lagaithe. Déantar urrúis a luacháil ar bhonn urrús ar urrús.
- (iii) Déantar luacháil ar ór ag praghsanna scoir an mhargaidh agus ar urrúis ag na praghsanna scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana.
- (iv) Aicmítear cúnaimh eisceachtúil leachtachta arna sholáthar d'institiúidí creidmheasa intíre atá cumhdaithe ag an scéim rátháíochta mar lasachtaí agus Míreanna Infhaighte. De réir FRS 26 Ionstraimí Airgeadais: is sócmhainní airgeadais neamh-dhíorthaigh iad Aithint agus Tomhas, lasachtaí agus Míreanna Infhaighte a bhfuil íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe acu atá luaite ar an margadh gníomhach agus nach bhfuil sé beartaithe ag an mBanc iad a thrádáil. Coinnítear lasachtaí agus Míreanna Infhaighte, tar éis aithint tosaigh, ag costas amúchta d'aon chailteanais lagaithe a thabhaítear.

Ar dháta an chláir chomhdaithe, déanann an Banc measúnú ar cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann nó nach raibh gur lagaíodh na hiasachtaí agus na míreanna infhaighte. Ar na nithe a chuireann fianaise oibiachtúil ar fáil gur lagaíodh sócmhainn airgeadais tá sárú conartha, amhail mainneachtain nó faillí in íocaíocht úis nó príomhshuime (Nóta 20 (iii)).

(k) Aitheantas Gnóthachan agus Cailteanas

Déantar cuntasáíocht ar ghnóthachain agus ar chailteanais réadaithe a éiríonn as díolachán airgeadra eachtraigh, óir agus urrús tríd an gcuntas Brabúis agus Cailteanais agus tríd an gCuntas Leithghabhála. Ríomhtar gnóthachain agus cailteanais réadaithe (FX agus euro) ar airgeadra eachtrach trí thagairt a dhéanamh don mheánchostas.

Déantar cuntasáíocht ar ghnóthachain neamhréadaithe ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Beartas Cuntasáíochta (j)) tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin iad chuig na Cuntais Athluachála.

Déantar cuntasáíocht ar chailteanais neamhréadaithe tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús ar urrús. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntasáíocht orthu tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú i mblianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe.

Ó tharla go n-aithnítear na gnóthachain agus na cailteanais go léir thuasluaite tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanais, ní mheastar gur gá Ráiteas ar leithligh a choinneáil d'Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta.

(I) Idirbhearta Droim ar Ais

Is éard atá in idirbhearta droim ar ais oibríochtaí ina ndíolann nó ina gceannaíonn an Banc sócmhainní le hairgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/droim ar ais. Faoi gcomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar shuim airgid le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas aontaithe ag dáta níos déanaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthabhairthe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe agus eascraíonn caiteachas úis astu sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála (Nóta 2). Fanann Urrúis arna ndíol faoi gcomhaontú sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc. Ní raibh aon Chomhaontuithe Athcheannaigh fós amuigh ag 31 Nollaig 2010.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis le hairgead le comhaontú comhuaineach iad a dhíol ar ais leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta níos déanaí.

Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthabhairthe ar thaobh na sócmhainní ar an gClár Comhardaithe (Nótaí 13 agus 15) ach ní áirítear iad i ngabháltais urrús an Bhainc. Eascraíonn ioncam úis astu sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála (Nóta 1).

Nótaí agus gabháil leis na Cuntais

Nóta 1: Ioncam Úis

	2010	2009
	€000	€000
Ioncam taisce	1,615	967
Ús ar Urrúis – MÓM	168,709	251,749
Ús ar Urrúis – CGA	281,472	264,359
Ús ar Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	94,781	6,286
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	1,747	3,681
Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (iii)	1,028,630	1,470,313
Ioncam Aistrithe ó Shócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE (iv)	5,514	7,051
Eile (v)	517,087	242,675
Iomlán	2,099,555	2,247,081

- (i) (i) Cuimsítear sa mhír seo ioncam €33.4 milliún agus €61.4 milliún ar na hurrúis arna gceannach ag an mBanc faoin CCBC agus an CMU faoi seach. Beartas Cuntasaíochta (c)(ix) agus Nóta 16.
- (ii) Bhí Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais amuigh go feadh méid €456.0 milliún an 31 Nollaig 2010 (2009: €836.2). Beartas Cuntasaíochta (l) agus Nótaí 13 agus 15.
- (iii) Baineann sé seo le hiasachtú ón mBanc le hinstitiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 14).
- (iv) Baineann sé seo le híocaíocht na Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig an BCE. Beartas Cuntasaíochta (c)(vii) agus Nóta 18.
- (v) Áiríonn sé seo méid €510.2 milliún (2009: €240.5) i ndáil le hús tuillte ar chúnamh eisceachtúil leachtachta (CEL) arna thabhairt d'institiúidí creidmheasa lasmuigh d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 20(iii)).

Nóta 2: Caiteachas Úis

	2010	2009
	€000	€000
Taisc Rialtais	112,748	204,062
Taisc Institiúidí Creidmheasa	110,177	164,422
Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras (i)	727,315	749,329
Íocaíocht ar Dhlíteanas i ndáil le Leithdháileadh na Nótaí Bainc i gCúrsaíocht (ii)	139,103	159,807
Iomlán	1,089,343	1,277,620

- (i) Ríomhann an BCE an caiteachas úis ar na hiarmhéideanna seo, a ndéantar cúiteamh orthu ag rátaí aischistithe gearrthéarmacha an Eurochórais, ag deireadh gach lae. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).
- (ii) Tá an caiteachas úis bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro leithdháilte ar gach BCN de réir a n-eochrach leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht go hiarbhír. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv).

Nóta 3: Glantoradh ar Oibríochtaí Airgeadais, Laghduithe agus Forálacha

Glan-Ghnóthachain/(Chailteanais) ag éirí as Oibríochtaí Airgeadais	2010	2009
	€000	€000
Glanghnóthachain/(Chailteanais) Praghais ar Urrúis	10,340	103,519
Glanghnóthachain/(Chailteanais) Réadaithe ar Ráta Malairte	163	437
Iomlán	10,503	103,956

Laghduithe ar Shócmhainní agus Staideanna Airgeadais	2010	2009
	€000	€000
Cailteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis	(71,247)	(2,237)
Cailteanais Neamhréadaithe Ráta Malairte	(54)	(431)
Iomlán	(71,301)	(2,668)

Aistriú d'Fhorálacha	2010	2009
	€000	€000
Soláthar do Nótaí Bainc IEP (Nóta 30)	(10,000)	–
Iomlán	(10,000)	–

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus Coimisiúin

	2010	2009
	€000	€000
Táillí agus Muirir Seirbhíse	664	680
Iasachtú Urrús	795	430
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe Target2	552	555
Iomlán	2,011	1,665

Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

	2010	2009
	€000	€000
Sciar de Bhrabúis an BCE (i)	2,719	35,858
Díbhinn BSI (ii)	6,969	2,492
Eile	–	(213)
Iomlán	9,688	38,137

Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannphárteacha (ar lean)

- (i) (i) Is éard atá sa mhír seo sciar an Bhainc de bhrabús an BCE le haghaidh 2010. Beartas Cuntasaíochta (c) (v). Chinn an Chomhairle Rialaithe, amhail ar an 31 Nollaig 2010, méid €1,163 milliún a aistriú ó bhrabús an BCE chuig soláthar riosca an BCE, agus ar an gcaoi sin a uasteorann reatha a mhéadú go feadh méid €5,184 milliún. Mar thoradh air seo, b'ionann agus €171 milliún glanbhrabús fógartha an BCE don bhliain 2010, agus chinn an Chomhairle Rialaithe é a dháileadh ina iomláine ar BCN an limistéir euro de réir scála caipitil an Eurochórais. B'ionann sciar an Bhainc agus €2.7 milliún.
- (ii) Is éard atá sa mhír seo díbhinní a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 20(i)). Fuarthas díbhinn bhreise €4.5 milliún in 2010 de bhreis ar an díbhinn bhliantúil €2.4 milliún.

Nóta 6: Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2010	2009
	€000	€000
Glantoradh ar Chomhthiomsú an Ioncaim Airgeadaíochta (i)	(38,484)	(110,358)
Sciar na Forála i gCoinne Rioscaí Contrapháirtí (ii)	22,998	21,991
Iomlán	(15,486)	(88,367)

- (i) (i) Is éard atá sa mhír seo an difríocht idir ioncam airgeadaíochta €203.7 milliún atá comhthiomsaithe ag an mBanc (2009: €291.4 milliún) agus méid €166.5 milliún a leithdháileadh ar an mBanc arís (2009: €180.8 milliún) i ndiaidh dáilte ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais i measc na BCN de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartuithe arb ionann agus €1.3 milliún ar ghlantorthaí do na blianta roimhe sin (2009: -€0.3 milliún). Beartas Cuntasaíochta (c)(vi).
- (ii) Laghdú ar sciar an Bhainc sa soláthar do rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, arb ionann é agus €23.0 milliún ag deireadh na bliana (2009: €22.0 milliún). Sa bhliain 2008, nuair a bunaíodh an soláthar, bhí muirear €73.1 milliún ar an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, arb ionann é agus sciar an Bhainc sa soláthar iomlán don Eurochóras. I gcomhréir le príonsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus ag féachaint do phríonsabail na stuamachta i gcoitinne, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí an méid iomlán a laghdú ó €4,011 milliún an 31 Nollaig 2009 go dtí €2,077 milliún an 31 Nollaig 2010. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais na BCN.

Nóta 7: Ioncam Eile

	2010	2009
	€000	€000
Glanmhaoiniú an Tionscail Rialála Airgeadais (Nóta 41(i))	40,897	34,048
Ioncam Ilchineálach na Rialála Airgeadais (Nóta 41 (v))	199	715
Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (i)	2,249	7,389
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean (Nóta 34 (i))	(21,910)	(22,278)
Toradh Measta ar Shócmhainní an Chiste Pinsean (Nóta 34 (v))	13,586	10,089
Eile	1,099	1,381
Iomlán	36,120	31,344

- (i) Is éard atá i bpionóis airgeadaíochta méideanna is iníochta leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais eile tar éis chur i gcrích na gComhaontuithe Socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála.

Nóta 8: Caiteachais

€000	Ceannoifig*		Oibreacha Priontála		Iomlán na Ceannoifige agus Oibreacha Priontála		Mionta (i)		Iomlán	
	2010	2009	2010	2009	2010	2009	2010	2009	2010	2009
Tuarastail/Liúntais (ii)	60,646	55,332	10,280	10,798	70,926	66,130	801	622	71,727	66,752
ÁSPC	4,257	3,781	687	747	4,944	4,528	50	43	4,994	4,571
Pinsin (Nóta 34(i))	10,067	9,488	–	–	10,067	9,488	85	87	10,152	9,575
Caiteachais Foirne	74,970	68,601	10,967	11,545	85,937	80,146	936	752	86,873	80,898
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	3,889	2,380	378	387	4,267	2,767	8	7	4,275	2,774
Cothabháil Áitreabh (iii)	2,435	2,660	2,037	3,211	4,472	5,871	1	1	4,473	5,872
Fuinneamh	741	704	475	423	1,216	1,127	–	–	1,216	1,127
Cíos & Rátaí	4,239	3,463	477	480	4,716	3,943	–	–	4,716	3,943
Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais	1,836	1,271	162	97	1,998	1,368	12	1	2,010	1,369
Postas agus Teileachum	512	509	30	105	542	614	48	2	590	616
Seirbhísí Infheistíochta & Táillí Baint	2,681	2,231	4	20	2,685	2,251	12	–	2,697	2,251
Taisteal Gnó	1,481	1,246	174	144	1,655	1,390	24	8	1,679	1,398
Foilseacháin & Fógraíocht Tomhaltóirí	939	796	9	7	948	803	2	13	950	816
Táillí Gairmiúla (iv)	7,392	5,910	204	151	7,596	6,061	4	12	7,600	6,073
Cothabháil Oibreacha Meaisíní	–	–	1,155	939	1,155	939	134	283	1,289	1,222
Costais Chóras OFA	1,042	1,131	–	–	1,042	1,131	–	–	1,042	1,131
Ilghnéitheach (v)	1,218	894	20	30	1,238	924	6	–	1,244	924
Caiteachais Oibríochta Eile	28,405	23,195	5,125	5,994	33,529	29,189	251	327	33,781	29,516
Dímheas	4,521	4,121	3,872	3,620	8,393	7,741	32	70	8,425	7,811
Amhábhair	–	–	3,002	2,647	3,003	2,647	8,074	4,608	11,076	7,225
Caiteachais Iomlána	107,896	95,917	22,966	23,806	130,862	119,723	9,293	5,757	140,155	125,480

* Áirítear ar chaiteachais na Ceannoifige gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid) seachas na cinn sin a bhaineann leis na hOibreacha Priontála agus Mionta. Tá sonraí faoi ioncam agus caiteachas na rialála airgeadais in 2010 le feiceáil i Nóta 41.

- (i) Caiteachais a thabhaítear ag an Mionta i ndáil le soláthar agus eisiúint bonn, muirearaítear iad go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra de réir fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 agus seachas ar an gcuntas Brabúis agus Cailteanais. Beartas Cuntasáíochta (g).

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

(ii) (ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Neamhfeidhmiúcháin in 2010

Ainm	Tréimhse	Tuarastal	Luach Saothair Eile
Patrick Honohan			
An Gobharnóir	1 Ean - 31 Noll	€276,324	–
Tony Grimes			
An Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais	1 Ean - 31 Noll	€249,674	€4,160 ¹²
Matthew Elderfield			
An Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais	1 Ean - 31 Noll	€348,462	€75,299 ¹³
Jim Farrell			
Cathaoirleach, Rialtóir Airgeadais	1 Ean - 30 MF	€33,075 ¹⁴	–
Táillí iomlána íoctha le stiúrthóirí an Bhoird agus le comhaltaí an Údarás	1 Ean - 30 MF	€165,378	–
Táillí iomlána íoctha le comhaltaí an Choimisiúin	1 DF - 31 Noll	€14,936	–

Laghdaíodh tuarastal Patrick Honohan faoi 20 faoin gcéad agus tuarastail Tony Grimes agus Matthew Elderfield faoi 15 faoin gcéad ón 1 Feabhra 2010 i gcomhréir leis na laghduithe tuarastail sa tseirbhís phoiblí. Ghlac Patrick Honohan laghdú deonach tuarastail sa bhreis arb ionann é agus 20 faoin gcéad. ¹²¹³¹⁴

De bhreis ar a thuarastal mar Chathaoirleach ar an Rialtóir Airgeadais, íocadh luach saothair le Jim Farrell as an aistriú dualgas chuig Matthew Elderfield a éascú sna chéad trí mhí de 2010.

Íocadh táille €23,625 an duine don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair 2010 le Gerard Danaher, John Dunne, Jim Farrell agus Deirdre Purcell, ceathrar iariarchomhalta de Bhord an Bhainc Ceannais agus den Údarás.

Íocadh táille €11,813 an duine le Alan Ashe, Tony Grimes agus Dermot Quigley mar chomhaltaí den Údarás don tréimhse ón 1 Eanáir go an 30 Meán Fómhair 2010.

Íocadh táille €11,813 an duine le David Begg, Dermot O'Brien agus Brian Hillery, mar chomhaltaí de Bhord an Bhainc Ceannais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair 2010.

Is ionann agus €15,000 táille bhliantúil do chomhaltaí an Choimisiúin. Íocadh táille €3,734 an duine le Des Geraghty, Michael Soden, Max Watson ¹⁵ agus Blanaid Clarke don tréimhse ón 01 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2010. Ní fhaigheann comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin táille i ndáil lena gcomhaltas den Choimisiúin.

Ní théann teidlíochtaí pinsin Patrick Honohan thar na gnáth-theidlíochtaí sa tsamhailscéim aoisliúntais le sochar sainithe de chuid na hearnála poiblí. D'éirigh Tony Grimes as mar Ard-Stiúrthóir ag deireadh 2010 le teidlíochtaí pinsin le aghaidh 37 bliain de sheirbhís inríofa faoi Scéim Aoisliúntais Bhanc Ceannais na hÉireann. Tá sé ag leanúint sa phost sin, ar bhonn conarthach, ar feitheamh cheapachán an duine a thioctaidh i gcomharba air.

¹² Áiríonn sé seo líntas toscaire ach ní táillí stiúrthóirí a léirítear ar leithligh thuas.

¹³ Áiríonn sé seo táille athlonnaithe €75,000 agus líntas toscaire €299. De bhreis air sin, íocadh fóirdheontas ciosa €5,400 agus caiteachais athlonnaithe €6,670.

¹⁴ An tuarastal íoctha mar Chathaoirleach agus do dhualgais aistrithe ach ní áirítear ann táillí stiúrthóirí a léirítear ar leithligh thuas.

¹⁵ B'ionann caiteachais a bhain le lóistín agus taisteal ón RA agus €1,838.

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

- (iii) Tabhaíodh costais mhéadaithe earcaíochta d'fhonn freastal a dhéanamh ar riachtanais aontaithe mhéadaithe daonchumhachta na heagraíochta in 2010.
- (iv) B'ionann luach saothair na nIníúcháirí, a íocadh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le Deloitte & Touche do na blianta 2010/2009 agus:

	2010	2009
	€000	€000
Iníúchadh na gCuntas Indibhidiúil	191	191
<i>Deloitte & Touche</i>	107	107
<i>Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste</i>	84	84
Seirbhísí Rátháíochta Eile	32	33
<i>Deloitte & Touche</i>	32	33
Obair NeamhIníúcháireachta Eile	172	298
<i>Deloitte & Touche</i>	172	298
Iomlán	395	522

Baineann an obair eile neamhIníúcháireachta le táillí iasachta agus comhairleoireachta eile do roinnt tionscadal a bhí ar bun sna blianta 2009 agus 2010 a bhain le rialáil. Tá na ceanglais maidir le nochtadh in I.R. Uimh. 220/2010 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iníúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) 2010 maidir le luach saothair iníúcháirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010 agus comparáideach.

- (v) Áirítear in ilghnéitheach caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais a chuireann an Banc i bhfeidhm, de réir fhorálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, mar atá arna leasú.
- (vi) Íocadh €4.9 milliún (2009: €3.2 milliún) leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Tobhach Pinsin. Ní thaispeántar an figiúr seo ar leithligh sa tábla ach áirítear é san fhigiúr do Thuarastail.

Nóta 9: Barrachas Ioncaim

Bhí barrachas ioncaim €671.0 milliún iníoctha leis an Státchiste i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010 (2009: €745.5 milliún).

De réir Alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, tá an Banc díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach, ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil.

Nóta 10: Ór agus Ór Infhála

Is éard atá in Ór agus Ór Infhála stoic óir arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Is de bharr an athraithe ar luach an óir ar an margadh i rith na bliana atá athrú iarmhéid 2010 ann.

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí sa Limistéar Euro

	2010	2009
	€000	€000
Méideanna infhála ón CAI (i)	1,007,550	988,891
Iarmhéideanna le bainc agus le hinfheistíochtaí urrúis, iasachtaí seachtracha agus le sócmhainní seachtracha eile (iv)	373,992	357,463
Iomlán	1,381,542	1,346,354

(i) Méideanna infhála ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2010	2009
	€000	€000
Cuóta	970,202	912,683
Lúide Sealúchais euro an CAI	(792,374)	(742,644)
Suíomh Cúlchiste san CAI (ii)	177,828	170,039
Sealúchais CST (iii)	829,722	818,852
Iomlán	1,007,550	988,891

(ii) Suíomh cúlchiste sa CAI:

Is ionann an tsócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta, agus íocadh 25 faoin gcéad de in airgeadra eachtrach agus an méid a bhí fágtha in euro. B'ionann iad ag an tús agus 75 faoin gcéad den Chuóta, agus athraíodh iad de bharr treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le ballstáit. An 28 Aibreán 2008, d'fhaomh Bord Gobharnóirí an CAI cuóta mórsála agus cuireadh sin i bhfeidhm an 3 Márta 2011. Mar thoradh air sin, mhéadaigh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 838.4 milliún go dtí CST 1,257.6 milliún.

(iii) Cearta Speisialta Tarraingthe (CST):

Sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta atá sa CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970í agus 1980í d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainmhínítear CST i dtéarmaí ciseán airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe na rátaí malartáin de cheithre airgeadra (dollar Mheiriceá, sterling, yen agus euro) (Nóta 26).

(iv) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrúis, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha Eile

	2010	2009
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	4,460	3,543
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (v)	369,532	353,920
Iomlán	373,992	357,463

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí sa Limistéar Euro (ar lean)

Próifil Aibíochta	2010	2009
	€000	€000
0 - 3 mhí	146,678	78,714
3 mhí - 1 bhliain	187,578	206,358
1 - 5 bliana	39,736	72,391
Iomlán	373,992	357,463

(v) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 12: Éilimh in Airgead Eachrach Chónaitheoirí sa Limistéar Euro

	2010	2009
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	81,487	94,447
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (i)	59,659	24,074
Iomlán	141,146	118,521

Próifil Aibíochta	2010	2009
	€000	€000
0 - 3 mhí	81,487	94,447
3 mhí - 1 bhliain	29,585	24,074
1 - 5 bliana	30,074	–
Iomlán	141,146	118,521

(i) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 13: Éilimh in Euro ar Chónaitheoirí Lasmuigh den Limistéar Euro

	2010	2009
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	2,091	7,298
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (i)	196,270	401,205
Infheistíochtaí Urrúis – CGA (i)	527,858	625,806
Comhaontuithe Ceannaigh Droim ar Ais	156,990	200,000
Iomlán	883,209	1,234,309

Nóta 13: Éilimh in Euro ar Chónaitheoirí Lasmuigh den Limistéar Euro (ar lean)

Próifíl Aibíochta	2010	2009
	€000	€000
0 - 3 mhí	159,081	235,355
3 mhí – 1 bhliain	176,727	272,712
1 – 5 bliana	267,470	343,874
5 – 10 mbliana	279,931	382,368
Iomlán	883,209	1,234,309

(i) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 14: Iasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro a bhaineann le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2010	2009
	€000	€000
Main Refinancing Operations (i)	63,655,000	8,425,000
Longer Term Refinancing Operations (ii)	56,025,000	84,433,000
Fine Tuning Operations (iii)	12,330,000	–
Iomlán	132,010,000	92,858,000

Is é atá sna hiarmhéideanna seo réamhíocaíochtaí le hinstiúidí áitiúla creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na réamhíocaíochtaí uile urraithe ag comhthaobhacht atá ceadaithe ag an Eurochóras. Bhí ardú suntasach ar leibhéal na nOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) agus laghdú ar na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PAanna) le linn 2010 de réir mar a tháinig na OAF neamhchaighdeánacha sé mhí agus dhá mhí dhéag chun aibíochta. Amhail ar an 31/12/2010, b'ionann iomlán shuimeanna iomlána beartais airgeadaíochta an Eurochórais agus €546.7 billiún (2009: €749.9 billiún), agus astu siúd bhain €132.0 billiún (2009: €92.9 billiún) leis an mBanc. De réir Airteagal 32.4 den Reacht ba cheart go roinnfeadh BCN an Eurochórais ina iomláine aon riosca ón iasachtú le hinstiúidí creidmheasa sa limistéar euro, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil i réim san Eurochóras. Cuimsíonn na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe tairiscintí seachtainiúla de ghnáth do chistí le haibíocht aon seachtaine agus ag rátaí atá gar do rátaí an mhargaidh. (Rátaí seasta ó Dheireadh Fómhair 2008).

- (i) (i) Go hiondúil, cuimsíonn na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe tairiscintí seachtainiúla ar chistí a mbíonn aibíocht aon seachtaine acu agus rátaí atá gar do rátaí an mhargaidh.
- (ii) Go hiondúil, cuimsíonn na Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha tairiscintí míosúla a mbíonn aibíocht trí mhí acu agus rátaí atá gar do rátaí an mhargaidh (rátaí seasta ó Dheireadh Fómhair 2008). In 2008, rinneadh tairiscintí míosúla a raibh aibíocht sé mhí acu, agus in 2009 réachtáladh tairiscintí a raibh aibíocht dhá mhí dhéag acu freisin.
- (iii) Tharla Oibríocht Mhionchoigeartaithe trí lá dhéag an 23 Nollaig 2010, tráth ar tháinig an OAF dhá mhí dhéag deireanach chun aibíochta.

Nóta 15: Éilimh eile in Euro ar Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro

	2010	2009
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	214,579	40
Comhaontuithe Ceannaigh Droim ar Ais	299,000	636,119
Iomlán	513,579	636,159

Tá aibíocht is lú ná bliain ag na míreanna seo.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann: (i) “Urrúis arna gcoinneáil chun críocha beartais airgeadaíochta”, a tugadh isteach d’fhonn an phunann bannaí clúdaithe arna n-ainmniú in euro a léiriú, agus ar cuireadh tús léi i mí Iúil 2009, maille le punanna margaidh d’urrúis arna n-ainmniú in euro, ar cuireadh tús leo i mí Bealtaine 2010; agus (ii) “Urrúis eile”, a áiríonn urrúis indíolta agus neamh-indíolta nach mbaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (a rinne suas an t-iarmhéid iomlán faoin mí seo roimh 2009).

	2010	2009
	€000	€000
Urrúis arna gcoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	3,003,005	531,794
Urrúis Eile (ii)	15,233,169	14,390,691
Iomlán	18,236,174	14,922,485

(i) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

	2010	2009
	€000	€000
Clár Ceannaigh Bannaí Clúdaithe (CCBC) - CGA	865,944	531,794
Clár na Margáí Urrús (CMU) - CGA	2,137,061	–
Iomlán	3,003,005	531,794

Próifil Aibíochta

	2010	2009
	€000	€000
0 – 3 mhí	49,464	–
3 mhí – 1 bliain	160,811	–
1 – 5 bliana	2,074,963	397,528
5 – 10 mbliana	625,253	134,266
10 – 15 bliana	92,514	–
Iomlán	3,003,005	531,794

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro (ar lean)

Sa chatagóir seo den Chlár Comhardaithe, tá urrúis arna bhfáil ag an mBanc laistigh de raon CCBC ¹⁶, agus urrúis fiachais phoiblí i raon CMU ¹⁷. Aicmítear na hurrúis mar urrúis atá Coinnithe go dtí Aibíocht (CGA). B'ionann shealúchas iomlán CMU agus CCBC an Eurochórais (lena n-áirítear an BCE) agus €73,976 milliún agus €60,853 milliún, faoi seach, ag deireadh mhí na Nollag, agus astu sin bhí €2,137 milliún agus €866 milliún ar seilbh ag an nBanc. De réir Airteagal 32.4 den Reacht, ba cheart go roinnfí idir BCNan Eurochórais na rioscaí go léir a bhaineann le hiasachtú le hinstiúidí creidmheasa sa limistéar euro, i gcás ina dtarlóidís, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil atá i réim san Eurochóras. I gcás CCBC, seasann BCN indibhidiúla na rioscaí. Beartais Chuntasaíochta (c)(iii), (c)(ix) agus Nóta 1(i).

(ii) Urrúis Eile

	2010	2009
	€000	€000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM	8,941,696	8,477,488
Infheistíochtaí Urrúis – CGA	6,291,473	5,913,203
Iomlán	15,233,169	14,390,691

Sna hurrúis seo, cuimsítear fiachas arna n-eisiúint ag eisitheoirí sa limistéar euro. Beartas Cuntasaíochta (j).

Próifíl Aibíochta	2010	2009
	€000	€000
0 – 3 mhí	2,647,515	2,564,175
3 mhí – 1 bhliain	4,120,180	3,876,235
1 – 5 bliana	4,951,916	4,992,882
5 – 10 mbliana	3,513,558	2,957,399
Iomlán	15,233,169	14,390,691

Nóta 17: Leas Rannphárteachais sa BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC, is iad na bainc cheannais náisiúnta amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna a bheidh socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus déanfar iad a choigeartú gach cúig bliana.

Tháinig méadú €18.5 milliún ar leas rannphárteachais an Bhainc sa BCE go dtí €139.2 milliún, rud a léiríonn an cinneadh ón gComhairle Rialaithe i mí na Nollag 2010 chun caipiteal suibscríofa BCE a mhéadú faoi €5,000 milliún go dtí €10,761 milliún. Mar thoradh air seo, ceanglaíodh ar BCN an Eurochórais méid is ionann agus €3,490 milliún a íoc i ndáil lena ranníocaíochtaí méadaithe i dtrí thráthchuid choibhéiseacha ó 2010 ar aghaidh. Dá bhrí sin, d'íoc an Banc a chéad thráthchuid €18.5 milliún an 29 Nollaig 2010, fad a bheidh an dá thráthchuid eile iníochta in 2011 agus 2012. Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

16 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh bannaí clúdaithe (BCE /2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich.18.

17 An 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margáí urrúis (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich.8.

Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc a éiríonn as sócmhainní cúlchistí eachtracha a aistriú chuig an BCE de réir fhorálacha Airteagal 30 de Reachta CEBC. Tá na héilimh ainmnithe in euro ag luach a shocraítear ag am a n-aistrithe. Íoctar iad ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna gcoigeartú chun fáiltas nialasach a léiriú ar chomhpháirt an óir. Beartas Cuntasaoíochta (c)(vii) agus Nóta 1 (iv).

Nóta 19: Míreanna atá á Socrú

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa maidir le seiceanna arna dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí an lá deireanach gnó den bhliain agus arna seachadadh chuig na hinstitiúidí creidmheasa an chéad lá gnó den bhliain nua.

Nóta 20: Sócmhainní Eile

	2010	2009
	€000	€000
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (i)	18,997	16,812
Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc	2,229	1,665
AIB cpt/ICAROM Iasacht Úsmhar (ii)	366,371	613,994
Ioncam Úis Fabhráithe	351,905	581,242
Réamhíocaíochtaí	689	719
Sócmhainní Dochta (Nóta 21)	70,401	71,632
Eile (iii)	49,475,598	11,510,060
Iomlán	50,286,190	12,796,124

- (i) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair (2,564 íochta) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €19.0 milliún a margadhluach (Nótaí 5(ii) agus 33(i)).
- (ii) Faoi shocraíochtaí, ar cuireadh tús leo i 1993 do mhaoiniú riaradh ICAROM cpt (Insurance Corporation of Ireland cpt mar a bhíodh air), tá €11.1 milliún in aghaidh na bliana go dtí 2012 á bhailiú ó AIB cpt agus á aistriú chuig Riarthóir ICAROM spt. Is é seo a leanas an modh a úsáidtear chun na cistí seo a bhailiú (i) socrú taisce agus iasachta (€4.1 milliún) idir AIB cpt agus an Banc agus (ii) íocaíocht úis (€7.0 milliún) a dhéanfaidh AIB plc. Léirítear an taisce comhionann faoi Dhliteanais Eile (Nóta 29).
- (iii) Áiríonn sé seo suim €49.5 billiún (2009: €11.5 billiún) i ndáil le ELA arna sholáthar lasmuigh d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais d'institiúidí creidmheasa arna gclúdach faoi ráthaíocht (Nóta 1(v)). Déantar na háiseanna seo a thabhairt ar aghaidh ar an gClár Comhardaithe ag costas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh. Déantar na háiseanna seo go léir a chomhthaobhú agus áirítear iontu comhthaobhacht ceannais chomh maith le raon leathan urrús geallta ag na contrapháirtithe i gceist.

Tá ionstraimí sonracha dlíthiúla i bhfeidhm ag an mBanc i ndáil le gach cineál comhthaobhachta a nglactar leis. Áirítear orthu seo: (i) Nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag na Aire Airgeadais d'institiúidí creidmheasa ar leith agus in-aistrithe le gníomhas, (ii) Máistirghníomhas Athcheannaigh Iasachta a chlúdaíonn iasachtaí infheistíochta/forbartha, (iii) Creat-chomhaontuithe i ndáil le Nótaí Gealltanais le taca morgáistí a chlúdaíonn comhthiomsú neamh-urraithe de mhorgáistí cónaitheacha, (iv) Máistir Chomhaontuithe Athcheannaigh Speisialta a chlúdaíonn comhthaobhacht nach bhfuil incháilithe a thuilleadh d'oibríochtaí a bhaineann le BCE, agus (v) Gníomhais Áise lena soláthraítear Ráthaíocht Rialtais. De bhreis air sin, fuair an Banc gealltanais foirmiúil ón Aire Airgeadais go seasfaí aon ghanntanas sa chomhthaobhacht leachtachta. I gcás inarbh íomchuí, cuireadh i bhfeidhm ciorruithe (sa raon ó 5.5% go 80%) ar an gcomhthaobhacht. Maolaítear riosca creidmheasa trí leibhéal na gciorrúithe agus trí Ráthaíocht an Rialtais. Ar dháta an chláir chomhardaithe, níor aithníodh aon soláthar do lagú.

Nóta 21: Sócmhainní Dochta

€000	Áitribh		Gléasra agus Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Troscán, Feistithe agus Daingneáin		Sócmhainní Seasta Iomlána	
	2010	2009	2010	2009	2010	2009	2010	2009	2010	2009	2010	2009
Ar a Chostas – 1 Eanáir	65,570	64,124	47,226	47,164	20,437	16,856	14,715	13,670	10,471	9,831	158,419	151,645
Éadálacha (+)	628	1,446	611	62	3,119	3,581	313	1,077	2,523	640	7,194	6,806
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	–	(32)	–	–	–	(32)
Ar a Chostas – 31 Nollaig	66,198	65,570	47,837	47,226	23,556	20,437	15,028	14,715	12,994	10,471	165,613	158,419
Dímheas Carnta ag 1 Eanáir	15,122	13,617	39,197	36,654	13,786	12,096	9,355	7,816	9,327	8,799	86,787	78,982
Dímheas don Bhliain (i)	1,534	1,505	2,251	2,543	2,339	1,690	1,749	1,545	552	528	8,425	7,811
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	–	(6)	–	–	–	(6)
Dímheas Carnta ag 31 Nollaig	16,656	15,122	41,448	39,197	16,125	13,786	11,104	9,355	9,879	9,327	95,212	86,787
Glanluach Leabhar ag 31 Nollaig	49,542	50,448	6,389	8,029	7,431	6,651	3,924	5,360	3,115	1,144	70,401	71,632

(i) As muirear dímheasa iomlán arb ionanné agus €8.4 milliún (2009: €7.8 milliún), gearradh €0.03 milliún i ndáil le hinnealra Mionta agus rinneadh é seo a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra (2009: €0.07 milliún).

Nóta 22: Nótaí Banc i gCúrsaíocht

Cuimsíonn an mhír seo scair an Bhainc de chuid nótaí banc euro eisithe ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí banc euro i gcúrsaíocht ar gach banc ceannais náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí banc. Beartas Cuntasaíochta (c)(iv).

Nóta 23: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2010	2009
	€000	€000
Cúlchistí Íosta (i)	8,264,077	8,248,220
Taiscí Thar Oíche (ii)	3,150,000	6,659,621
Iomlán	11,414,077	14,907,841

(i) Tá ar institiúidí creidmheasa sa limistéir euro meánlón íosta taiscí cúlchiste a choinneáil lena gcuid BCN faoi seach. Is é an fáth atá leis na ceanglais cúlchiste seo ganntanas struchtúrach leachtachta a choinneáil. In 2010 íocadh ús ar na taiscí sin ag príomhráta úis sheasta BCE d'oibríochtaí cistithe.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun taiscí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche.

Nóta 24: Dlíteanas in Euro do Chónaitheoirí Eile sa Limistéar Euro

	2010	2009
	€000	€000
Taiscí Ginearálta Rialtais (i)	15,887,911	26,259,852
Cúlchiste Airgeadra a Bhaineann le Glanfháltais Bonn (ii)	1,914	3,389
Iomlán	15,889,825	26,263,241

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Áirítear i dTaiscí Ginearálta Rialtais suim is ionann agus €2.1 milliún (2009: €548.6 milliún) i dtaca le muirir ar institiúidí airgeadais atá cumhdaithe faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 arna gcoinneáil i gcuntas sainithe de chuid an Bhainc i gcomhréir leis an Scéim mar chúlchiste le haghaidh aon íocaíochtaí atá le déanamh faoin Scéim. Tháinig deireadh leis an Scéim in 2010 agus aistríodh an t-iarmhéid chuig an Státchiste. Fuarthas íocaíocht dhéanach ina dhiaidh sin agus aistríodh í chuig an Státchiste in 2011. Áirítear freisin taiscí go feadh €0.5 milliún (2009: €0.5 milliún) san iomlán arna sealbhú ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht faoi fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.
- (ii) Roimhe seo dhéantaí an sciar den “Chúlchiste Airgeadra” a bhain le “Glanfháltais na heisiúna bonn” a thaifeadh ar an gclár comhardaithe faoi “Caipiteal agus Cúlchistí” (Nóta 32). Rinneadh athaicmiú ar an mír seo chuig an gcatagóir seo. Ní raibh aon tionchar ag an athaicmiú seo ar an nglanseasamh Cláir Chomhardaithe nó ar mhéid an bhrabúis arna thaifeadh i gcuntais bhliantúla roimhe. Méadaíodh figiúr 2009 chuig €3.4 milliún chun an t-athaicmiú a léiriú. Faoi fhorálacha an *Achta Monaíochta*, 1950, na *nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998, ceanglaítear na costais agus an t-ioncam a bhaineann le heisiúint bonn a mhuirear ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais agus i gcás inar mó an méid a íoctar leis an Státchiste agus glanfháltais charnacha na heisiúna, íocfaidh an tAire an difríocht leis an mBanc. Tuairiscítear an t-iarmhéid ar an gcúlchiste airgeadra a bhaineann le heisiúint bonn mar shócmhainn nó mar dhliteanas an Bhainc.

	2010	2009
	€000	€000
Boinn Eisithe i/(Fuascailte ó) gCúrsaíocht	(1,564)	(22,963)
Sraith Bonn Samplach	1,547	1,990
Boinn Éireannacha Tarraingthe Siar	(364)	(450)
Fáltais ó Bhoinn Bhruithnithe	–	24
Fo-iomlán	(381)	(21,399)
Lúide Costais Oibríochta (Nóta 8)	(9,293)	(5,757)
Glanfháltais ó Eisiúint Bonn	(9,674)	(27,156)
Ús ar Dhliteanas Pinsin	(175)	(175)
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra	(126)	(85)
Aistriú (chuig)/ón Státchiste	8,500	30,000
Iarmhéid Tosaigh	3,389	805
Iarmhéid Deiridh	1,914	3,389

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais*, 2002, agus mar a d’ordaigh an tAire Airgeadais, ceadaítear don Bhanc na fáltais ó eisiúint bonn a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, bhí glantoradh bonn ann don Bhanc ó bhainc thráchtála sa bhliain 2010. Mar thoradh ar an nglantoradh seo agus ar na costais oibríochtaí a bhaineann le boinn, fuarthas €8.5 milliún (2009: €30.0 milliún) ón Státchiste i mí na Nollag 2010.

Nóta 25: Dlíteanas do Chónaitheoirí Iasmuigh den Limistéar Euro

	2010	2009
	€000	€000
Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais	93	90
Gníomhaireachtaí AE	10,152	7,135
Iomlán	10,245	7,225

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

Nóta 26: Contrapháirt Cearta Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

Is é seo dlíteanas an Bhainc don CAI maidir le leithdháileadh CSTanna d'Éirinn. Féadfar go n-athrófar sócmhainní CSTanna an Bhainc de thoradh oibriúcháin iasachtaithe an CAI nó de thoradh malartuithe CSTanna ar Airgead Eachtrach leis an CAI é féin, baill CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CST. Féadfar go n-athrófar sealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Sheasamh Chúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc glan ar leithdháileadh CST (Nóta 11).

Nóta 27: Dlíteanas a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc Euro laistigh den Eurochóras

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc vis-à-vis an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a eisíodh go hiarbhír ag an mBanc agus a scair scála capítail d'eisiúint iomlán an Eurochórais. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv) agus Nóta 22.

Nóta 28: Dlíteanas Eile laistigh den Eurochóras

Is ionann an mhír seo agus glandlíteanas an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh thar chóras TARGET2 ag gach BCN atá rannpháirteach sa CEBC. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).

Nóta 29: Dlíteanas eile

	2010	2009
	€000	€000
Taisce AIB cpt/ICAROM (Nóta 20)	366,371	613,994
Leithghabháil Brabúis & Caillteanas (i)	671,029	704,867
Cuntais Cosanta Taiscí (ii)	537,900	608,262
Fabhruithe Úis	201,001	105,212
Fabhruithe Eile	9,603	7,223
Eile	27,946	6,410
Iomlán	1,813,850	2,045,968

- (i) Is ionann é seo agus an t-iarmhéid breise ioncaim is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 9). Léiríonn figiúr 2009 íocaíocht ar chuntas arb ionann agus €40.6 milliún a íocadh in 2008 as ar eascair iarmhéid €704.8 milliún b'iníoctha in 2009. (Nóta 9)
- (ii) Is iarmhéideanna iad seo a chuireann institiúidí creidmheasa leis an mBanc mar chuid de Scéim Cosanta Taiscí na hÉireann (IDPS) faoi *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí)*, 1995. Tá an IDPS á mhaoiniú ag institiúidí creidmheasa, atá údaraithe ag an mBanc.

Nóta 30: Forálacha

Coinníodh na forálacha seo a leanas an 31 Nollaig 2010:

	2010	2009
	€000	€000
Riosca contrapháirtí oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (i)	28,135	51,133
Nótaí punt neamhfhuascailte (ii)	8,043	882
Iomlán	36,178	52,015

- (i) Sa bhliain 2008, bheartaigh Comhairle Rialaithe an BCE soláthar a dhéanamh i gcoinne riosca contrapháirtí in oibríochtaí beartais airgeadaíochta. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, déanfar an soláthar sin a leithdháileadh ar bhainc cheannais náisiúnta (BCN) na mBallstát atá páirteach ann i gcomhréir lena scála scaireanna suibscríofa caipitil sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain. I gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus i bhfianaise oiriúnacht phrionsabal ginearálta na stuamachta, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí an tsuim iomlán a laghdú ó €4,011 milliún an 31 Nollaig 2009 agus go dtí €2,077 milliún an 31 Nollaig 2010. Is ionann scair an Bhainc sa soláthar seo agus €28.1 milliún (2009: €51.1 milliún), atá coibhéiseach le 1.2748 faoin gcéad den soláthar iomlán. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, léirítear an coigeartú ar an soláthar sa chuntas brabúis agus cailteanais de chuid bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát atá páirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE a bhí i réim in 2008. I gcás an Bhainc, b'ionann an tsuim choigeartaithe a d'éascair as agus €23.0 milliún in 2010 (Note 6(ii)).
- (ii) Stad nótaí bainc Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc de bheith ina ndlíthairiscint le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arb ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, rinneadh soláthar do €60 milliún chun dualgais a chomhlíonadh maidir le nótaí punt neamhfhuascailte. An 31 Nollaig 2010, b'ionann an soláthar sin agus €8.0 milliún (2009: €0.9 milliún) tar éis €10.0 milliún a aistriú ó bhrabúis an Bhainc don bhliain 2010 chuig an soláthar, a bhí laghdaithe le linn na bliana (Nóta 33(iii)).

Nóta 31: Cuntais Athluachála

	2010	2009	Glanghluaiseacht
	€000	€000	€000
Ór	156,231	100,414	55,817
Airgeadra Eachtrach	19,603	6,755	12,848
Urrúis agus Ionstraimí Eile	54,437	98,024	(43,587)
Iomlán	230,271	205,193	25,078

Nóta 31: Cuntais Athluachála (ar lean)

Is iad seo a leanas na rátaí airgeadra a úsáidtear *vis-à-vis* an euro do na luachálacha ag deireadh na bliana:

	2010	2009
Airgeadra	Ráta	Ráta
Dollar SA	1.3362	1.4406
Yen na Seapáine	108.6500	133.1600
Sterling	0.8608	0.8881
Franc na hEilvéise	1.2504	1.4836
Krone na Danmhairge	7.4535	7.4418
Krona na Sualainne	8.9655	10.2520
Dollar Cheanada	1.3322	1.5128
CST	0.8642	0.9186
Ba iad seo a leanas na praghsanna óir:		
Euro an unsa mhín	1,055.4180	766.347

Nóta 32: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i)	Cúlchiste Ginearálta	Cúlchiste Airgeadra (iii)	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
An 31 Nollaig 2009	30	1,179,801	351,648	1,531,479
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	–	191,561	–	191,561
An 31 Nollaig 2010	30	1,371,362	351,648	1,723,040

- (i) Socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal eisithe agus láníoctha atá ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarhmhéid iníoctha mar a d'aontaigh an Coimisiún agus an tAire.
- (ii) Faoi Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Barrachas Ioncaim), 1943, cheadaigh an Coimisiún €21.7 milliún a aistriú ón gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Cailteanais chuig an gCúlchiste Ginearálta, lena n-áirítear glanhnóthachan achtúireach a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála (Nóta 34 (ii)).
- (iii) Rinneadh athaicmiú ar an gcuid den Chúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Bonn agus tuairiscítear air i Nóta 24: Dlíteanais in Euro do Chónaitheoirí eile sa Limistéar Euro. Islíodh an figiúr don bhliain 2009 faoi €3.4 milliún chun an t-athaicmiú sin a chur san áireamh.

Nóta 33: Dlíteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dlíteanais Theagmhasacha

(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta

Coinníonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, a bhfuil 2,564 acu láníochta. Tá dlíteanas teagmhasach ar an mBanc maidir leis an iarmhéid (Nótaí 5(ii) agus 20(i)).

(ii) Sócmhainní Caipítíl agus Cúlchistí Eachtracha chuig an BCE

Faoi Reacht CEBC, féadfar go nglaofar ar an mBanc amach anseo, mar aon le BCN páirteacha eile, chun méideanna breise caipítíl a aistriú (Alt 28) agus sócmhainní cúlchistí eachtracha (Alt 30) chuig an BCE.

(iii) Nótaí Puint

Tá dlíteanas teagmhasach ar an mBanc maidir le nótaí puint nach bhfuil ina ndlíthairiscint a thuilleadh agus a d'fhéadfaí a chur i láthair ag dáta sa todhchaí (bhí €299.7 milliún fós amuigh an 31 Nollaig 2002). An 31 Nollaig 2010, bhí €237.7 milliún nótaí puint fós amuigh (Nóta 30(ii)).

Ceangaltais

(i) Léasanna Oibriúcháin

I mí Iúil 2008, rinne an Banc comhaontú léasa 25 bliain maidir le cóiríocht oifige ag Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Is ionann agus €2.3 milliún an íocaíocht bhliantúil ciosa faoi léas oibriúcháin nach féidir a chealú.

Ina theannta sin, rinne an Banc léas 4 bliana i mí na Samhna 2010, do chóiríocht i gCúirt Úibh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.5 milliún an íocaíocht bhliantúil chiosa faoin léas oibriúcháin seo.

(ii) Caipíteal Suibscríofa an BCE

An 29 Nollaig 2010, mhéadaigh an BCE a chaipíteal suibscríofa faoi €5,000 milliún go dtí €10,761 milliún. Ceanglaítear ar na BCN i dtíortha an limistéir euro a gcaipíteal méadaithe a íoc i dtír thráthchuid bhliantúla. D'íoc an Banc an chéad tráthchuid arb ionann agus €18.5 milliún an 29 Nollaig 2010 agus tá de cheangal air an dá thráthchuid eile íoc in 2011 agus 2012.

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsean le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsean comhaltaí foirne a bhíodh agus atá ag obair don Bhanc. Faoin scéim seo, faigheann foireann an Bhainc na teidlíochtaí céanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Cuirtear an Scéim i bhfeidhm ar bhonn neamh-ranníocach do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, ach amháin na ranníocaíochtaí do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus íocaíochtaí arna bhfáil ó fhoireann incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníochta freisin maidir leis an bpríomhscéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhlíteanais pinsean an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003*) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní maoine a cheannach. Cuirtear síos ar luacháil shócmhainní an chiste an 31 Nollaig 2010 i gcuid (v) den nóta seo.

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le sochair a sholáthar de réir na gCairdeán um Thuairisciú Airgeadais ("FRS") 17 "Sochair Scoir".

Tugadh athbhreithniú achtúireach iomlán chun críche amháil ar an 31 Nollaig 2009 chun ceanglais nochta faoi FRS 17a chomhlíonadh.

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(i) Méid gearrtha ar an gCuntas Brabús agus Cailteanais/Cúlchiste Airgeadra**

	Brabús agus Cailteanas 2010	Cúlchiste Airgeadra 2010	Iomlán 2010	2009
	€000	€000	€000	€000
Toradh Measta ar Shócmhainní	13,586	–	13,586	10,089
Ús ar Dhilteanais na Scéime Pinsean	(21,910)	(175)	(22,085)	(22,453)
Costas Seirbhíse Reatha	(9,347)	(85)	(9,432)	(9,575)
Iarchostas Seirbhíse	(720)	–	(720)	–
Fo-iomlán	(10,067)	(85)	(10,152)	(9,575)
Iomlán costas pinsean na scéime sochair sainithe	(18,391)	(260)	(18,651)	(21,939)

(ii) Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsean

An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig	2010	2009	2008
	€000	€000	€000
Gnóthachan achtúireach ar an dliteanas pinsin	8,811	28,666	72,856
Gnóthachan/(cailteanas) ar shócmhainní plean	12,894	(678)	3,549
Iomlán	21,705	27,988	76,405

Amhail ar an 31 Nollaig 2010 b'ionann an cailteanas carnach achtúireach sa Chuntas Leithghabhála agus €4.3 milliún do thréimhsí cuntasaochta dar tús an 31 Nollaig 2004 nó dá éis.

(iii) Aithint an Chláir Comhardaithe

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chlár comhardaithe:

An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig	2010	2009	2008
	€000	€000	€000
Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó páirtmhaoinithe	(392,615)	(377,004)	(382,927)
Luach cóir shócmhainní an phlean	443,876	414,611	404,657
Glansócmhainn/(Glandilteanas)	51,261	37,607	21,730

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime**

	2010	2009	2008
	€000	€000	€000
Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(377,004)	(382,927)	(424,950)
Costas Seirbhíse Reatha	(9,432)	(9,575)	(12,537)
Iarchostas Seirbhíse	(720)	–	–
Pinsin Iníoctha	11,387	11,830	8,250
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(2,809)	(2,545)	(2,582)
Aistrithe Faighte	(763)	–	–
Ús ar Dhilteanais na Scéime Pinsean	(22,085)	(22,453)	(23,964)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Taithí	27,460	28,666	(2,059)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Luachála Dlítean	(18,649)	–	74,915
Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime	(392,615)	(377,004)	(382,927)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2010	2009	2008
	€000	€000	€000
Luach cóir tosaigh shócmh. an phlean (luach tairisceana)	414,611	404,657	400,000
Toradh Measta	13,586	10,089	–
Gnóthachan/(cailteanas)	12,894	(678)	3,549
Ranníocaíocht an fhostóra	10,600	9,828	2,480
Ranníocaíocht an fhostaí	2,809	2,545	657
Pinsin íoctha	(11,387)	(11,830)	(2,029)
Aistrithe Faighte	763	–	–
Luach deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)	443,876	414,611	404,657

(vi) Boinn Tuisceana Airgeadais

	2010	2009
	%	%
Ráta lascaine	5.50	5.75
Toradh measta ar shócmhainní	5.00	3.26
Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin	3.50	3.50
Ráta méadaithe na bpinsean	3.50	3.50
Ráta phraghas an bhoilscithe	2.00	2.00

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(vii) Toimhdí Déimeagrafacha**

	2010	2009
Básmhaireacht Réamhscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Básmhaireacht Iar-scoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Liúntas d'fheabhsúcháin i mbásmhaireacht sa todhchaí	Sea	Sea
Scoir	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 spréite go cothrom (dóibh siúd le rogha scor ag 60)	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 spréite go cothrom (dóibh siúd le rogha scor ag 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Scor Luath	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir céilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile

* Is éard atá i PMA92/PFA92 táblaí básmhaireachta foilsithe ullmhaithe do Ghairm na hAchtúireachta sa Ríocht Aontaithe ag an mBiúró um Imscrúdú ar Bhásmhaireacht Leanúnach. Tá na toimhdí básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn básmhaireacht thipiciúil pinsinéirí agus aon liúntas d'ionchas saoil ag méadú thar am.

(viii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Ba é seo a leanas an Toradh Réamh-mheasta ar Shócmhainní agus Leithdháileadh Sócmhainní amhail ar an 31 Nollaig 2010:

Aicme	Toradh	Dáileadh	
	Measta	Dáileadh	Fadtéarmach
	%	%	%
Urrúis	7.5	50.5	50.0
Ús Seasta/Airgead Tirim	2.5	49.5	50.0
	5.0	100.0	100.0

Rinneadh na sócmhainní a athchothromú chuig an dáileadh 50%/50% seo go luath in 2011. Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean a chinneadh bunaithe ar an meán-toradh ionchais ualaithe ar na haicmí bunsócmhainne

Nóta 34: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(ix) Costais Chomparáideacha na Bliana Roimhe sin**

Is é seo a leanas an méid don thréimhse reatha agus an dá thréimhse roimhe:

An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig	2010	2009	2008
	€000	€000	€000
Dualgas maidir le sochar sainithe	(392,615)	(377,004)	(382,927)
Luach cóir shócmhainní an phlean	443,876	414,611	404,657
Barrachas/(Easnamh) sa phlean	51,261	37,607	21,730
Coigeartú a bhrath ag éirí ar			
- dhlíteanais an phlean	27,460	28,666	(2,059)
<i>Mar chéatadán de dhlíteanais na scéime</i>	7.0%	7.6%	(0.5%)
- shócmhainní an phlean	12,894	(678)	3,549
<i>Mar chéatadán de shócmhainní na scéime</i>	2.9%	(0.2%)	0.9%

(x) Ranníocaíochtaí Réamh-mheasta don Phlean don Thréimhse dar Chríoch an 31 Nollaig 2011

Tá na meastacháin seo a leanas maidir le ranníocaíochtaí ionchais bunaithe ar phlé leis an mBanc agus tá siad bunaithe ar bhallraíocht reatha agus rolla tuarastail rannpháirtithe an phlean.

31 Nollaig 2011

	€000
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	12,100
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	3,200
Iomlán	15,300

Nóta 35: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tagann rioscaí airgeadais chun cinn ar chlár comhardaithe an Bhainc mar thoradh ar a ról reachtúil, mar chuid lárnach den earnáil airgeadais infíre agus mar chuid de chóras banc ceannais an Eurochórais araon. Ar na rioscaí sin, áirítear rioscaí creidmheasa, margaidh agus airgeadra.

Tá próisis um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hÉireann chun rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shoiléire riosca agus faoi threoir beartas bainistíochta riosca an Eurochórais i gcás inarb iomchuí.

Tugann foirne agus coistí speisialtóireachta tacaíocht don ardbhainistíocht chun a chinntiú go leantar leis na caighdeáin agus na bearta aontaithe. Go háirithe, déanann an Coiste Riosca Feidhmiúcháin maoirseacht ar bhainistíocht riosca i ndáil le gníomhaíochtaí baincéireachta ceannais an Bhainc.

Riosca Creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann cailteanas a eascraíonn as mainneachtain an iasachtaí, an eistheora, an chontrapháirtí nó an chustaiméara cloí lena oibleagáidí airgeadais don bhanc. Bíonn an Banc nochta do riosca creidmheasa i mbainistiú a shócmhainní infheistíochta, in oibríochtaí beartais airgeadais arna reáchtáil thar ceann an Eurochórais, agus i ndáil le tacaíocht leanúnach leachtachta don earnáil baincéireachta náisiúnta.

Déantar an riosca creidmheasa i bpananna infheistíochta an Bhainc a rialú le córas teorainneacha atá bunaithe go príomha ar rátálacha creidmheasa seachtracha arna soláthar ag Fitch and Moody's. Maolaítear an nochtadh creidmheasa le próifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc arna dtreorú ag beartas infheistíochta atá cuíosach coimeádach agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí comhthaobhachtaithe.

Nóta 35: Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

Déantar rialú ar riosca creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais trí critéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirithe a chur i bhfeidhm agus trí bhíthin fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC, a chinntíonn go raibh gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú, cuirtear i bhfeidhm critéir dhochta incháilitheachta trí chreat measúnaithe do chreidmheas an Eurochórais (CMCE) agus bearta rialaithe riosca lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Déantar an riosca creidmheasa do Bhanc Ceannais na hÉireann a eascraíonn ó oibríochtaí an Eurochórais a mhaolú tuilleadh le modh comhroinnte cailteanas an chórais a dháileann aon chailteanas a eascraíonn ó oibríochtaí beartais airgeadaíochta i gcomhréir le scála caipitil na mBanc Ceannais Náisiúnta.

Riosca creidmheasa a bhaineann le tacaíocht eisceachtúil leachtachta a sholáthar don earnáil baincúireachta intíre, déantar é a bhainistiú trí chur chuige atá cosúil leis an gceann a úsáidtear d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur i bhfeidhm, eadhon ceanglas don chomhthaobhacht atá faoi réir ciorruithe luachála i gcoitinne. Déantar an riosca seo a mhaolú tuilleadh le slánaíochtaí ón Stát.

Riosca Margaidh

Sainmhínítear riosca margaidh mar chailteanas a éiríonn as athruithe ar thosca riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtearraí agus raon difríochta creidmheasa. Tá an Banc nocht do riosca margaidh go príomha trína íogaire i leith ráta úis a shócmhainní infheistíochta. Féadtar nochtadh áirithe a thabhu freisin ar rátaí malairte agus athruithe ar thosca an mhargaidh airgeadais, amhail leachtacht roinnt ionstraimí ioncaim.

Déantar riosca margaidh a bhainistiú i Stiúrtóireacht Oibríochtaí Airgeadais an Bhainc laistigh de pharaiméadair ardleibhéal bainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún chomh maith le socrúithe tuairiscithe do phríomhtháscairí riosca. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i gcoibhneas leis na bearta sin a fhíorú agus déanann an fheidhm neamhspleách bainistíochta riosca tuairiscíú air. Tá an Banc nocht do riosca ráta úis ina phunann infheistíochta marcáil ón margadh. Luaitear tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil le sócmhainní infheistíochta trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca margaidh (ráta úis) phunanna marcáil ón margadh Bhanc Ceannais na hÉireann a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe. Le marthanacht leasaithe, déantar tomhas ar íogaire luach na punainne infheistíochta d'athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR) mar thomhas forlíontach ar riosca ráta úis phunanna an Bhainc.

Riosca Airgeadra

I gcomhthéacs an limistéir euro agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs an easpa idirghabhála malairte eachtraí, laghdaíodh sealúchais shócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc chuig an íosmhéid, ag féachaint do na hoibleagáidí Eurochórais eile. Déantar athbhreithniú ar dháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla agus modheolaíochtaí eimpíreacha, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2010, bhí punanna arna n-ainmniú in euro agus i ndollar SA (fálaithe i gcoinne an euro) á mbainistiú ag an mBanc.

Nóta 36: An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998

Faoi Alt 10 den *Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí*, 1998, bhunaigh agus chláraigh an Banc 'An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta', cuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Riarann an Chuideachta an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliant de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh. Cuireann an Banc seirbhísí riaracháin agus eile ar fáil don Chuideachta, a ngnóthaítear a gcostais ón gCuideachta. Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

Nóta 37: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadraí Eachtracha

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe Airgeadraí an 31 Nollaig 2010:

	Ceannacháin Neamhaibithe	Díolacháin Neamhaibithe	Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe
‘000s d’aonaid airgeadra			
Euro	484,282	–	484,282
Dollar na SA	–	(671,000)	(671,000)

Bhí gach conradh aibithe faoin 13 Eanáir 2011.

Nóta 38: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Ba iad seo a leanas conarthaí neamhaibithe in urrúis an 31 Nollaig 2010:

	Ceannacháin Neamhaibithe	Díolacháin Neamhaibithe	Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe
‘000s d’aonaid airgeadra			
Euro	685,625	(456,064)	229,561
Dollar na SA	54,263	–	54,263

Bhí gach conradh aibithe faoin 6 Eanáir 2011.

Nóta 39: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairsealbhóir aonair, agus do rannóga agus comhlachtaí eile stáit.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2010:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint bonn;
- clár urrús Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

- (ii) Mar bhall páirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCN eile agus leis an BCE.

Nóta 40: Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Clár AE-CAI

D'aontaigh Rialtas na hÉireann an 28 Samhain 2010 go gcuirfeadh baill an AE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) tacaíocht airgeadais arb ionann a luach agus €85.0 billiún ar fáil d'Éirinn. Is ionann agus €17.5 billiún ranníocaíocht an Stáit i ndáil leis an gclár comhionann agus is ionann an tacaíocht sheachtrach agus €67.5 billiún. Tá ról oibríochtúil ag an mBanc i riar an chláir.

Comhaontú Saoráide Malairte Euro/Steirling

An 17 Nollaig 2010, d'fhógair an BCE agus Banc Shasana saoráid shealadach malairte leachtachta, trína bhféadfadh Banc Shasana GBP 10.0 billiún a chur ar fáil don BCE, dá mba ghá, mar mhalairt ar euro go huasteorainn 10.0 billiún. Rachaidh an comhaontú seo in éag ag deireadh Mheán Fómhair 2011. Faoin gcomhaontú seo, féadfar punt steirling a chur ar fáil don Bhanc mar bheart réamhchúraim, ar mhaithe le freastal ar riachtanais leachtachta an chórais baincéireachta san airgeadra sin. Amhail ar dháta fhoilsiú na gcuntas, bhain institiúid chreidmheasa amháin leas as an tsaoráid seo.

Bannaí Úsáide Féin

I mí Eanáir 2011, d'eisigh roinnt institiúidí creidmheasa bannaí a choinníonn siad dá n-úsáid féin. D'údaraigh an BCE úsáid na mbannaí seo in ionad comhthaobhachta nach bhfuil incháilithe a thuilleadh i gnáthoibríochtaí an Eurochórais. Is ar an mBanc a thitfidh rioscaí, más ann, a bhaineann le hiasachtú d'institiúidí creidmheasa i gcás ina n-úsáidtear na bannaí sin mar chomhthaobhacht (i.e. ní bheidh feidhm ag an meicníocht um chomhroinnt cailteanais atá i bhfeidhm maidir le hoibreoírí Eurochórais eile). Mar atá i gceist le CLE, déantar riosca creidmheasa don Bhanc i ndáil le hoibríochtaí comhaontuithe athcheannaigh ar na bannaí seo a mhaolú go praiticiúil le ratháíocht an Rialtais a mhéid atá na bannaí seo eisithe faoin Scéim Ráthaíochta Dlíteanais Incháilithe.

Nóta 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

Is í seo a leanas achoimre ar ioncam agus ar chaiteachas na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010 maille le comparáidí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009.

Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais - Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2010

		2010	2009
		€000	€000
Maoiniú Tionscail			
Institiúidí Creidmheasa		21,152	18,579
Gnóthais Árachais		7,595	5,278
Idirghabhálaithe		2,489	2,242
Urrúis agus Gnólachtaí Infheistíochta		3,213	2,042
Comhscéimeanna Infheistíochtaí agus Soláthraithe Seirbhíse		4,165	4,207
Comhair Chreidmheasa		1,439	1,431
Iasachtóirí Airgid		298	244
Forais Ghairmiúla Fhaofa		35	5
Malairtí		150	150
Bureaux de Change/Aistritheoirí Airgid		136	95
Cúlú Tithe & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola		236	251
Institiúidí Seirbhísí Íocaíochta		676	–
Maoiniú Iomlán		41,584	34,524
Soláthar/Díscríobh	(i)	(1,126)	(182)
Lúide Soláthar d'aisíocaíochtaí le heintitis chúlghairithe	(ii)	145	–
Lúide Soláthar do Ró-íocaíochtaí	(iii)	294	(294)
Glanmhaoiniú Tionscail	(i)	40,897	34,048
Barrachas/(Easnamh) de Chaiteachas thar Ioncam don bhliain roimh ré		1,295	(517)
Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann	(iv)	32,709	27,300
		74,901	60,831
Ilghnéitheach	(v)	199	715
Ioncam Eile	(vi)	735	872
Ioncam Iomlán		75,835	62,418
Caiteachais			
Caiteachais Dhíreacha	(vii)	43,955	39,248
Seirbhísí	(viii)	27,765	21,003
		71,720	60,251
Caiteachais Eile	(vi)	735	872
Caiteachais Iomlána		72,455	61,123
Barrachas/ (Easnamh)/ d'ioncam thar Chaiteachas Tugtha ar aghaidh	(ix)	3,380	1,295

Nóta 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(i) Glanmhaoiniú Tionscail agus Leithdháileadh Soláthair**

Áirítear Glanioncam Tionscail i Nóta 7: Ioncam Eile. Cuimsíonn an figiúr seo tobhaigh arna ngearradh ar na catagóirí tionscail thuas (glan ar achomhairc agus coigeartuithe) faoi Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú) agus ioncam eile i ndáil le táillí agus muirir. Fritháiríodh suim €1.1 milliún i ndáil le soláthairtí/nithe díscríofa i gcoinne an ioncaim iomláin maoiniúcháin chun an Glanmhaoiniú Tionscail a ríomh don bhliain 2010. Léiríonn an soláthar méadaithe ó 2009 gur cuireadh moill cúpla mí, le comhaontú an Aire Airgeadais, ar an bpróiseas tobhaigh in 2010 ionas go bhféadfaí aon athstruchtúrú ar ghníomhaíochtaí rialála airgeadais a chur san áireamh. Táthar sa tóir ar aon tobhaigh gan ioc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

Is iad seo a leanas na soláthairtí/an díscríobh:

	2010	2009
	€000	€000
Soláthar Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíochta	481	378
Lúide Soláthairtí na Bliana Roimhe sin	(169)	(79)
Méadú an tsoláthair do 2010	1,126	182
Soláthar Deiridh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíochta	1,438	481

(ii) Foráil do réamhíocaíochtaí le heintitis chúlghairthe

Mar chuid de bhreithniú leathan ar cheisteanna maoiniúcháin a rinneadh in 2007 agus in 2008, tugadh faoi deara, gur bhain na Rialacháin um Maoiniú Bliantúil go stairiúil le heintitis "rialáilte". Dá bhrí sin, d'fhéadfadh eintiteas ar cúlghaireadh a údarú le linn na tréimhse sular tháinig na Rialacháin i bhfeidhm a áitiú go réasúnta nach raibh sé faoi réir an tobhaigh don bhliain a bhí i gceist, toisc gur éirigh sé as a bheith ina eintiteas rialáilte ar an dáta ar cúlghaireadh a údarú. Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht, cinneadh cuireadh a thabhairt do na heintitis seo iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht ar an tobhach a íocadh sa bhliain inar cúlghaireadh a údarú. Tugadh cuireadh do na heintitis go léir a ndearnadh dífead d'íocaíochtaí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar a gcás. Rinneadh próiseáil ar iarratais ar aisíocaíochtaí ó eintitis a cúlghaireadh agus cuireadh i bhfeidhm ús ar na haisíocaíochtaí a rinneadh. Is éard atá sa chuntas soláthair d'aisíocaíochtaí ó eintitis a cúlghaireadh an bhreis ar an soláthar tosaigh do na haisíocaíochtaí sin arb ionann agus €250,000 i gcomparáid leis na haisíocaíochtaí iomlána (lena n-áirítear ús) arb ionanniad agus €104,607 leis na heintitis sin.

(iii) Soláthar do Ró-íocaíochtaí

In earrach na bliana 2009, bhí roinnt craobhghníomhairí d'institiúid chreidmheasa tar éis róshonrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialáilte, mar a d'fhógair an Rialtóir Airgeadais sa tréimhse 2004 go 2009 toisc go raibh míthuiscint ann faoi chineál an ioncaim a bhí le háireamh sa dearbhú sin. Próiseáladh éilimh ar aisíocaíochtaí agus fuarthas iad i ndáil leis an mbliain 2009 agus íocadh iad sa bhliain sin fad a rinneadh soláthar €294,000 i ndáil le haisíocaíochtaí a bhain leis an tréimhse 2004 go 2008. Tá cuntas á dhéanamh den soláthar seo ó tharla gur cuireadh aisíocaíochtaí ábhartha go feadh an méid €185,579 mar chaiteachais.

(iv) Fóirdheontas ó Banc Ceannais na hÉireann

Le comhaontú an Aire Airgeadais, ó 2007 seasadh tuairim is 50 faoin gcéad de chostais iomlána an Rialtóir Airgeadais trí tobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Cuireann Banc Ceannais na hÉireann an t-iarmhéid de na costais iomlána bhliantúla ar fáil de réir Alt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú). Ó 2007, sheas an Banc, le faomhadh an Aire airgeadais, an costas iomlán ar ghníomhaíochtaí maoirseachta urrúis mhargaidh arna réachtáil laistigh den eagraíocht. Eisíodh na costais seo, arb ionann iad agus €4.0 milliún ó na glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint don tionscal in 2010. De bhreis air sin, faoi fhorálacha na Rialachán um Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Alt 33J) 2010, gearradh tobhach forlíontach ar institiúidí creidmheasa arna gclúdach ag an Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) a ceapadh chun 100 faoin gcéad de chostais a fháil ar ais den leibhéal níos déine maoirseachta ba ghá chun a chinntiú go mbeadh na hinstiúidí creidmheasa iomchuí ag comhlíonadh fhorálacha na Scéime.

Nóta 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(v) Ilghnéitheach**

Léiríonn an mhír seo:

- Ranníocaíocht €150,000 ó eintiteas rialáilte faoi chomhair an chostais ar iniúchadh a rinne tríú páirtí thar ceann an Bhainc; agus
- Aisghabháil costas €49,000 arna dtabhú i ndáil le hiarratas ar an gcúirt chun Riarthóir a cheapadh ar eintiteas rialáilte.

(vi) Ioncam Eile/Caiteachais Eile

In 2010, bhailigh Stocmhalartán na hÉireann €0.735 milliún i dtáillí iníoctha leis an mBanc i gcomhréir le Rialachán 109 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005, agus le Rialachán 78 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007. I gcomhréir le Cuid 17(h) den Treoir maidir le Réamheolaire agus leis an Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh, dheimhnhigh an Banc i gcomhaontuithe tarmhigin le Stocmhalartán na hÉireann go bhféadfadh sé suim €0.735 milliún a choinneáil faoi chomhair na gcostas a thabhaigh sé le linn dó na feidhmeanna faoi na comhaontuithe tarmhigin a chomhlíonadh.

(vii) Caiteachais Dhíreacha

	2010	2009
	€000	€000
Tuarastail/Liúntais	29,954	26,727
ÁSPC	2,114	1,813
	32,068	28,540
Soláthar Pinsean	3,937	3,832
Caiteachais Foirne	36,005	32,372
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	383	252
Trealamh, Stáiseanáireacht & Riachtanais	329	295
Taisteal Gnó	669	496
Foilseacháin & Fógraíocht Tomhaltóirí	690	570
Táillí Gairmiúla	4,979	5,034
Ilghnéitheach	900	229
Caiteachais Oibríochta Neamhphá	7,950	6,876
Caiteachais Dhíreacha	43,955	39,248

B'ionann an tsuim iomlán do tháillí gairmiúla a tabhaíodh i leith imscrúduithe éagsúla ar institiúidí airgeadais cumhdaithe agus €1.4 milliún. Aisghabhadh na táillí go léir ó na hinstitiúidí airgeadais iomchuí agus áiríodh iad faoi Mhaoiniú Institiúidí Creidmheasa Tionscail.

Nóta 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(viii) Seirbhísí**

Áirítear costais i leith seirbhísí i Nóta 8.

Faigheann na Stiúrtóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, acmhainní daonna, riarachán, cuntasáocht, iniúcháireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíocht faisnéise ó stiúrtóireachtaí seirbhísí tacaíochta de chuid an Bhainc. B'ionann costas na seirbhísí seo in 2010 agus €27.8 milliún (2009: €21.0 milliún).

Ríomhadh na costais seo trí mhodheolaíocht leithdháileadh costas a chur i bhfeidhm, ar costais iad a bhíodh á n-athbhreithniú roimhe seo ag sainchomhairleoirí neamhspleácha seachtracha. Tá an leithdháileadh bunaithe ar chleachtadh aitheanta tionscail a chuimsíonn spás urláir gafa, líon na ríomhairí pearsanta agus cuntas duine (líon foirne) de réir mar is cuí. Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas thuas:

	2010	2009
	€000	€000
Seirbhísí Corparáideacha, Áitribh san áireamh	11,853	10,089
Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	6,586	4,720
Acmhainní Daonna	3,313	1,930
Seirbhísí Eile	6,013	4,264
Iomlán	27,765	21,003

Ar na seirbhísí eile, áirítear seirbhísí dlí, cuntasáochta agus seirbhísí riaracháin eile.

(ix) Easnamh/Barrachas Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas

Is ionann é seo agus an t-easnamh sa líon tobhach a bhailigh an tionscal sa bhliain 2010 i gcomparáid le riachtanas maoiniúcháin don bhliain 2010. I gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe, tá an barrachas ioncaim i gcomparáid le caiteachas tugtha ar aghaidh agus coigeartaíodh méid na dtobhach tionscail do 2011 d'fhonn an barrachas seo a chur san áireamh.

Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 20 Bealtaine 2011.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam, faoi Acht an Bhainc Ceannais 1942, mar atá arna leasú leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ar Ráiteas Cuntas Bhainc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010. Cuimsítear na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Cailteanais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu. An creat um thuairisciú airgeadais a úsáideadh chun iad a ullmhú, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí Stiúirthóirí an Bhainc

Tá Stiúirthóirí an Bhainc freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugann siad léargas fíor, cothrom ar staid chúrsaí an Bhainc agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht idirbheart a áirithiú.

Freagracht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé an t-iniúchadh faoi threoir léirbhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíocht.

Cuireadh an t-iniúchadh seo i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon an Iniúchta a Rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhíonn i gceist le hiniúchadh, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an bhfaisnéisiú sna ráitis airgeadais chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhair, cibé acu trí chalaos nó trí mhíriltacht nó earráid eile. Áirítear sa mhéid seo:

- measúnú ar cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach;
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú; agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainiú. Má fheictear dom go bhfuil aon mhíriltacht nó neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí don tuarascáil seo.

Tuairm ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais, arna n-ullmhú go cuí ar an mbonn a thuairiscítear i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar, léargas fíor, cothrom ar staid chúrsaí an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhainc don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Banc leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a gCeanglaítear orainn a Thuariscíú ar bhonn Eisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil:

- má bhíonn aon chás ábhartha ann nach n-úsáidtear airgead chun na gcríoch atá beartaithe nó nach mbíonn na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú ; nó
- nach mbeidh gach faisnéis agus gach míniú a bhí ag teastáil uaim don iniúchadh; nó
- mura mbeidh an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhainc don bhliain ar ina leith a ullmhaítear na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais; nó
- mura léireofar sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBanc; nó
- má fheictear dom go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ina ndéanfar gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairiscíú agam i ndáil leis na nithe sin a thuariscítear go heisceachtúil.

John Buckley
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Bealtaine 2011

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha Chuig Coimisiún Bhainc Ceannais na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann (“an Banc) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010, a gcuimsítear iontu an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara 1 go dtí 42. Ullmhaíodh an Ráiteas Cuntas seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach ann.

Freagrachtaí comhaltaí an Choimisiúin agus na n-iniúcháirí faoi seach

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú agus, mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin, tá siad freagrach as Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir le Treoirlíne BCE maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuirisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais, agus más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

De bhun cheanglais Airteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ceapadh muidne le hiniúchadh a dhéanamh ar Ráiteas Cuntas Bhainc Ceannais na hÉireann. Bunaítear ár gcuid freagrachtaí mar iniúcháirí neamhspleácha le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Choimisiún an Bhainc mar chomhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus ní chun críche ar bith eile nó do dhuine ar bith eile. Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid orainn féin freagracht chun críche ar bith eile nó freagracht do dhuine ar bith eile a dtaispeántar an tuarascáil seo dó nó di nó do dhuine ar bith a gheobhaidh é ach amháin i gcás ina gcomhaontóimid a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Tugaimid daoibh ár dtuairim i dtaobh an dtugann an Ráiteas Cuntas léargas fíor, cothrom i gcomhréir le Treoirlíne BCE maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuirisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Maímid cibé acu an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhí riachtanach don iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas Cuntas ag teacht leis taifid chuntasaíochta. Tugaimid ár dtuairim freisin i dtaobh cibé acu ar choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta chuí. Ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhainc.

Bunús thuairim an iniúcháir

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta. Cuimsítear in aon iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus le faisnéisiú sna Ráitis Airgeadais. Cuimsítear ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus an Ráiteas Cuntas á ullmhú acu, agus cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm d’fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasamar a bheith riachtanach a fháil chun go mbeadh dóthain fianaise againn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíríteas ábhair, cibé acu trí chalois nó trí mhíriltacht nó earráid eile. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sa Ráiteas Cuntas.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann an Ráiteas Cuntas léargas fíor, cothrom, i gcomhréir le Treoirlíne BCE maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasáochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasáochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid chúrsaí an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus ar bhrabús don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasamar a bheith riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim gur choinnigh an Banc taifid chuntasáochta chuí. Tá Clár Comhardaithe agus Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais an Bhainc ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

20 Bealtaine 2011

T +353 1 224 6278 **F** +353 1 671 6561 www.centralbank.ie publications@centralbank.ie



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

**Bosca OP 559, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire
PO Box 559, Dame Street, Dublin 2, Ireland**